Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2026
(OR. en)

11693/26

Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0227(COD)

AGRI 580
AGRILEG 185
SEMENCES 55
PHYTOSAN 69
CODEC 1419

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle RIALACHÁN (AE) Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí san Aontas, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/2031 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE ón gComhairle agus Cinntí 2003/17/CE agus 2005/834/CE ón gComhairle (an Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí)

RIALACHÁN (AE) …/…
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an …

maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí san Aontas,
lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/2031 agus (AE) 2017/625
ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,
agus lena n-aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE ón gComhairle
agus Cinntí 2003/17/CE agus 2005/834/CE ón gComhairle
(an Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

1 IO C, C/2024/1583, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1583/oj.
2 IO C, C/2024/3674, 26.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3674/oj.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Aibreán 2024 (IO C, C/2025/3767, 17.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3767/oj), seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá rialacha maidir le hábhar atáirgthe plandaí (‘AAP’) a thagann ó bharra talmhaíochta, prátaí, glasraí, fíniúin agus plandaí torthaí a tháirgeadh agus a mhargú bunaithe ar leibhéal an Aontais ó bhí na 1960idí ann. Rialaítear táirgeadh agus margú AAP i gcríoch an Aontais le Treoracha 66/401/CEE[4], 66/402/CEE[5], 68/193/CEE[6], 2002/53/CE[7], 2002/54/CE[8], 2002/55/CE[9], 2002/56/CE[10], 2002/57/CE[11], 2008/72/CE[12] agus 2008/90/CE[13] ón gComhairle (‘na Treoracha maidir le AAP a mhargú’). Tá na Treoracha sin ina gcreat dlíthiúil maidir le AAP a tháirgeadh agus a mhargú agus dá bhrí sin bhain tábhacht an-mhór leo chun an margadh aonair in AAP a chruthú san Aontas.

---

4 Treoir 66/401/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol plandaí farae a mhargú (IO 125, 11.7.1966, lch. 2298, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1966/401/oj).

5 Treoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol gránach a mhargú (IO 125, 11.7.1966, lch. 2309, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1966/402/oj).

6 Treoir 68/193/CEE ón gComhairle an 9 Aibreán 1968 maidir le hábhar iomadaithe fhásúil na fíniúna a mhargú (IO L 93, 17.4.1968, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1968/193/oj).

7 Treoir 2002/53/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an gcatalóg choiteann de chineálacha speiceas plandaí talmhaíochta (IO L 193, 20.7.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/53/oj).

8 Treoir 2002/54/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol biatais a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/54/oj).

9 Treoir 2002/55/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol glasraí a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/55/oj).

10 Treoir 2002/56/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le prátaí síl a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/56/oj).

11 Treoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol plandaí ola agus plandaí snáithín a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 74, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/57/oj).

12 Treoir 2008/72/CE ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le hábhar iomadaithe agus plandaithe glasraí, seachas síol, a mhargú (IO L 205, 1.8.2008, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/72/oj).

13 Treoir 2008/90/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le hábhar iomadaithe plandaí torthaí agus plandaí torthaí a bheartaítear do tháirgeadh torthaí a mhargú (IO L 267, 8.10.2008, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/90/oj).

(2) Dearbhaíodh leis na measúnuithe tionchair a rinne an Coimisiún in 2013 agus in 2023 go raibh tionchar dearfach suntasach ag na Treoracha sin ar shaorghluaiseacht, infhaighteacht agus cáilíocht AAP ar mhargadh an Aontais, agus gur éascaigh siad trádáil AAP laistigh den Aontas dá réir sin.

(3) Mar sin féin, is gá na rialacha maidir le táirgeadh agus margú AAP a oiriúnú d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil i réimsí an táirgthe talmhaíochta, gairneoireachta, torthaí agus fíniúna agus an phóraithe plandaí. Thairis sin, is gá an creat reachtach a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn na n-athruithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta agus ar an taithí a fuarthas trí na Treoracha maidir le AAP a mhargú a chur i bhfeidhm. Is gá na rialacha sin a shoiléiriú chun cur chun feidhme níos comhchuibhithe a éascú. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán aonair maidir le AAP a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas a chur in ionad na dTreoracha maidir le AAP a mhargú.

(4) Is é AAP an t-ábhar tosaigh chun plandaí a tháirgeadh san Aontas. Dá bhrí sin, bíonn sé criticiúil chun amhábhar a tháirgeadh chun críoch bia agus beatha agus chun acmhainní plandaí a úsáid go héifeachtúil. Cuidíonn sé le cosaint an chomhshaoil agus le cáilíocht an tslabhra bia agus leis an soláthar bia san Aontas ina iomláine. Maidir leis sin, is cosúil go bhfuil infhaighteacht, ardcháilíocht agus éagsúlacht AAP thar a bheith tábhachtach chun an t-aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe a bhaint amach, rud a iarrtar i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol], agus don talmhaíocht, gairneoireacht, cosaint an chomhshaoil, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, slándáil bia agus beatha, agus an geilleagar i gcoitinne.

(5) Chun an t-aistriú sin chuig córais bhia inbhuanaithe a bhaint amach, ba cheart a chur san áireamh i reachtaíocht an Aontais, dá bhrí sin, an gá atá le hinoiriúnaitheacht tháirgeadh AAP do na hathruithe atá ag teacht ar dhálaí talmhaíochta agus comhshaoil a áirithiú, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide, chun éagsúlacht ghéiniteach na mbarr saothraithe a chosaint, a athbhunú agus a chur chun cinn, chun slándáil bia a áirithiú, chun nuálaíocht a spreagadh, agus chun ionchais mhéadaitheacha feirmeoirí agus tomhaltóirí a bhaineann le cáilíocht agus inbhuanaitheacht AAP a chomhlíonadh.

(6) Níor cheart a chumhdach le raon feidhme an Rialacháin seo ach AAP de ghéinis agus de speicis áirithe a bhfuil an-tábhacht eacnamaíoch agus shóisialta ag baint leo. Ba cheart an leibhéal tábhachta sin a chinneadh trí mheasúnú a dhéanamh ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann AAP nó barr na ngéineas agus na speiceas sin le réigiún suntasach táirgthe agus luacha san Aontas, cé acu atá nó nach bhfuil tábhacht shuntasach leo maidir le slándáil an táirgthe bia agus beatha san Aontas, agus ar cé acu a mhargaítear nó nach margaítear AAP na ngéineas agus na speiceas sin in dhá Bhallstát ar a laghad. D'fhéadfadh roinnt gnéithe teicniúla a bheith i gceist leis an réimse táirgthe agus luacha sin. Ag brath ar na cúinsí, d'fhéadfaí é a ríomh ar bhonn tosca amhail méid iomlán na talún táirgiúla i roinnt limistéir dhifriúla den Aontas, luach margaíochta AAP i ndáil le hearnálacha sonracha, nó na héilimh ar na géinis agus ar na speicis sin ó fheirmeoirí, ó úsáideoirí neamhghairmiúla agus ón tionscal.

(7) Ba cheart na géinis agus na speicis sin a liostú agus a aicmiú de réir na húsáide atá beartaithe dóibh, is é sin cé acu atá nó nach bhfuil siad beartaithe le haghaidh táirgeadh talmhaíochta, glasraí, torthaí, prátaí nó fíniúna. Is gá an t-aicmiú sin chun cur chuige comhréireach a áirithiú toisc nach mbaineann tábhacht le speicis áirithe ach le haghaidh úsáidí áirithe agus iad sin amháin.

(8) Ba cheart AAP a shainiú ar bhealach cuimsitheach lena n-áirítear gach planda nó gach cuid de phlandaí atá in ann plandaí iomlána, nó torthaí, glasraí nó barra eile, a tháirgeadh, nó atá beartaithe lena aghaidh sin. Ba cheart, dá bhrí sin, síolta a chumhdach leis an Rialachán seo freisin, mar aon leis na foirmeacha eile uile de phlandaí, is cuma cén staid fáis ina bhfuil siad, ar síolta iad atá in ann plandaí iomlána a tháirgeadh agus a bheartaítear lena aghaidh sin. Ba cheart a chumhdach leis freisin fréamhstoic agus codanna eile de phlandaí de ghéinis nó de speicis nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo nó a gcuid hibridí má tá ábhar na ngéineas nó na speiceas a chumhdaítear leis an Rialachán seo nó a gcuid hibridí beangaithe orthu nó má tá sé le beangú orthu.

(9) Níor cheart ábhar atáirgthe foraoise a chumhdach leis an Rialachán seo i ngeall ar a shaintréithe áirithe, agus na coincheapa agus an téarmeolaíocht an-difriúil atá i gceist leis. Ar an gcúis sin, tá ábhar atáirgthe foraoise faoi réir gníomh dlí ar leithligh, is é sin Rialachán (AE) 2026/1392 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

(10) Níor cheart AAP a bheartaítear chun críoch ornáideach a chumhdach leis an Rialachán seo, toisc gur thángthas ar an gconclúid, tar éis comhairliúchán leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, go gcumhdaítear riachtanais na hearnála sin go leormhaith i gcónaí le Treoir 98/56/CE ón gComhairle[15]. Mar sin féin, maidir le síolta atá beartaithe chun críoch scraithe féir, fiú má tá sé beartaithe chun críoch ornáideach amháin, ba cheart iad a chumhdach leis an Rialachán seo mar gheall ar a luach tábhachtach margaíochta agus mar gheall ar chleachtas seanbhunaithe na hearnála a cineálacha a chur faoi réir ceanglais tástála agus a AAP a dheimhniú.

---

14 Rialachán (AE) 2026/1392 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2026 maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/105/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise) (IO L, 2026/1392, 26.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1392/oj).

15 Treoir 98/56/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le hábhar iomadaithe plandaí ornáideacha a mhargú (IO L 226, 13.8.1998, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/56/oj).

(11) Níor cheart a chumhdach leis an Rialachán seo AAP atá beartaithe lena onnmhairiú chuig tríú tíortha, ná AAP nach n-úsáidtear ach amháin le haghaidh cigireachta, samplála nó tástála, go hoifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil, le haghaidh pórúcháin agus roghnúcháin, le haghaidh taispeántas nó chun críoch taighde nó eolaíoch eile. Is amhlaidh sin toisc nach gceanglaítear sainaitheantas ná caighdeáin cháilíochta chomhchuibhithe áirithe le haghaidh na gcatagóirí AAP sin agus toisc nach ndéanann siad dochar do shainaitheantas ná do cháilíocht AAP eile a mhargaítear san Aontas.

(12) Níor cheart a chumhdach leis an Rialachán seo AAP a aistrítear ar bhealach ar bith idir úsáideoirí neamhghairmiúla, bíodh sé saor in aisce nó ná bíodh. Bheadh sé díréireach rialacha a leagan amach maidir leis an úsáid sin a bhaint as AAP toisc nach ndéantar an cineál aistrithe sin de ghnáth ach le méideanna an-bheag, toisc nach mbaineann aon chríoch thráchtála leis agus toisc nach mbaineann sé ach le gníomhaíochtaí príobháideacha.

(13) Níor cheart a chumhdach leis an Rialachán seo AAP atá faoi réir conarthaí seirbhíse chun críoch próiseála, lena n-áirítear glanadh, dífhabhtú, cóireáil agus pacáistiú, nó chun críoch iompair nó stórála, ar choinníoll gur leis an táirgeoir i gcónaí an AAP. Is amhlaidh atá toisc go bhfanann an AAP sin faoi fhreagracht úinéir an AAP sin, a ráthaíonn sainaitheantas nó caighdeáin cháilíochta an AAP sin.

(14) Níor cheart a chumhdach leis an Rialachán seo AAP a aistrítear chuig bainc ghéinte nó uathu chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú chun baint amach an chuspóra sin a éascú. Is amhlaidh atá toisc nach dtáirgtear ná nach margaítear an AAP sin chomh forleathan sin go dtugann sé údar le ceanglais áirithe sainaitheantais agus cháilíochta a chur i bhfeidhm maidir leis.

(15) Níor cheart ábhar ilchineálach orgánach a chumhdach leis an Rialachán seo, ós rud é go bhfuil sé á rialáil cheana féin faoi Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16].

(16) Maidir le AAP a tháirgtear agus a mhargaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart dó na ceanglais ábhartha i Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] a chomhlíonadh. Rinneadh na ceanglais shonracha maidir le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais a rialáil roimhe seo sna Treoracha maidir le AAP a mhargú agus i Rialachán (AE) 2016/2031 araon. Tá na ceanglais sin cumhdaithe go hiomlán anois leis an Rialachán sin, áfach, agus, chun forluí neamh-inmhianaithe a sheachaint, níor cheart iad a rialáil sa Rialachán seo.

---

16 Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj).

17 Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj).

(17) Liostaítear Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, Mayotte, La Réunion agus Saint-Martin in Airteagal 355(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) faoi réir fhorálacha an Chonartha sin. Mar sin féin, is inmhianaithe go ndéanfadh na críocha sin AAP a mhargú lena dtríú tíortha comharsanachta, seachas leis an gcuid eile den Aontas, mar gheall ar a suíomh geografach ar leith agus a ndálaí talmhaíochta, éiceolaíocha agus aeráide ar leith. Chun críocha an Rialacháin seo, dá bhrí sin, ba cheart tagairtí do thríú tíortha a léamh mar thagairtí lena n-áirítear na críocha sin.

(18) Chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí cinntí eolasacha a dhéanamh, níor cheart AAP a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin má bhaineann sé le cineálacha atá cláraithe i gcláir náisiúnta cineálacha.

(19) Mar sin féin, is iomchuí, i gcás inarb infheidhme, fréamhstoic plandaí torthaí agus fíniúnacha a dhíolmhú ón gceanglas baint a bheith acu le cineál, toisc gurb amhlaidh, cé go mbaineann luach suntasach leo, go bhféadfadh sé nach dtagann siad faoin sainmhíniú ar chineál. Ba cheart feidhm a bheith ag an eisceacht sin freisin maidir le cásanna eile nach gá nó nach féidir leis an AAP lena mbaineann ceanglais maidir le sainaitheantas cineáil a chomhlíonadh.

(20) Chun aitheantas agus cáilíocht AAP a áirithiú, chomh maith le trédhearcacht lena gcuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí roghanna eolasacha a dhéanamh, ba cheart AAP, mar riail ghinearálta, a tháirgeadh nó a mhargú faoi chatagóirí réamhshainithe. Ba cheart na catagóirí sin a bheith ina léiriú ar chéimeanna difriúla den ghiniúint agus ar leibhéil cháilíochta dhifriúla, agus, ar bhonn na téarmeolaíochta atá bunaithe go hidirnáisiúnta, na téarmaí síolta 'réamhbhunúsach', 'bunúsach', 'deimhnithe' agus 'caighdeánach' agus ábhar 'réamhbhunúsach', 'bunúsach', 'deimhnithe' agus 'caighdeánach' a thabhairt orthu, i gcás AAP seachas síolta. Mar sin féin, ba cheart táirgeadh agus margú AAP gan baint a bheith aige le catagóir a cheadú i gcás nach gá nó nach féidir go mbainfidh an AAP sin le haon cheann de na catagóirí sin.

(21) Ceanglaítear leis na Treoracha maidir le AAP a mhargú agus leis an gcleachtas agus le caighdeáin idirnáisiúnta nach ndéanfar AAP a bhaineann le speicis áirithe, fréamhstoic fíniúna agus AAP de chlóin roghnaithe a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe agus mar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe i ngeall ar a dtábhacht ó thaobh na slándála bia agus beatha agus na próiseála tionsclaíche de agus chun leasanna na bhfeirmeoirí a úsáideann iad a chosaint. Ar an gcúis sin, níor cheart AAP a bhaineann le speicis áirithe, fréamhstoic fíniúna agus AAP de chlóin roghnaithe a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin sna catagóirí réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe má tá na costais lena dtáirgeadh agus lena margú comhréireach leis an gcuspóir maidir le AAP ar ardchaighdeán a áirithiú d'fheirmeoirí, don tslándáil bia agus beatha, nó má tá siad comhréireach leis an gcuspóir maidir le hardluach na próiseála tionsclaíche a áirithiú. Ba cheart na costais sin a bheith comhréireach leis na caighdeáin is airde a bhaint amach maidir le sainaitheantas agus le cáilíocht an AAP freisin i gcomhréir leis na ceanglais i ndáil le AAP réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe. Ba cheart, dá bhrí sin, liosta de na speicis sin a bhunú agus. amach anseo. a leasú de réir mar is gá.

(22) Ba cheart AAP de gach ceann de na catagóirí sin a tháirgeadh agus a mhargú i gcomhréir leis an gcaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme, chun an leibhéal is airde is féidir dá shainaitheantas agus dá cháilíocht a áirithiú agus chun bheith i gcomhréir leis na forbairtí is déanaí ar eolas eolaíoch agus teicniúil. Ba cheart a áireamh ar na caighdeáin sin Scéimeanna ECFE maidir le Deimhniú Cineáil nó Rialú ar Shíolta a bhíonn ag gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta ('Scéimeanna Síolta ECFE'), caighdeáin Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) maidir le prátaí síl, agus rialacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon maidir le clóin roghnaithe agus ábhar polaclónach.

(23) Ba cheart rialacha sonracha a bhunú maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe agus ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a tháirgeadh agus a mhargú agus ba cheart na caighdeáin idirnáisiúnta sin a léiriú iontu.

(24) Ba cheart comhlíontacht AAP leis na ceanglais maidir leis na catagóirí réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe a dhearbhú le cigireachtaí, le sampláil agus le tástáil, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tástáil ar dháileachtaí talún cóimheasa, arna déanamh ag na húdaráis inniúla ('deimhniú oifigiúil') nó, i gcás inarb infheidhme, ag an oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil ('deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil') agus ba cheart í a fhianú le lipéad oifigiúil.

(25) Ba cheart a bheith in ann, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ceanglais níos déine maidir le táirgeadh agus margú a leagan amach, ar ceanglais iad atá le bheith infheidhme i gcodanna áirithe de chríoch an Aontais má cheanglaítear sin leis na dálaí agra-aeráide, leis an mbaol go leathfaidh fiailí díobhálacha, mar shampla coirce fiáin, nó le dálaí agus riachtanais speisialta eile i limistéir áirithe. Tá ceanglais níos déine curtha i bhfeidhm ag roinnt Ballstát chun coirce fiáin a chosc. I gcomhréir le cinntí a ghlac an Coimisiún, cuireadh na ceanglais sin i bhfeidhm freisin maidir le síolta a mhargaítear san Aontas agus maidir le síolta arna n-allmhairiú. Chun cur isteach ar na modhanna táirgthe seanbhunaithe sna Ballstáit sin a sheachaint, ba cheart é a bheith indéanta na ceanglais níos déine sin a choinneáil ar bun, i gcás inarb iomchuí.

(26) Ba cheart don oibreoir gairmiúil comhlíontacht AAP leis na ceanglais maidir leis an gcatagóir chaighdeánach a dhearbhú agus ba cheart a chomhlíontacht leis na ceanglais sin a fhianú le lipéad oibreora.

(27) Ba cheart rialacha a bhunú freisin maidir le táirgeadh *in vitro* AAP de chlóin agus maidir lena mhargú ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as an gcleachtas sin san earnáil sin.

(28) Ba cheart don údarás inniúil tástálacha a dhéanamh ar dháileachtaí talún cóimheasa chun sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil luchtóg aonair síolta a fhíorú, cé is moite de luchtóga síolta de phlandaí torthaí agus d'fhíniúna. Ba cheart rialacha sonracha a leagan amach maidir leis na tástálacha sin ar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha, deimhnithe agus caighdeánacha, ar bhonn na gcaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme agus na taithí a fuarthas trí chur i bhfeidhm na dTreoracha maidir le AAP a mhargú.

(29) Ba cheart an deis a bheith ag oibreoirí gairmiúla údarú a fháil ón údarás inniúil chun gníomhaíochtaí deimhnithe áirithe a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil ar AAP a bhaineann le speicis agus catagóirí áirithe lena n-áirítear an lipéad oifigiúil a phriontáil agus a ghreamú. Ba cheart rialacha a leagan amach maidir leis an maoirseacht oifigiúil ag an údarás inniúil lena mbaineann agus maidir leis an údarú sin a tharraingt siar nó a mhodhnú. Is gá na rialacha sin chun a áirithiú go bhfeidhmíonn an córas um dheimhniú ina iomláine ar bhealach éifeachtach.

(30) Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na hacmhainní ag oibreoirí gairmiúla áirithe chun gníomhaíochtaí deimhnithe a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh go bhféadfaidh na húdaráis inniúla aon chéimeanna deimhnithe a dhéanamh freisin arna iarraidh sin d'oibreoirí gairmiúla.

(31) Chun íonacht agus aonchineálacht AAP a áirithiú, ba cheart AAP a choimeád ina luchtóga ar leithligh, agus é a dhealú ó ábhar eile nach ionann é agus AAP, amhail gráin le haghaidh bia nó beatha.

(32) I bhfianaise éagsúlacht mhór AAP, ba cheart d'oibreoirí gairmiúla AAP a mhargú ina luchtóga ina bhfuil plandaí aonair, pacáistí, cuacha nó coimeádáin, nó, i gcásanna áirithe, mar shíolta i mbulc. Ba cheart luchtóg a bheith aonchineálach maidir lena hinneachar agus ba cheart a huimhir thagartha luchtóige féin a bheith aici, chun a hinrianaitheacht a áirithiú. Ba cheart rialacha aonfhoirmeacha a leagan amach maidir le AAP a phacáistiú, a chuachadh agus a shéalú.

(33) Ba cheart rialacha a ghlacadh maidir le lipéadú AAP chun sainaithint iomchuí an tsíl nó an ábhair sin in aghaidh na catagóire agus cineálacha eile AAP a áirithiú trí fhianú na comhlíontachta leis na ceanglais lena mbaineann.

(34) I gcás síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe agus ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe, ba cheart d'údarás inniúil lipéad oifigiúil a eisiúint, agus i gcás síolta caighdeánacha nó ábhar caighdeánach, nó AAP nach mbaineann le haon chatagóir, ba cheart lipéad oibreora a eisiúint. Is gá sin chun idirdhealú a dhéanamh idir AAP atá faoi réir deimhnithe (deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil) agus AAP a tháirgtear faoi fhreagracht an oibreora ghairmiúil. Is é atá mar aidhm ag lipéad sonrach a eisiúint go n-éascófar leis na hoibreoirí gairmiúla agus leis na tomhaltóirí, a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh AAP ar chaighdeáin dhifriúla a roghnú, roghanna eolasacha a dhéanamh. D'éascódh an méid sin freisin obair na n-údarás inniúil maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh chun comhlíonadh cheanglais ábhartha le haghaidh gach catagóire a fhíorú.

(35) Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le hinneachar agus saintréithe an lipéid oifigiúil agus lipéad an oibreora, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas maidir le táirgeadh agus le margú a áirithiú le haghaidh gach catagóire agus cineálacha eile AAP agus chun na lipéid sin a shainaithint.

(36) Ba cheart a shraithuimhir féin a bheith ar gach lipéad oifigiúil chun go ráthófar sainaitheantas agus inrianaitheacht iomchuí an AAP lena mbaineann agus éifeachtacht na rialuithe oifigiúla.

(37) Ba cheart ceanglais a leagan síos maidir le hathphacáistiú, athshéalú agus athlipéadú AAP chun a ráthú nach dtiocfaidh athrú ar shainaitheantas ná ar cháilíocht AAP le linn na n-oibríochtaí sin agus go n-áiritheofar a inrianaitheacht tríd an uimhir thagartha luchtóige.

(38) Is minic a mhargaítear síolta i meascán cineálacha den speiceas céanna nó de na meascáin speiceas chéanna. Ba cheart táirgeadh agus margú shíolta na ngéineas nó na speiceas a chumhdaítear leis an Rialachán seo a cheadú i meascáin nach bhfuil iontu ach síolta na ngéineas nó na speiceas eile a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Mar sin féin, ba cheart táirgeadh agus margú meascáin síolta a chumhdaítear leis an Rialachán seo le síolta nach mbaineann le géinis ná le speicis a chumhdaítear leis an Rialachán seo a bheith ceadaithe, gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18].

[18] Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1143/oj).

(39) Chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú agus an comhshaol nádúrtha a athbhunú, go háirithe gnáthóga nádúrtha nó breacnádúrtha, is inmhianaithe úsáid a bhaint as measc áin síolta nach mbaineann le cineál ach le tíopaí fiáine géineas agus speiceas a chumhdaítear leis an Rialachán seo, chomh maith le géinis agus speicis nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo (‘measc áin le haghaidh leasaithe’), toisc gurb iad na cineálacha fiáine sin na cineálacha is iomchuí chun na gcríoch sin. Níor cheart na measc áin sin a mhargú ach amháin i réigiún tionscnaimh an tsíl is comhpháirt chun a áirithiú nach n-úsáidfear ach na cineálacha fiáine is oiriúnaí don réigiún sin. Chun a áirithiú go gcomhlíonann measc áin a mhargaítear mar mheasc áin le haghaidh leasaithe na ceanglais sin, ba cheart rialacha sonracha a leagan amach chun a gcáilíocht agus a n-inrianaitheacht a áirithiú, agus níor cheart ach d’oibreoirí gairmiúla atá údaraithe chun na críche sin ag an údarás inniúil iad a tháirgeadh agus a mhargú.

(40) Tá sóirt áirithe cineálacha tábhachtach ó thaobh chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní géiniteacha plandaí de, rud atá ríthábhachtach d'éagsúlacht ghéiniteach na mbarr agus atá riachtanach chun oiriúnú d'athruithe comhshaoil. Is féidir leo a bheith ina gcineálacha a fhástar go traidisiúnta ('cineálacha caomhantais') nó is féidir leo a bheith ina gcineálacha atá oiriúnaithe do dhálaí agra-aeráide áitiúla agus do chórais feirmeoireachta, a póraíodh le déanaí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí caomhnaithe dinimiciúla nó modhanna pórúcháin agus roghnúcháin eile a chuirtear i bhfeidhm faoi dhálaí nádúrtha nó faoi dhálaí a bhainistíonn feirmeoirí ('cineálacha arna n-oiriúnú go logánta'). Is féidir aonfhoirmeacht laghdaithe a bheith mar shaintréith acu, go háirithe, mar gheall ar leibhéal áirithe éagsúlachta géinití agus feinitíopaí idir aonaid atáirgthe aonair. Rannchuidíonn táirgeadh agus margú AAP na gcineálacha sin le cuspóirí an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht[19] chun caomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha plandaí a chur chun cinn le haghaidh an bhia agus na talmhaíochta. Mar pháirtí leis an gConradh sin, tá gealltanas tugtha ag an Aontas tacú leis na cuspóirí sin.

[19] IO L 378, 23.12.2004, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2004/869/oj.

(41) I bhfianaise shaintréithe speisialta sin na gcineálacha caomhantais agus na gcineálacha arna n-oiriúnú go logánta, agus de mhaolú ar na ceanglais atá leagtha síos maidir le táirgeadh agus le margú, ba cheart táirgeadh agus margú AAP a bhaineann leis na cineálacha sin a cheadú faoi cheanglais níos boige. Tá an méid sin i gcomhréir le prionsabail an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, agus go háirithe, le prionsabal chosaint na bithéagsúlachta. Is iomchuí dá réir sin ligean don AAP sin na ceanglais maidir leis an gcatagóir chaighdeánach le haghaidh an speicis lena mbaineann a chomhlíonadh. Ba cheart an AAP a bhaineann le cineálacha caomhantais nó le cineálacha arna n-oiriúnú go logánta a lipéadú leis na focail ‘cineál caomhantais’ nó ‘cineál arna oiriúnú go logánta’. Ba cheart na cineálacha sin a chlárú freisin, de réir nós imeachta oiriúnaithe ina gcuirtear a saintréithe speisialta san áireamh, chun a chur ar chumas na n-údarás inniúil iad a rialú agus chun an deis a ráthú dá n-úsáideoirí roghanna eolasacha a dhéanamh agus éifeachtacht na rialuithe oifigiúla a ráthú.

(42) Léirigh an taithí a fuarthas de thoradh chur i bhfeidhm na dTreoracha maidir le margú gur minic is spéis le húsáideoirí neamhghairmiúla AAP, mar shampla garraíodóirí amaitéaracha, AAP níos éagsúla a úsáid a fhreagraíonn do riachtanais dhifriúla, gan gá a bheith acu leis na héilimh cháilíochta chéanna agus a bhíonn ag na hoibreoirí gairmiúla. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le maolú ar rialacha áirithe chun gur féidir AAP a mhargú d’úsáideoirí neamhghairmiúla gan iallach a bheith orthu na ceanglais uile maidir le clárú cineálacha a chomhlíonadh. Is gá an maolú sin chun a áirithiú go gcuirfear raon níos leithne cineálacha ar fáil do thomhaltóirí, agus íoscheanglais cháilíochta áirithe á gcomhlíonadh an tráth céanna. Tá na híoscheanglais sin tábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar ionchais go leor úsáideoirí neamhghairmiúla maidir le leibhéal áirithe cáilíochta dá n-úsáid phríobháideach.

(43) Mar sin féin, níor cheart feidhm a bheith ag an maolú sin maidir le AAP a bhaineann leis an speiceas *Cannabis sativa* L., *Papaver somniferum* L. agus *Solanum tuberosum* L. agus le AAP a úsáidtear chun críoch scraithe féir, mar gheall ar a luach tráchtála ar leith nó a thábhachtaí atá siad maidir le leas nó le sábháilteacht an phobail. Ar an gcúis sin, ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais an Rialacháin seo i gcónaí maidir le cáilíocht, sainaitheantas agus oibreoirí gairmiúla an AAP faoi seach chun na seiceálacha is éifeachtaí is féidir ó na húdaráis inniúla agus cosaint leasanna tomhaltóirí a áirithiú.

(44) Thairis sin, ar chúiseanna na trédhearcachta agus ar mhaithe le rialú níos fearr, ba cheart rialacha a leagan amach maidir le pacáistiú agus lipéadú AAP nach mbeartaítear ach le haghaidh úsáideoirí neamhghairmiúla amháin. Ar an gcúis chéanna, ba cheart tuairisc ar an gcineál a dhéantar ar bhonn doiciméadacht phríobháideach a bheith ag oibreoirí gairmiúla a úsáideann an maolú sin le haghaidh táirgeadh agus margú d'úsáideoirí neamhghairmiúla, i gcás AAP a bhaineann le cineál neamhchláraithe. Thairis sin, ba cheart dóibh fógra bliantúil a thabhairt do na húdaráis inniúla faoin ngníomhaíocht sin agus iad a chur ar an eolas, arna iarraidh sin, faoi na cainníochtaí a tháirgtear agus a mhargaítear.

(45) Oibríonn roinnt mhaith eagraíochtaí agus líonraí neamhbhrabúsacha san Aontas agus é de chuspóir acu acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú. Chun a ngníomhaíocht a éascú, maidir le AAP atá beartaithe chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú, ar AAP é arna dtáirgeadh ag na heagraíochtaí agus na líonraí sin agus a mbaill nó arna margú ag na heagraíochtaí agus na líonraí sin agus a mbaill gan bhrabús chuig aon daoine nádúrtha nó dlítheanacha, lena n-áirítear feirmeoirí nó úsáideoirí neamhghairmiúla, agus vice versa, is iomchuí cead a thabhairt don AAP sin maolú ar na ceanglais bhunaithe maidir le táirgeadh agus margú agus cead a thabhairt dó rialacha nach bhfuil chomh dian céanna a chomhlíonadh ina n-ionad sin. Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le lipéadú an AAP sin. Ba cheart d'eagraíochtaí agus do líonraí a úsáideann an maolú sin fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoina ngníomhaíocht agus clár a choinneáil leis an bhfaisnéis ábhartha faoin AAP a tháirgeann agus a mhargaíonn siad nó a mhargaítear dóibh. Tá gá leis sin chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha éifeachtacha agus go bhféadfaidh úsáideoirí an AAP sin roghanna eolasacha a dhéanamh.

(46) Is iomchuí an deis a thabhairt isteach d'fheirmeoirí APP a mhalartú i gcomhchineál mar mhaolú ar na ceanglais atá bunaithe. Ba cheart feidhm a bheith ag an maolú sin maidir le cainníochtaí beaga agus ar an leibhéal áitiúil agus sa chás nach mbaineann an AAP sin le cineál ar deonaíodh cearta maidir le cineálacha plandaí air, agus sa chás sin amháin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle[20] nó le rialacha náisiúnta na mBallstát táirgthe maidir le cearta i ndáil le cineálacha plandaí. Ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit na cainníochtaí beaga sin a shainiú le haghaidh speicis shonracha in aghaidh na bliana agus in aghaidh an fheirmeora chun a áirithiú nach mbainfear aon mhí-úsáid as an maolú sin ag a mbeadh tionchar ar mhargú AAP. Níl sé beartaithe imeacht ón tuiscint ghinearálta ar choincheap an mhalartaithe comhchineáil mar mhalartú AAP le haghaidh earraí nó seirbhísí gan idirbhearta airgeadaíochta, ná maolú ar na ceanglais is infheidhme faoi Rialachán (AE) 2016/2031. Ar chúiseanna a bhaineann le leas an phobail agus le sábháilteacht, níor cheart malartú den sórt sin a cheadú i gcás AAP den speiceas *Cannabis sativa* L., *Papaver somniferum* L., agus *Solanum tuberosum* L., agus na ngéineas *Citrus* L. agus *Vitis* L.

(47) Maidir le AAP de ghlúin roimh shíolta réamhbhunúsacha nó ábhar réamhbhunúsach a mhargú ón oibreoir gairmiúil atá freagrach as an gcothabháil chuig an oibreoir gairmiúil a dhéanann síolta réamhbhunúsacha nó ábhar réamhbhunúsach a tháirgeadh chun an AAP sin a iolrú, ba cheart an margú sin a cheadú, de mhaolú ar an gceanglas ginearálta nach bhféadfar ach AAP a bhaineann le catagóir (réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe nó caighdeánach) a mhargú. I gcás na margaíochta sin, ba cheart a léiriú go soiléir ar an lipéad a ghabhann leis an AAP go bhfuil sé ainmnithe chun na críche sin.

---

[20] Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle an 27 Iúil 1994 maidir le cearta Comhphobail maidir le cineálacha plandaí (IO L 227, 1.9.1994, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1994/2100/oj).

(48) De réir na dTreoracha maidir le AAP a mhargú, ceadaítear maoluithe ó na ceanglais atá bunaithe maidir le AAP a bhaineann le cineálacha a bhfuil cinneadh maidir le clárú cineálacha ar feitheamh ina leith (‘cineálacha faoi chlárú’) a mhargú. Bhí na maoluithe sin úsáideach agus riachtanach do na hoibreoirí gairmiúla agus do na húdaráis inniúla. Ina theannta sin, tá feirmeoirí ag tabhairt aghaidh ar dhálaí aimsire atá ag athrú de réir a chéile agus ar rioscaí nua do shláinte plandaí. Tá sé tábhachtach cineálacha plandaí feabhsaithe nua atá curtha in oiriúint do na dúshláin sin a thabhairt isteach go tapa chun na rioscaí d’fheirmeoirí a mhaolú. Chun dlús a chur le glacadh na gcineálacha nua sin ag feirmeoirí, i gcásanna áirithe agus faoi shrianta, ba cheart margú teoranta AAP den sórt sin a cheadú. I gcás cineálacha talmhaíochta agus prátaí, cineálacha torthaí agus fíniúna agus i gcás cineálacha glasraí, ba cheart ceanglais shonracha a bheith ann bunaithe ar a saintréithe agus ar dhinimic an mhargaidh.

(49) De réir na dTreoracha maidir le AAP a mhargú, bunaítear maoluithe chun síolta géineas agus speiceas áirithe a mhargú mar shíolta nach gcomhlíonann ceanglais na ngnéithe cineáil ach atá faoi réir ceanglais cháilíochta amháin (‘síol tráchtála’). Is é is cúis leis sin speicis áirithe plandaí talmhaíochta, go háirithe speicis farae, a fhreastalaíonn ar róil ilghnéitheacha a théann níos faide ná táirgeadh traidisiúnta bia agus beatha. Tá ról lárnach ag na speicis sin i bhfeidhmeanna éiceolaíocha amhail pailneoirí a mhealladh, fosú nítrigine a éascú agus brat talún a sholáthar. Chun na gcríoch sin, d’fhéadfadh sé nach mbeadh gá le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht, agus comhlíonadh na gceanglas maidir le luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe ach ba cheart ardcháilíocht na síolta sin a ráthú. Is inmhianaithe, dá bhrí sin, go gceadófaí na maoluithe sin ó na ceanglais chlárúcháin faoin Rialachán seo freisin. Ba cheart an t-ainmniúchán ‘síol tráchtála’ ó na Treoracha maidir le AAP a mhargú a choinneáil. Ba cheart do speicis nach ndéantar ach líon beag cineálacha a fhorbairt astu tairbhe a bhaint as an maolú sin freisin chun am a thabhairt chun cineálacha a fhorbairt. Thairis sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le síol tráchtála chun a áirithiú gur féidir síol speiceas nua a chuirtear leis an Rialachán seo a mhargú sula mbeidh cineálacha cláraithe ar fáil.

(50) De réir na dTreoracha maidir le AAP a mhargú, ceadaítear maoluithe ar na ceanglais bhunaithe le haghaidh síolta nach gcomhlíonann na ceanglais is infheidhme is gá a chur ar fáil go tapa ar an margadh, le haghaidh síolta nach bhfuil deimhnithe go críochnaitheach go fóill, le haghaidh AAP is gá a údarú go sealadach chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí sealadacha sa soláthar, agus le haghaidh AAP a bheartaítear chun turgnaimh shealadacha a dhéanamh chun roghanna malartacha feabhsaithe ar fhorálacha áirithe den reachtaíocht is infheidhme a lorg maidir leis na ceanglais go mbainfidh an AAP le cineál cláraithe agus go gcomhlíonfaidh sé ceanglais áirithe maidir le sainaitheantas agus cáilíocht. Bhí na maoluithe sin úsáideach agus riachtanach le haghaidh na n-oibreoirí gairmiúla agus na n-údarás áitiúil, gan fadhbanna a chruthú le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh in AAP. Dá bhrí sin, ba cheart iad a choinneáil ar bun. Ba cheart coinníollacha a leagan amach maidir leis na maoluithe sin, chun a áirithiú nach mbainfear mí-úsáid astu agus nach ndéanann siad difear díobhálach don mhargadh inmheánach in AAP.

(51) Chun go mbeidh an fhéidearthacht ann aghaidh a thabhairt ar choinníollacha sonracha ina gcríocha, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit ceanglais níos déine a bhunú maidir le AAP a tháirgeadh agus a mhargú laistigh dá gcríoch féin, gan ceanglais níos déine a fhorchur ar mhargadh inmheánach an Aontais.

(52) I gcásanna nach bhfuil aon tábhacht ag baint le géineas nó speiceas a chumhdaítear leis an Rialachán seo a tháirgeadh i mBallstát agus i gcás ina bhfuil saothrú an ghéinis nó an speicis sin teoranta mar gheall ar dhálaí agra-aeráide an Bhallstáit sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit maolú ar cheanglais táirgthe an Rialacháin seo dá mbeadh na gníomhaíochtaí deimhniúcháin agus rialaithe gaolmhara ina n-ualach riaracháin díréireach orthu. Níor cheart úsáid an mhaolaithe sin a cheadú i gcás ina bhfuil riosca ann go mbeadh sé ina chúis le suaitheadh i margadh inmheánach an Aontais.

(53) Ní mór do AAP a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas na caighdeáin is airde is féidir a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, níor cheart allmhairiú AAP ó thríú tíortha a cheadú ach amháin más rud é go suitear le measúnú ar na caighdeáin sainaitheantais agus cháilíochta is infheidhme dá chuid agus ar a chóras deimhniúcháin go gcomhlíonann an AAP sin ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin is infheidhme maidir le AAP a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas. Ba cheart an measúnú sin a bheith bunaithe ar bhreithniú críochnúil ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn an tríú tír agus ar dhlí ábhartha an tríú tír sin. Ba cheart é a bheith bunaithe freisin ar thoradh sásúil iniúchta arna dhéanamh ag Coimisiún an tríú tír sin sula ndeonaítear coibhéis di den chéad uair. Ba cheart iniúchadh a dhéanamh freisin i gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil gá leis sula ndeonaítear coibhéis do thríú tír le haghaidh speicis bhreise.

(54) Maidir le AAP a allmhairítear ó thríú tíortha ar sainaithníodh a gceanglais sainaitheantais agus cháilíochta agus a gcórais deimhniúcháin a bheith coibhéiseach de bhun na dTreoracha maidir le AAP a mhargú, léiríodh go gcomhlíonann sé rialacha cáilíochta agus sainaitheantais an Aontais. Ar an gcúis sin, ba cheart ceanglais agus córais na dtríú tíortha sin maidir leis na géinis nó na speicis lena mbaineann a aithint freisin de bhun an Rialacháin seo mar cheanglais agus córais atá coibhéiseach le ceanglais agus córais an Aontais.

(55) Is cleachtas bunaithe é go ndéantar síolta glasraí a tháirgtear i dtríú tíortha a allmhairiú isteach san Aontas go díreach tar éis na buainte (‘síolta amha’) chun go bpróiseálfar san Aontas iad ionas go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais maidir le síolta caighdeánacha sula gcuirfear ar an margadh laistigh den Aontas iad. Ós rud é go n-áirithítear leis an gcleachtas sin aitheantas agus cáilíocht na síolta glasraí a mhargaítear san Aontas gan a cheangal iad a bheith faoi réir aithint na coibhéise, ba cheart an méid sin a bheith indéanta i gcónaí faoin Rialachán seo.

(56) Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le lipéadú agus le faisnéis a bheidh le soláthar le haghaidh an AAP allmhairithe chun é a shainaithint agus a rianú i gceart, agus chun go bhféadfaidh a úsáideoirí roghanna eolasacha a dhéanamh agus rialuithe oifigiúla a dhéanamh.

(57) Chun trédhearcacht tháirgeadh agus mhargú AAP a áirithiú, má dhéanann oibreoirí gairmiúla gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh agus margú AAP, ba cheart dóibh a bheith faoi réir oibleagáidí sonracha chun a gcuntasacht a áirithiú mar aon le rialuithe oifigiúla níos éifeachtaí agus cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo. Áirítear leis sin clárú, taifid a choinneáil agus fógra a thabhairt faoi tháirgeadh. Is iomchuí clárú oibreoirí gairmiúla a bheith sa chlár atá bunaithe cheana féin ag na Ballstáit de bhun Rialachán (AE) 2016/2031 chun an t-ualach riaracháin ar na hoibreoirí gairmiúla sin a laghdú. Tá sé sin comhréireach freisin toisc go bhfuil formhór mór na n-oibreoirí gairmiúla a tháirgeann agus a mhargaíonn AAP cláraithe i gcláir na n-oibreoirí gairmiúla faoin Rialacháin sin cheana féin.

(58) I ndáil leis sin, agus chun córas clárúcháin aonfhoirmeach agus éifeachtach a áirithiú do na hoibreoirí gairmiúla uile lena mbaineann, ba cheart rialacha a bhunú maidir le hiarratais a chuireann na hoibreoirí gairmiúla isteach, maidir le hinneachar an chláir agus maidir leis an bhfaisnéis ábhartha a thabhairt cothrom le dáta.

(59) Chun íoslaghdú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar an ualach riaracháin ar oibreoirí gairmiúla a tháirgeann agus a mhargaíonn go heisiach AAP de chineálacha caomhantais agus de chineálacha arna n-oiriúnú go loganta, ar oibreoirí gairmiúla a mhargaíonn AAP go heisiach go díreach d'úsáideoirí neamhghairmiúla, ar eagraíochtaí agus ar líonraí a mhargaíonn AAP chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú nó ar fheirmeoirí a mhalartaíonn AAP i gcomhchineál, ba cheart eisceachtaí áirithe ar oibleagáidí oibreoirí gairmiúla a thabhairt isteach.

(60) Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí do shláinte an duine, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí, don chomhshaol nó do shaothrú géineas agus speiceas eile, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit bearta eatramhacha éigeandála atá comhréireach agus a bhfuil teorainn ama leo a ghlacadh go dtí go nglacfaidh an Coimisiún bearta comhfhreagracha ar leibhéal an Aontais.

(61) Is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil sé fíor-riachtanach rialú a dhéanamh ar cháilíocht an AAP a mhargaítear chun a fhíorú go gcomhlíonann an AAP atá ar an margadh na ceanglais is infheidhme. Is gá, dá bhrí sin, córas cuimsitheach inrianaitheachta a bhunú a fhágfaidh go bhféadfar AAP a tharraingt siar ón margadh nó faisnéis a chur faoi bhráid úsáideoirí AAP nó údaráis inniúla. Ar an gcúis sin, ba cheart coimeád na faisnéise agus na dtaifead maidir le haistrithe ó úsáideoirí gairmiúla agus chucu a bheith éigeantach le haghaidh na n-oibreoirí gairmiúla.

(62) Tá sé tábhachtach a áirithiú, mar riail ghinearálta, go mbeidh gach AAP de na géinis agus de na speicis atá faoi raon feidhme an Rialacháin seo faoi réir chlárú an chineáil dá mbaineann an AAP sin, mar aon leis an tuairisc ar an gcineál agus na rialacha lena mbaineann.

(63) Ba cheart do na Ballstáit uile clár náisiúnta cineálacha a bhunú ina mbeidh ar a laghad gach cineál cláraithe, gach cineál ar cuireadh iarratas ar chlárú isteach ina leith, agus gach cineál nach bhfuil cláraithe a thuilleadh chun é a chur ar a gcumas dá n-úsáideoirí roghanna eolasacha a dhéanamh agus rialuithe oifigiúla níos éifeachtaí a áirithiú.

(64) Ba cheart dhá shórt cineálacha a bheith ar an gclár náisiúnta cineálacha: cineálacha a chláraítear ar bhonn tuairisc oifigiúil, más rud é go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht, agus cineálacha a chláraítear ar bhonn tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil i gcás na gcineálacha caomhantais nó i gcás cineálacha arna n-oiriúnú go logánta. Is gá an dá thuairisc éagsúla sin a bheith ann chun an dá shórt cineálacha sin a dheighilt. Ba cheart an chéad cheann a bheith bunaithe ar scrúduithe teicniúla, agus ba cheart an ceann eile a bheith bunaithe ar thaithí phraiticiúil a fuarthas agus ar fhaisnéis a fuarthas trí úsáid nó pórú an chineáil. Is féidir an fhaisnéis is gá a thairiscint le cur chuige den sórt sin faoi shaintréithe na gcineálacha agus faoina sainaitheantas.

(65) Sa bhreis air sin, ba cheart do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt do chlár cineálacha an Aontais faoi na cineálacha a chláraítear chun forbhreathnú ar na cineálacha uile a cheadaítear a mhargú san Aontas a áirithiú. Ba cheart rochtain a bheith ar chlár cineálacha an Aontais trí thairseach leictreonach, ar a dtugtar Tairseach an Aontais um Chineálacha Plandaí faoi láthair. Chun a áirithiú go mbeidh na húsáideoirí ar an eolas ar bhealach níos cuimsithí, ba cheart faisnéis ó bhunachair sonraí ábhartha eile a áireamh sa tairseach sin.

(66) Mar gheall ar an tábhacht agus an úsáid mhéadaithe a mheastar a bheidh leo i gcás speicis áirithe, agus chun trédhearcacht agus rialuithe oifigiúla éifeachtacha a áirithiú agus chun a chur ar chumas a n-úsáideoirí roghanna eolasacha a dhéanamh, ba cheart clóin roghnaithe agus ábhar polaclónach a chlárú ar liosta náisiúnta arna bhunú ag na húdaráis inniúla agus arna tharchur chuig an gCoimisiún lena bhfoilsiú sa tairseach leictreonach.

(67) Is éard is cineálacha luibhicídfhulangacha ann cineálacha a póraíodh chun bheith fulangach ar luibhicídí d'aon turas, chun iad a shaothrú i gcomhcheangal le húsáid na luibhicídí sin. Más rud é nach ndéantar an saothrú sin faoi choinníollacha iomchuí, d'fhéadfadh fiailí teacht chun cinn a bheadh frithsheasmhach ar na luibhicídí sin, d'fhéadfaí géinte frithsheasmhachta den sórt sin a scaipeadh sa chomhshaol nó d'fhéadfadh sé tarlú gur ghá na cainníochtaí luibhicídí a chuirtear i bhfeidhm a mhéadú dá thoradh sin. Toisc gurb é is aidhm don Rialachán seo rannchuidiú le hinbhuanaitheacht an táirgthe talmhaíochta, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát atá freagrach as cineálacha a chlárú agus do na Ballstáit ina bhfuil na cineálacha le saothrú a bheith in ann saothrú na gcineálacha sin ina gcríoch a chur faoi réir coinníollacha saothraithe a bheadh iomchuí chun na héifeachtaí neamh-inmhianaithe sin a sheachaint.

(68) Chun rannchuidiú le hinbhuanaitheacht an táirgthe talmhaíochta agus chun freastal ar riachtanais eacnamaíocha, chomhshaoil agus shochaíocha níos leithne, ba cheart measúnú a dhéanamh i scrúdú teicniúil ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe atá ag cineálacha nua géineas nó speiceas fíniúna, prátaí agus plandaí talmhaíochta, cé is moite de chineálacha a úsáidtear go heisiach chun críoch scraithe féir. Ba cheart feabhas a fheiceáil i gcineálacha nua i gcomparáid leis na cineálacha eile de na géinis nó de na speicis chéanna atá cláraithe sa chlár náisiúnta cineálacha céanna a bhaineann le gnéithe áirithe maidir le saothrú agus úsáid. Is iad seo a leanas na gnéithe sin ar cheart measúnú a dhéanamh orthu: táirgeacht, lena n-áirítear cobhsaíocht táirgeachta agus táirgeacht faoi choinníollacha ionchuir ísil; fulaingt nó frithsheasmhacht in aghaidh struis bhitheacha, lena n-áirítear galair phlandaí ar néimeatóidí, fungais, baictéir, víris, feithidí agus lotnaidí eile is cúis leo; fulaingt nó frithsheasmhacht in aghaidh struis aibitheacha, lena n-áirítear oiriúnú do dhálaí aeráide; éifeachtúlacht in úsáid na n-acmhainní nádúrtha, amhail uisce agus cothaithigh; gá laghdaithe le hionchuir sheachtracha, amhail táirgí cosanta plandaí agus leasacháin; saintréithe lena bhfeabhsaítear inbhuanaitheacht na buainte, na stórála, na próiseála, an dáilte agus na húsáide; saintréithe cáilíochta nó cothaitheacha; agus an féidir iad a shaothrú i gcomhar le speicis nó cineálacha eile. Chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gclárú cineálacha agus chun solúbthacht leordhóthanach a sholáthar chun cineálacha a chlárú ag a bhfuil na saintréithe is inmhianaithe, ba cheart na gnéithe sin a mheas le haghaidh cineál áirithe ar an iomlán.

(69) Thairis sin, chun go mbeidh na cineálacha orgánacha atá oiriúnach i gcomhair táirgeadh orgánach mar a shainmhínítear é in Airteagal 3, pointe (19), de Rialachán (AE) 2018/848 oiriúnaithe ar bhealach níos éifeachtaí do riachtanais shonracha an táirgthe orgánaigh, ba cheart a scrúdú ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe a dhéanamh faoi choinníollacha orgánacha.

(70) Ar chúiseanna éifeachtúlachta agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, cineálacha ar deonaíodh ceart maidir le cineálacha plandaí dóibh de bhun Airteagal 62 de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 nó de bhun dlí náisiúnta de chuid Ballstáit, ba cheart a mheas go bhfuil siad sainiúil, aonfhoirmeach agus cobhsaí agus go bhfuil ainmníocht oiriúnach acu chun críocha an Rialacháin seo i gcás inarbh í oifig scrúdúcháin a rinne an scrúdú ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht, ar oifig scrúdúcháin í a d'údaraigh an Coimisiún ar bhonn tuairime ón Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO).

(71) Ba cheart ainmníocht uathúil oiriúnach a bheith ag gach cineál cláraithe chun sainaithint an chineáil a áirithiú. Níor cheart don ainmníocht sin mearbhall a chruthú maidir leis an gcineál a shainaithint ná níor cheart di a bheith míthreorach ná maslach ar bhealach ar bith. I gcás cineálacha caomhantais, ba cheart a bheith in ann comhchiallaigh a úsáid toisc gur cleachtas coiteann é sin don sórt sin cineálacha. Ba cheart na comhchiallaigh sin a léiriú sa chlár náisiúnta cineálacha.

(72) Ba cheart an nós imeachta um chlárú cineálacha a shainiú go beacht, chun an deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh na n-iarratasóirí agus na n-údarás inniúla agus cothroime iomaíochta le haghaidh na n-iarratasóirí uile a áirithiú. Ar an gcúis sin, ba cheart rialacha a leagan amach maidir le hiarratais a chur isteach, inneachar, scrúdú foirmiúil agus dáta chur isteach na n-iarratas, scrúduithe teicniúla, oifigí scrúdúcháin a dhéanann na scrúduithe teicniúla, rúndacht, tuarascáil scrúdúcháin agus tuairisc oifigiúil, scrúdú ar chineálacha caomhantais agus ar chineálacha arna n-oiriúnú go logánta, scrúdú ar ainmníocht cineáil agus cinneadh maidir le cineál a chlárú sa chlár náisiúnta cineálacha.

(73) Ba cheart rialacha a leagan amach maidir leis an scrúdú teicniúil ar chineálacha chun teacht ar an gconclúid maidir le cé acu atá nó nach bhfuil siad sainiúil, aonfhoirmeach agus cobhsaí. I ngeall ar thábhacht an scrúdaithe sin le haghaidh na hearnála pórúcháin plandaí agus ar an bhfíoras go gcuirtear tuairisc oifigiúil ar fáil dá thoradh sin, ba cheart don údarás inniúil an scrúdú sin a dhéanamh. Ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis inniúla, faoi choinníollacha áirithe, tuarascálacha scrúdúcháin atá ann cheana maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht, agus maidir le luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe a chur san áireamh.

(74) Mar sin féin, chun an t-ualach riaracháin a éascú, infhaighteacht saoráidí tástála a áirithiú agus costais a laghdú do na húdaráis inniúla, ba cheart don údarás inniúil a bheith in ann comhoibriú le daoine nádúrtha nó dlítheanacha chun críocha an scrúdaithe theicniúil.

(75) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart don údarás inniúil cinneadh críochnaitheach a ghlacadh maidir le clárú an chineáil. Roimhe sin, ba cheart an scrúdú ar an gcineál a thabhairt i gcrích agus ba cheart tuarascáil scrúdúcháin agus tuairisc oifigiúil a eisiúint. Ina theannta sin, ba cheart cinneadh maidir le hainmníocht an chineáil a ghlacadh tar éis dul i gcomhairle le CPVO, chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní agus saineolas CPVO agus chun comhsheasmhacht le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 sa réimse sin a áirithiú.

(76) Ar chúiseanna éifeachtúlachta agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú le haghaidh údaráis inniúla agus iarratasóirí, ba cheart do na húdaráis inniúla ina gcuid clár náisiúnta cineálacha na cineálacha uile dá nglactar nó dá gcláraítear go hoifigiúil a chlárú, roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, sna catalóga, liostaí, nó cláir arna mbunú ag a mBallstáit de bhun Threoracha 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/55/CE agus 2008/90/CE agus Treoracha 2008/62/CE[21] agus 2009/145/CE[22] ón gCoimisiún. Toisc go margaítear AAP na gcineálacha sin san Aontas agus toisc go n-úsáideann feirmeoirí agus oibreoirí gairmiúla eile iad cheana féin, níor cheart na cineálacha sin a chur faoi réir nós imeachta nua um chlárú.

(77) Ar an gcúis chéanna, cineálacha a bhaineann le speicis nach raibh cumhdaithe ag Treoracha 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/55/CE, 2008/62/CE, 2008/90/CE agus 2009/145/CE ach atá cumhdaithe ag an Rialachán seo, ba cheart iad a chlárú i gcomhréir leis an Rialachán seo gan an nós imeachta clárúcháin nua a chur i bhfeidhm más rud é go raibh na cineálacha sin liostaithe i gclár náisiúnta cineálacha oifigiúil i gcomhréir le rialacha náisiúnta.

---

21 Treoir 2008/62/CE ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2008 lena ndéantar foráil maidir le maoluithe áirithe chun glacadh le pórtha dúchasacha agus cineálacha talmhaíochta atá curtha in oiriúint go nádúrtha do na coinníollacha áitiúla agus réigiúnacha agus atá faoi bhagairt ag an gcreimeadh géiniteach agus chun síolta agus prátaí síl ó na pórtha dúchasacha agus na cineálacha sin a mhargú (IO L 162, 21.6.2008, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/62/oj).

22 Treoir 2009/145/CE ón gCoimisiún an 26 Samhain 2009 lena ndéantar foráil maidir le maoluithe áirithe chun glacadh le pórtha dúchasacha agus cineálacha glasraí a shaothraítear go traidisiúnta in áiteanna agus i réigiúin shonracha agus atá faoi bhagairt ag an gcreimeadh géiniteach agus chun glacadh le cineálacha glasraí nach bhfuil aon luach intreach acu ó thaobh tháirgeadh na mbarr tráchtála de ach a forbraíodh lena bhfás faoi choinníollacha ar leith, agus chun síolta na bpórtha dúchasacha agus na gcineálacha sin a mhargú (IO L 312, 27.11.2009, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/145/oj).

(78) Is é 10 mbliana ba cheart a bheith sa tréimhse clárúcháin cineáil, chun an nuálaíocht san earnáil phórúcháin a spreagadh, mar aon le seanchineálacha a bhaint den mhargadh agus cineálacha nua a chur ina n-ionad. Mar sin féin, is é 30 bliain ba cheart a bheith sa tréimhse sin le haghaidh cineálacha caomhantais agus cineálacha arna n-oiriúnú go logánta, i ngeall ar chuspóir fadtéarmach an chaomhantais ach chun ábharacht a áirithiú freisin, agus le haghaidh cineálacha géineas nó speiceas plandaí torthaí agus fíniúnacha, i ngeall ar an tréimhse níos faide a theastaíonn chun timthriall táirgthe na ngéineas nó na speiceas sin a chur i gcrích.

(79) Ba cheart an deis a bheith ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige iarratas a dhéanamh ar thréimhse clárúcháin cineáil a athnuachan ionas gur féidir leanúint de chineálacha áirithe a mhargú má shuitear gur gá sin agus má chomhlíonann siad na ceanglais is infheidhme fós. Ba cheart rialacha a bhunú freisin maidir le foirceannadh an chláraithe, lena n-áirítear i gcás nár cuireadh isteach aon iarratas ar athnuachan, i gcás inar iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí an clárú a fhoirceannadh (‘tabhairt suas’) nó i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú a thuilleadh.

(80) Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le cothabháil cineáil i gcomhréir le cleachtais a nglactar leo. Is gá sin chun sainaitheantas an chineáil a áirithiú le linn thréimhse a chlárúcháin, rud nach féidir a áirithiú ach amháin más rud é gurb é an t-iarratasóir, nó daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile san Aontas nó i dtríú tír ar a deonaíodh coibhéis, a dhéanann an cineál lena mbaineann a choinneáil ar bun, de bhun ceanglais áirithe agus faoi réir rialuithe oifigiúla ag na húdaráis inniúla.

(81) Ba cheart rialacha a leagan amach maidir le hinneachar na gclár náisiúnta cineálacha agus chlár cineálacha an Aontais, agus maidir le samplaí síolta nó plandaí beo de na cineálacha cláraithe a choimeád (‘sampla caighdeánach’) ar tuairisc bheo den chineál é. Tá sé sin tábhachtach chun inrochtaineacht ar an bhfaisnéis is gá faoin gcineál, a shainaithint le linn a thréimhse clárúcháin agus infhaighteacht na samplaí caighdeánacha le haghaidh tástáil ar dháileachtaí talún cóimheasa i gcomhthéacs dheimhniú AAP a áirithiú.

(82) Ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit faisnéis shonraithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn tráthrialta, lena n-áirítear go háirithe cainníochtaí AAP táirgthe agus líon na n-oibreoirí gairmiúla. Tá an fhaisnéis sin tábhachtach chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Rialacháin seo agus chun leasuithe amach anseo a shainaithint a bhfuil gá leo chun a chuspóirí a bhaint amach ar bhealach níos fearr.

(83) Ba cheart an chumhacht a thabhairt do na Ballstáit gníomhaíochtaí ceartaitheacha nó pionóis a fhorchur, de réir mar is iomchuí, ar oibreoirí gairmiúla i gcásanna neamhchomhlíonadh rialacha an Rialacháin seo nó sáruithe orthu. Is é is cuspóir do na bearta sin a áirithiú go gcomhlíonann AAP lena mbaineann ceanglais infheidhme an Rialacháin seo agus a sheachaint go bhfaighidh oibreoirí gairmiúla buntáiste eacnamaíoch ó chleachtais chalaoiseacha nó ó imchéimniú na rialacha.

(84) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann táillí a bhailiú as na gníomhaíochtaí a dhéanann siad i ndáil leis an Rialachán seo. Ba cheart na táillí sin a shocrú chun costais an údaráis inniúil a chumhdach as an ngníomhaíocht a dhéanamh.

(85) Faoi 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo a bhaineann le AAP a mhargaítear d'úsáideoirí neamhghairmiúla agus AAP a mhalartú i gcomhchineál idir feirmeoirí. Is inmhianaithe é sin chun scrúdú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh úsáid na maoluithe ina cúis le cásanna inar díoladh le húsáideoirí gairmiúla AAP a bhí beartaithe le haghaidh úsáideoirí neamhghairmiúla nó AAP a malartaíodh i gcomhchineál idir feirmeoirí agus, má bhí, a mhéid a bhí úsáid na maoluithe ina cúis leis sin. Bheadh sé sin inmhianaithe freisin chun scrúdú a dhéanamh ar leitheadúlacht fhéideartha sáruithe ar chearta maidir le cineálacha plandaí.

(86) Chun liosta na ngéineas agus na speiceas AAP a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a oiriúnú do na forbairtí a bhaineann le suntasacht ar a laghad dhá chritéir as measc an limistéir agus luach an táirgthe, an tslándáil bia agus beatha agus líon na mBallstát ina saothraítear é, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith an liosta sin a leasú.

(87) Chun liosta na ngéineas agus na speiceas AAP nach féidir a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe nó mar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe faoi raon feidhme an Rialacháin seo a oiriúnú i gcás ina bhfuil gá le ráthaíochtaí cáilíochta níos airde agus i gcás ina bhfuil costais na ngníomhaíochtaí deimhniúcháin ábhartha comhréireach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith an liosta sin a leasú.

(88) Chun na rialacha maidir le táirgeadh agus margú AAP a oiriúnú d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith leasú a dhéanamh ar cheanglais áirithe an Rialacháin seo a bhaineann le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha, deimhnithe agus caighdeánacha agus ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus caighdeánach a tháirgeadh agus a mhargú.

(89) Chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú maidir le tástáil ar dháileachtaí talún cóimheasa a dhéanamh ar luchtóga síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha, deimhnithe agus caighdeánacha in aghaidh an ghéinis, an speicis nó na catagóire, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na critéir a úsáidtear chun anailísí riosca a dhéanamh, leis an nós imeachta samplála agus tástála agus leis an meastóireacht ar thorthaí tástála.

(90) Chun a dhearbhú go gcomhlíonann oibreoirí gairmiúla na coinníollacha chun gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh maidir le deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith gníomhaíochtaí sonracha a bheidh le déanamh ag na húdaráis inniúla.

(91) Chun go mbeidh cur chuige comhchuibhithe ann, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na sonraí agus na socruithe teicniúla is gá chun an lipéad oifigiúil le haghaidh AAP réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe agus lipéad an oibreora le haghaidh AAP caighdeánach agus aon sórt eile AAP a eisiúint.

(92) Chun rialacha comhchuibhithe a áirithiú maidir le meascáin le haghaidh leasaithe a tháirgeadh agus a mhargú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le ceanglais bhreise le haghaidh na meascán sin a bhaineann leis an réigiún tionscnaimh a ainmniú, le speicis áirithe a úsáid, le hoibreoirí gairmiúla a údarú, le táirgeadh trí bhailiú díreach nó trí iomadú, leis na gníomhaíochtaí a dhéanann an t-údarás inniúil agus leis na coinníollacha chun síolta a bheartaítear i gcomhair meascáin le haghaidh leasaithe a tháirgeadh agus a mhargú.

(93) Chun liosta na ngéineas agus na speiceas AAP is féidir a tháirgeadh agus a mhargú mar shíolta tráchtála a oiriúnú do na forbairtí pórúcháin agus eacnamaíocha ábhartha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith an liosta sin a leasú.

(94) Chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú maidir le turgnaimh shealadacha chun feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán seo a thástáil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na turgnaimh sin, na géinis nó na speicis lena mbaineann na turgnaimh sin, coinníollacha na dturgnamh in aghaidh an ghéinis nó an speicis, fad na dturgnamh, agus oibleagáidí na mBallstát atá rannpháirteach sna turgnaimh sin a bhunú.

(95) Chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina mbeadh ualach riaracháin díréireach ar chatagóirí áirithe d'oibreoirí gairmiúla a chlárú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith liosta na n-oibreoirí gairmiúla nach gceanglaítear orthu a bheith cláraithe a leathnú.

(96) Chun inneachar na gclár cineálacha a oiriúnú do na forbairtí san eolas teicniúil agus chun obair leantach a dhéanamh i dtaobh na taithí a fuarthas ón gclárú cineálacha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith leasú a dhéanamh ar na ceanglais a bhaineann leis an inneachar sin.

(97) Chun na ceanglais teicniúla le haghaidh chlárú na gclón roghnaithe agus an ábhair pholaclónaigh a oiriúnú d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na ceanglais sin a leasú.

(98) Chun forálacha an Rialacháin seo a bhaineann leis an scrúdú ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe a oiriúnú d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil, agus d'aon bheartas nó riail nua de chuid an Aontais maidir leis an talmhaíocht inbhuanaithe, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith na híoscheanglais a leagan síos maidir le measúnú a dhéanamh ar na saintréithe a scrúdaítear agus maidir le meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí an scrúdaithe sin.

(99) Chun critéir shonracha a leagan amach a bhaineann le hainmníochtaí cineáil i bhfianaise a n-oiriúnachta, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le trádmharcanna, an gaol le tásca geografacha nó ainmiúcháin tionscnaimh le haghaidh táirgí talmhaíochta, toiliú i scríbhinn ó shealbhóirí réamhcheart chun deireadh a chur le baic ar oiriúnacht ainmníochta, úsáid cód, an sainmhíniú ar speicis neasghaolmhara agus cinneadh ainmníochtaí míthreoracha, maslacha nó mearbhlacha.

(100) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[23]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[23] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

(101) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24].

(102) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus chun forbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme a chur san áireamh, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil le rialacha a leagan síos a bhaineann le tástáil ar dháileachtaí talún cóimheasa ar luchtóga síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha, deimhnithe agus caighdeánacha in aghaidh an ghéinis, an speicis nó na catagóire.

(103) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus chun feabhas a chur ar fheidhmíocht na n-oibreoirí gairmiúla agus ar shainaitheantas agus ar cháilíocht AAP a tháirgeann agus a mhargaíonn siad, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i leith na ceanglais a shonrú maidir leis na meastóireachtaí, an oiliúint, na scrúduithe, na cigireachtaí, an tsampláil agus an tástáil, i dtaca le géinis nó le speicis áirithe, le haghaidh na maoirseachta oifigiúla ar na hoibreoirí gairmiúla ag na húdaráis inniúla.

[24] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(104) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme i ndáil le luchtóga AAP a láimhseáil agus a lipéadú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun ceanglais shonracha a leagan síos maidir le gach speiceas AAP nó speicis áirithe AAP, a bhaineann le huasmhéid na luchtóg, iad a sainaithint, méid na samplaí agus tástáil na luchtóg, cumasc nó roinnt na luchtóg i ndáil le tionscnamh luchtóg AAP, taifead a dhéanamh ar na hoibríochtaí agus ar an lipéadú sin tar éis luchtóga AAP a chumasc nó a roinnt i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme.

(105) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo maidir le AAP i bpacáistí, i gcuacha nó i gcoimeádáin agus mar phlandaí aonair, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun ceanglais shonracha a leagan síos maidir le séalú, méid agus foirm na bpacáistí, na gcuach agus na gcoimeádán de speicis shonracha AAP, chomh maith le coinníollacha maidir le síolta a mhargú i mbulc gan séalú ná pacáistiú agus maidir leis na taifid atá le coinneáil.

(106) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus go háirithe maidir le hinléiteacht, inaitheantacht agus slándáil na lipéad, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun forálacha sonracha a ghlacadh maidir leis na lipéid oifigiúla, lipéid na n-oibreoirí, lipéid a úsáidtear le haghaidh maoluithe áirithe agus lipéid a úsáidtear le haghaidh sóirt sonracha áirithe AAP agus inneachar, méid, dath, formáid agus, i gcás AAP a allmhairítear, teanga na lipéad sin a leagan amach le haghaidh na gcatagóirí nó na gcineálacha AAP lena mbaineann.

(107) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme i ndáil le meascáin síolta, agus chun obair leantach a dhéanamh ar aon fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar taithí phraiticiúil a fuarthas trí na rialacha faoi seach a chur i bhfeidhm, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun forálacha sonracha a ghlacadh maidir le trealamh measctha agus nós imeachta measctha, séalú, pacáistiú agus lipéadú, inneachar, méid, dath agus formáid an lipéid, úsáid infheidhme agus ainmníocht meascán.

(108) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme i ndáil le ceanglais shonracha a mhéid a bhaineann le meascáin le haghaidh leasaithe a phacáistiú agus a shéalú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na ceanglais sin a leagan síos.

(109) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme i leith margú miondíola AAP de phlandaí torthaí agus glasraí, agus chun margú AAP a dhéanamh chomh praiticiúil agus chomh hoiriúnach agus is féidir le haghaidh gach speicis, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun rialacha a ghlacadh a bhaineann le méid, foirm, séalú agus láimhseáil plandaí aonair agus pacáistí beaga le haghaidh AAP a mhargaítear d’úsáideoirí neamhghairmiúla.

(110) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme i ndáil leis an maolú lena gceadaítear AAP a bhaineann le cineálacha faoi chlárú a tháirgeadh agus a mhargú chun tástálacha nó trialacha a dhéanamh nó chun cineálacha nua a chur ar fáil ar an margadh gan mhoill, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na cainníochtaí teoranta AAP a mbeidh feidhm ag an maolú sin maidir leo a shonrú, i gcás inarb iomchuí.

(111) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme i leith aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí sealadacha a bhaineann le AAP a sholáthar, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun a údarú, ar feadh uastréimhse 12 mhí, go margófar síolta nó ábhar de na catagóirí réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe nó caighdeánach faoi réir ceanglais níos boige, nó go maolófar ar an gceanglas maidir le baint a bheith acu le cineál, agus i leith an t-údarú sin a aisghairm agus a leasú.

(112) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus chun roinnt solúbthachta a áirithiú do na Ballstáit chun bearta náisiúnta níos déine a ghlacadh, lena n-áirítear caighdeáin cháilíochta níos airde, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun údarú a thabhairt do na Ballstáit na ceanglais sin a ghlacadh maidir le AAP a tháirgeadh agus a mhargú, ar choinníoll go bhfreagraíonn na bearta sin d'éilimh an mhargaidh, do dhálaí sonracha táirgthe nó do dhálaí agra-aeráide an Bhallstáit sin. Níor cheart, leis na bearta níos déine sin, aon toirmeasc ná srian a fhorchur ar ghluaiseacht táirgí de thionscnamh Ballstát eile nó atá beartaithe do Bhallstáit eile, ná níor cheart aon toirmeasc ná srian a bheith mar thoradh ar na bearta sin.

(113) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus chun roinnt solúbthachta a áirithiú do na Ballstáit maidir le speicis a bhfuil a saothrú ina gcríoch neamhshuntasach, agus i gcás ina gcruthódh deimhniú agus rialú tháirgeadh an speicis sin ualach riaracháin díréireach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cead sealadach a thabhairt AAP a bhaineann leis na speicis sin a tháirgeadh agus a mhargú sa Bhallstát sin gan a bheith faoi réir na rialacha táirgthe agus margaithe faoin Rialachán seo.

(114) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus chun freagairt thapa ar rioscaí tobanna a áirithiú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun bearta éigeandála a dhéanamh, i gcás ina bhfuil cúiseanna mionsonraithe bunaithe ar eolas eolaíoch nua nó breise lena mheas go bhfuil táirgeadh nó margú AAP ina riosca tromchúiseach do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó do shláinte plandaí, don chomhshaol nó do shaothrú géineas agus speiceas eile, agus nach ndearnadh measúnú ar an riosca sin de bhun aon riail eile de chuid an Aontais agus nach féidir é a shrianadh go sásúil le bearta arna ndéanamh ag an mBallstát lena mbaineann. Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh, ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil bonn cirt cuí leo, chun aghaidh a thabhairt ar riosca tromchúiseach do shláinte an duine.

(115) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme i dtaca le AAP a allmhairiú, agus chun a áirithiú go gcomhlíonann ceanglais an tríú tír ceanglais an Aontais, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i leith a aithint cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann AAP ó ghéinis, ó speicis nó ó chatagóirí sonracha a táirgeadh i dtríú tír, nó i limistéir áirithe de thríú tír, ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin is infheidhme maidir le AAP a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas, chun é a allmhairiú. Ba cheart don Choimisiún iniúchadh a dhéanamh maidir le haon chéad iarraidh ar choibhéis ó thríú tír. Aithníodh coibhéis AAP de thionscnamh tríú tíortha trí nósanna imeachta éagsúla i gcomhréir leis na Treoracha maidir le AAP a mhargú, agus trí ghníomhartha a glacadh ar bhonn Airteagal 43(2) CFAE, eadhon Cinntí 2003/17/CE[25] agus 2005/834/CE[26] ón gComhairle. Chun soiléireacht dhlíthiúil a áirithiú maidir leis an aistriú chuig an gcreat dlíthiúil nua, ba cheart na cinntí coibhéise sin a aisghairm, agus ba cheart aitheantas coibhéise na gcinntí sin agus na rialachán cur chun feidhme sin a thabhairt faoi aon ghníomh cur chun feidhme amháin. Chun leanúnachas agus coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le haitheantas a thabhairt do choibhéis AAP a allmhairítear ó na tríú tíortha lena mbaineann ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún tíortha ar aithníodh coibhéis ina leith i gcomhréir leis na gníomhartha sin a áireamh i ngníomh cur chun feidhme, gan iniúchtaí.

---

[25] Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i dtríú tíortha ar bharra táirgthe síl agus maidir le coibhéis síl a tháirgtear i dtríú tíortha (IO L 8, 14.1.2003, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2003/17(1)/oj).

[26] Cinneadh 2005/834/CE ón gComhairle an 8 Samhain 2005 maidir le coibhéis na seiceálacha ar chleachtais le haghaidh cineálacha a chothabháil a dhéantar i dtríú tíortha agus lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE (IO L 312, 29.11.2005, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/834/oj).

(116) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme agus chun comhsheasmhacht a áirithiú freisin sa chaoi a n-aithníonn an tAontas go bhfuil ceanglais tríú tíortha coibhéiseach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis na sonraí agus an fhaisnéis atá le soláthar ag tríú tíortha chun na críche sin a shonrú.

(117) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme agus chun a áirithiú go ndéanfar na cineálacha cláraithe a chothabháil go hiomchuí i dtríú tíortha freisin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i leith a aithint go ngabhfaidh na ráthaíochtaí céanna leis na seiceálacha maidir le cothabháil cineáil a dhéantar sa tríú tír leis na seiceálacha sin atá infheidhme san Aontas.

(118) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus na prótacail arna mbunú ag CPVO, na treoirlínte is infheidhme ón Aontas Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha nua Plandaí (UPOV) nó na prótacail náisiúnta ábhartha eile á gcur san áireamh, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun ceanglais shonracha a leagan síos maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht in aghaidh an ghéinis nó an speicis cineálacha, lena n-áirítear ceanglais aonfhoirmeachta choigeartaithe le haghaidh cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach, agus na saintréithe agus an fhaisnéis atá le cumhdach leis an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil ar an gcineál i gcás cineálacha caomhantais nó cineálacha arna n-oiriúnú go logánta.

(119) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme agus chun inchreidteacht agus ardcháilíocht na scrúduithe ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht a áirithiú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun a údarú do na hoifigí scrúdúcháin scrúdú teicniúil a dhéanamh ar chineál i gcás na ngéineas nó na speiceas faoi seach. Chun inchreidteacht agus ardcháilíocht na scrúduithe sin a áirithiú, ba cheart an t-údarú sin a ghlacadh ar bhonn tuairim ó CPVO maidir le hoiriúnacht na hoifige scrúdúcháin na scrúduithe sin a dhéanamh.

(120) Ar an gcaoi chéanna, agus chun feabhas a chur ar an bhféidearthacht atá ag an Aontas cineálacha a chlárú, mura bhfuil aon oifig scrúdúcháin san Aontas údaraithe do na géinis nó do na speicis faoi seach, ba cheart a bheith in ann oifigí scrúdúcháin a úsáid i dtríú tír. Ar an gcúis sin, agus chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun oifigí scrúdúcháin a údarú i dtríú tíortha. Chun inchreidteacht agus ardcháilíocht na scrúduithe sin a áirithiú, ba cheart an t-údarú sin a ghlacadh ar bhonn tuairim ó CPVO maidir le hoiriúnacht na hoifige scrúdúcháin na scrúduithe sin a dhéanamh.

(121) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun sonrú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leis na húdaráis inniúla comhoibriú le daoine nádúrtha nó dlítheanacha chun scrúdú teicniúil a dhéanamh ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht agus ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe.

(122) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun rialacha sonracha a ghlacadh lena sonraítear méid an tsampla chaighdeánaigh de chineálacha cláraithe agus lena leagtar síos na rialacha maidir lena ionadú agus maidir lena chur ar fáil d'údaráis inniúla eile.

(123) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na formáidí teicniúla a shonrú le haghaidh thuairisciú na mBallstát ar fheidhmiú chóras táirgthe agus margaíochta AAP.

(124) Chun nach gcuirfear isteach ar tháirgeadh agus ar mhargú AAP mar gheall ar an aistriú ó na Treoracha maidir le AAP a mhargú go dtí na rialacha nua, ba cheart bearta speisialta a ghlacadh. Dá réir sin, ba cheart leanúint de AAP a táirgeadh nó a margaíodh roimh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur ar fáil ar an margadh chun gur féidir stoic atá ann cheana a úsáid agus dramhaíl a sheachaint. Ina theannta sin, ba cheart cineálacha a cláraíodh de réir na dTreoracha maidir le AAP a mhargú a chlárú i gcomhréir leis an Rialachán seo gan an nós imeachta clárúcháin nua a chur i bhfeidhm. Thairis sin, cineálacha géineas nó speiceas a chumhdaítear leis an Rialachán seo nár cumhdaíodh sna Treoracha maidir le AAP a mhargú agus a cláraíodh i gclár náisiúnta cineálacha de bhun rialacha náisiúnta roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart iad a chlárú sna cláir náisiúnta cineálacha ábhartha gan na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart an clárú sin a dhéanamh faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ar na cúiseanna céanna, faoi choinníollacha sonracha, ba cheart oibreoirí gairmiúla a chlárú gan iarratas ar chlárú a chur isteach, má tá siad cláraithe i gcomhréir leis na Treoracha maidir le AAP a mhargú.

(125) Ba cheart na Treoracha maidir le AAP a mhargú a aisghairm toisc go gcuirtear an Rialachán seo ina n-ionad. Mar iarmhairt air sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/2031 a leasú chun tagairtí do na Treoracha sin a scriosadh agus chun a áirithiú go ndéantar lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais a rialáil faoin Rialachán sin go heisiach agus go gcumhdaítear gach sórt AAP.

(126) Ba cheart Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] a leasú chun táirgeadh agus margú AAP a áireamh ina raon feidhme i gcomhréir leis an Rialachán seo. Tá sé sin tábhachtach chun cur chuige aonfhoirmeach a ráthú a mhéid a bhaineann le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile le haghaidh tháirgeadh iomlán na bplandaí agus an bhiaslabhra, ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2017/625 maidir le raon feidhme Rialacháin (AE) 2016/2031 agus (AE) 2018/848 freisin.

(127) Ina leith sin, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún rialacha a leagan síos i dtaca le rialuithe oifigiúla ar AAP a fheidhmiú chun comhlíontacht le rialacha an Aontais a fhíorú agus maidir le AAP a allmhairiú isteach san Aontas, agus a mhargú laistigh de, agus maidir le gníomhaíochtaí na n-oibreoirí gairmiúla le linn dóibh AAP a tháirgeadh, chomh maith le rialacha maidir le gníomhaíocht arna déanamh ag na húdaráis inniúla tar éis na rialuithe oifigiúla sin a dhéanamh.

---

[27] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj).

(128) Mar sin féin, níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2017/625 ina iomláine maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le clárú cineálacha sa Rialachán seo. Thairis sin, ba cheart maoluithe a dhéanamh sa Rialachán seo ar Airteagail shonracha den Rialachán sin. Áirítear leis sin go háirithe na forálacha sin de Rialachán (AE) 2017/625 lena bhforchuirtear ualaí riaracháin nua ar na húdaráis inniúla a bheadh díréireach le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.

(129) I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, chun a áirithiú go bhfaightear go leor taithí ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo sula ndéanfar aon leathnú ar na ceanglais maidir le luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe chun géinis nó speicis bhreise a áireamh, measann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle nár cheart aon tuarascáil lena ndéantar measúnú ar an leathnú sin a chur i láthair ach go ceann 10 mbliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ní dochar an Rialachán seo do cheart tionscnaimh an Choimisiúin faoi Airteagal 17(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

(130) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon cur chuige comhchuibhithe a áirithiú i ndáil le táirgeadh agus margú AAP, a chomhlíonadh agus, dá réir sin, de bhun a éifeachtachta, a chastachta, agus a charachtair trasteorann agus idirnáisiúnta, go bhféadfaí é a bhaint amach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú. Ina fhianaise sin, agus de réir mar is gá, tugtar maoluithe nó ceanglais shonracha isteach leis maidir le sóirt áirithe AAP agus le hoibreoirí gairmiúla áirithe.

(131) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó 48 mí tar éis dó teacht i bhfeidhm, chun go mbeidh na húdaráis inniúla agus na hoibreoirí gairmiúla in ann oiriúnú dá fhorálacha agus chun an tréimhse is gá a sholáthar chun na gníomhartha ábhartha, na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha a bhaineann le hábhar atáirgthe plandaí (‘AAP’) a tháirgeadh d’fhonn margú agus le AAP a mhargú san Aontas, agus go háirithe ceanglais maidir le AAP a tháirgeadh sa ghort agus i láithreáin eile, maidir le catagóirí AAP, ceanglais maidir le sainaitheantas agus cáilíocht, deimhniú, lipéadú, pacáistiú, allmhairí, oibreoirí gairmiúla agus clárú na gcineálacha.

Airteagal 2

Raon feidhme agus cuspóirí

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le AAP a bhaineann leis na géinis agus leis na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I, i leith na n-úsáidí a léirítear san Iarscríbhinn sin, chomh maith lena hibridí.

   Tá feidhm aige freisin maidir le fréamhstoic agus le codanna eile plandaí de ghéinis nó de speicis seachas iad siúd a liostaítear in Iarscríbhinn I, nó hibridí díobh, má tá ábhar de na géinis nó de na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I nó hibridí díobh beangaithe orthu nó má tá siad le beangú orthu.

2. Ní bheidh feidhm ag ceanglais an Rialacháin seo a bhaineann le AAP a tháirgeadh ach maidir le táirgeadh d'fhonn AAP a mhargú san Aontas.

3. Is iad seo a leanas cuspóirí an Rialacháin seo:

(a) cáilíocht agus éagsúlacht AAP a áirithiú, agus infhaighteacht AAP den sórt sin a áirithiú do gach úsáideoir, lena n-áirítear d'oibreoirí gairmiúla agus d'fheirmeoirí;

(b) coinníollacha córa a áirithiú le haghaidh iomaíocht idir oibreoirí gairmiúla ar fud an Aontais, agus chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh in AAP a áirithiú;

(c) tacú le nuálaíocht in earnáil AAP san Aontas agus le hiomaíochas na hearnála sin;

(d) rannchuidiú le caomhnú, lena n-áirítear caomhnú dinimiciúil, agus le húsáid inbhuanaithe na n-acmhainní géiniteacha plandaí agus leis an agrai-bhithéagsúlacht;

(e) rannchuidiú leis an táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe arna oiriúnú do dhálaí aeráide agus dálaí timpeallachta eile atá ann faoi láthair agus a mheastar a bheidh ann amach anseo;

(f) rannchuidiú leis an tslándáil bia agus beatha agus leis an gceannasacht bia agus beatha.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena leasaítear Iarscríbhinn I chun í a oiriúnú d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus d'athruithe ar na sonraí eacnamaíocha a bhaineann le géinis agus speicis a tháirgeadh agus a mhargú trí ghéinis agus speicis a chur léi nó a bhaint di le haghaidh úsáid amháin nó níos mó.

Leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfar géineas nó speiceas le haghaidh úsáid amháin nó níos mó a chur leis an liosta in Iarscríbhinn I má chomhlíonann sé dhá cheann ar a laghad de na critéir seo a leanas maidir leis na húsáidí atá beartaithe dóibh:

(a) baineann sé le réigiún suntasach ina dtáirgtear AAP nó ina dtáirgtear an barr ábhartha agus le luach suntasach AAP mhargaithe nó luach suntasach an bhairr ábhartha san Aontas;

(b) baineann tábhacht shubstaintiúil leis maidir le slándáil tháirgeadh an bhia agus na beatha san Aontas, i gcomparáid le géinis agus speicis eile nach liostaítear san Iarscríbhinn sin; agus

(c) déantar AAP an ghéinis nó an speicis sin a mhargú in dhá Bhallstát ar a laghad.

Leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfar géineas nó speiceas le haghaidh úsáid amháin nó níos mó a bhaint den liosta in Iarscríbhinn I mura gcomhlíonann sé dhá cheann ar a laghad de na critéir a leagtar amach sa dara fomhír níos mó.

Sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun na míre seo, sonrófar na critéir a úsáidtear chun a chinneadh go bhfuil an limistéar táirgthe nó an luach margaidh suntasach nó go bhfuil an tábhacht maidir leis an táirgeadh bia agus beatha ó thaobh shlándáil de suntasach i ndáil leis na géinis agus na speicis agus na húsáidí lena mbaineann.

5. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le:

(a) AAP de ghéinis agus de speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I a bheartaítear chun críoch ornáideach i gcomhréir le Treoir 98/56/CE, cé is moite de shíolta a bheartaítear lena n-úsáid ar scraith féir;

(b) ábhar atáirgthe foraoise atá faoi réir Rialachán (AE) 2026/1392;

(c) AAP a bheartaítear lena onnmhairiú chuig tríú tíortha amháin, ar choinníoll go sainaithnítear amhlaidh é;

(d) AAP a dhíoltar nó a aistrítear ar bhealach ar bith, bíodh sé saor in aisce nó ná bíodh, idir úsáideoirí neamhghairmiúla;

(e) AAP nach n-úsáidtear ach amháin le haghaidh cigireachta, samplála nó tástála a dhéantar go hoifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil, le haghaidh pórúcháin agus roghnúcháin, le haghaidh taispeántas nó chun críoch taighde nó chun críoch eolaíoch eile, ar choinníoll go sainaithnítear amhlaidh é;

(f) AAP atá faoi réir conarthaí seirbhíse chun críocha próiseála, lena n-áirítear glanadh, dífhabhtú, cóireáil agus pacáistiú, nó chun críocha iompair nó stórála, ar choinníoll nach bhfaigheann soláthraí na seirbhísí sin teideal chuig an AAP sin agus go n-áirithítear inrianaitheacht an AAP sin;

(g) AAP a aistrítear chuig bainc ghéinte nó uathu chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú;

(h) ábhar ilchineálach orgánach a tháirgtear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848.

6. Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur tagairtí do thríú tíortha agus do na críocha dá dtagraítear in Airteagal 355(1) CFAE, cé is moite de Mhaidéara, de na hAsóir agus de na hOileáin Chanáracha, iad tagairtí do thríú tíortha.

Chun críocha an Rialacháin seo, measfar gur tagairtí do chríoch an Aontais gan na críocha dá dtagraítear in Airteagal 355(1) CFAE, cé is moite de Mhaidéara, de na hAsóir agus de na hOileáin Chanáracha, iad tagairtí do chríoch an Aontais.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘ábhar atáirgthe plandaí’ nó ‘AAP’ plandaí le haghaidh plandú, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4), de Rialachán (AE) 2016/2031, lena n-áirítear síolta, atá in ann an méid seo a leanas a dhéanamh agus atá beartaithe lena aghaidh:

(a) táirgeadh plandaí iomlána nó codanna de phlandaí; nó

(b) táirgeadh torthaí, glasraí nó barr eile;

(2) ciallaíonn ‘síolta’ síolta sa ghnáthchiall luibheolaíoch;

(3) ciallaíonn ‘margú’ na gníomhaíochtaí seo a leanas arna ndéanamh ag oibreoir gairmiúil:

(a) díol, coinneáil le díol amach anseo, aistriú saor in aisce, nó díol a thairiscint, lena n-áirítear ar líne, nó aon aistriú nó dáileadh eile laistigh den Aontas; nó

(b) allmhairiú isteach san Aontas;

(4) ciallaíonn ‘oibreoir gairmiúil’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach, seachas údarás inniúil, a rialaítear leis an dlí poiblí nó príobháideach, atá páirteach go gairmiúil i gceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas san Aontas a bhaineann le AAP agus atá freagrach go dlíthiúil as ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí sin:

(a) táirgeadh d’fhonn margú;

(b) margú;

(c) cineálacha a chothabháil;

(d) cigireacht allamuigh, sampláil, tástáil saotharlainne, stóráil, próiseáil, pacáistiú, séalú nó lipéadú;

(5) ciallaíonn ‘úsáideoir neamhghairmiúil’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a fhaigheann, a aistríonn agus a úsáideann AAP chun críoch atá lasmuigh de ghníomhaíochtaí gairmiúla an duine sin;

(6) ciallaíonn ‘údarás inniúil’ an t-údarás lárnach nó réigiúnach de chuid Ballstáit, nó, i gcás inarb infheidhme, an t-údarás comhfhreagrach de chuid tríú tír, ar a bhfuil freagracht as eagrú na rialuithe oifigiúla, an chláraithe, an deimhnithe agus na ngníomhaíochtaí oifigiúla eile a bhaineann le AAP a tháirgeadh agus a mhargú, nó aon údarás eile dár tugadh na freagrachtaí sin i gcomhréir le dlí an Aontais;

(7) ciallaíonn ‘catagóir’ AAP grúpa nó aonad aonair AAP a cháilíonn mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha, deimhnithe nó caighdeánacha nó mar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe nó caighdeánach agus atá in-sainaitheanta ar bhonn a chomhlíontachta le ceanglais shonracha maidir le sainaitheantas agus le cáilíocht;

(8) ciallaíonn ‘síolta réamhbhunúsacha’ síolta a bhaineann le glúnta roimh ghlúin na síolta bunúsacha, a bheartaítear chun tuilleadh glúnta de shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe a tháirgeadh, agus a bhfuarthas ina leith, trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann siad na coinníollacha faoi seach a leagtar síos in Iarscríbhinn II;

(9) ciallaíonn ‘síolta bunúsacha’ síolta a táirgeadh ó shíolta réamhbhunúsacha nó ó ghlúnta roimhe sin de shíolta bunúsacha, atá beartaithe chun tuilleadh glúnta de shíolta bunúsacha nó de shíolta deimhnithe a tháirgeadh, agus a bhfuarthas ina leith, trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann siad na coinníollacha faoi seach a leagtar síos in Iarscríbhinn II;

(10) ciallaíonn ‘síolta deimhnithe’ síolta a táirgeadh ó shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó ó ghlúnta roimhe sin de shíolta deimhnithe, atá beartaithe chun tuilleadh glúnta de shíolta deimhnithe a tháirgeadh nó le haghaidh saothrú, agus a bhfuarthas ina leith, trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann siad na coinníollacha faoi seach a leagtar síos in Iarscríbhinn II;

(11) ciallaíonn ‘síolta caighdeánacha’ síolta seachas síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe a chomhlíonann na coinníollacha faoi seach a leagtar síos in Iarscríbhinn III;

(12) ciallaíonn ‘ábhar réamhbhunúsach’ AAP seachas síolta a bhaineann le glúnta roimh ghlúin an ábhair bhunúsaigh, atá beartaithe chun tuilleadh glúnta d’ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe a tháirgeadh agus a bhfuarthas ina leith, trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha faoi seach a leagtar síos in Iarscríbhinn II;

(13) ciallaíonn ‘ábhar bunúsach’ AAP seachas síolta, a táirgeadh ó ábhar réamhbhunúsach nó ó ghlúnta roimhe d’ábhar bunúsach, atá beartaithe chun tuilleadh glúnta d’ábhar bunúsach nó d’ábhar deimhnithe a tháirgeadh, agus a bhfuarthas ina leith, trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha faoi seach a leagtar síos in Iarscríbhinn II;

(14) ciallaíonn ‘ábhar deimhnithe’ AAP seachas síolta a táirgeadh ó ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó ó ghlúnta roimhe sin d’ábhar deimhnithe nó ó shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó ó ghlúnta roimhe sin de shíolta deimhnithe, atá beartaithe chun tuilleadh glúnta d’ábhar bunúsach nó d’ábhar deimhnithe a tháirgeadh nó le haghaidh saothrú, agus a bhfuarthas ina leith, trí bhíthin deimhniú oifigiúil nó deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil, go gcomhlíonann sé na coinníollacha faoi seach a leagtar síos in Iarscríbhinn II;

(15) ciallaíonn ‘ábhar caighdeánach’ AAP seachas síolta nó ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe a chomhlíonann na coinníollacha faoi seach a leagtar síos in Iarscríbhinn III;

(16) ciallaíonn ‘prátaí síl’ tiúbair, lena n-áirítear miontiúbair, agus ábhar micriomadaithe de iSolanum tuberosum L. saothraithe a chruthaíonn tiúbair a úsáidtear le haghaidh plandú;

(17) ciallaíonn ‘fíorshíol prátaí’ síolta iSolanum tuberosum L.;

(18) ciallaíonn ‘máthairphlanda’ planda sainaitheanta atá beartaithe le AAP a tháirgeadh;

(19) ciallaíonn ‘clón’ sliocht aonair planda arna dhíothú ar dtús ó phlanda aonair eile trí iomadú fásúil, agus atá comhionann go géiniteach leis an bplanda eile sin fós;

(20) ciallaíonn ‘clón roghnaithe’ clón arb é sliocht fásúil planda aonair é, atá i gcomhréir leis an tuairisc ar chineál áirithe agus a roghnaíodh mar gheall ar a shaintréithe feinitíopacha agus a stádas fíteashláintíochta;

(21) ciallaíonn ‘ábhar polaclónach’ grúpa de dhá shliocht plandaí aonair nó níos mó, seachas meascáin de chlóin roghnaithe, a dhíorthaítear ó ghéinitíopaí éagsúla den chineál céanna, a roghnaítear mar ghrúpa, a bhfuil éagsúlacht ilchineáil ag na comhaltaí aonair i gcomparáid lena chéile;

(22) ciallaíonn ‘deimhniú oifigiúil’ fianú oifigiúil arna dhéanamh ag an údarás inniúil ar chomhlíontacht na síolta bunúsacha, réamhbhunúsacha nó deimhnithe nó an ábhair bhunúsaigh, réamhbhunúsaigh nó dheimhnithe le ceanglais infheidhme an Rialacháin seo i gcás ina bhfuil na cigireachtaí, an tsampláil agus an tástáil ábhartha uile, lena n-áirítear an tástáil ar dháileachtaí talún cóimheasa, i gcás inarb iomchuí, déanta ag an údarás sin;

(23) ciallaíonn ‘deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil’ fianú ó oibreoir gairmiúil údaraithe go gcomhlíonann síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe nó ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe ceanglais infheidhme an Rialacháin seo i gcás ina ndéanann an t-oibreoir gairmiúil sin ceann amháin ar a laghad de na cigireachtaí, den tsampláil, den tástáil nó den phriontáil agus den ghreamú lipéad ábhartha faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil;

(24) ciallaíonn ‘cineál’ cineál, mar a shainmhínítear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94;

(25) ciallaíonn ‘tuairisc oifigiúil’ tuairisc ar chineál a shuigh údarás inniúil ar bhonn scrúdú ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht an chineáil sin, a chuimsíonn saintréithe ábhartha an chineáil sin agus a fhágann gur féidir an cineál sin a shainaithint;

(26) ciallaíonn ‘tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil’ tuairisc scríofa ar chineál caomhantais nó ar chineál arna oiriúnú go logánta arna aithint ag údaráis inniúil;

(27) ciallaíonn ‘cothabháil cineáil’ na gníomhaíochtaí a dhéantar chun íonacht cineáil agus sainaitheantas cineáil a áirithiú agus go háirithe chun a áirithiú nach n-athrófar an cineál agus a shaintréithe ábhartha á léiriú tar éis iomadú a dhéanamh arís agus arís eile nó, i gcás timthriall áirithe iomadaithe, ag deireadh gach timthrialla mar sin;

(28) ciallaíonn ‘sampla caighdeánach’ sampla AAP de chineál atá ionadaíoch ar an gcineál sin arna úsáid ag an údarás inniúil mar thagairt agus an sainaitheantas cineáil, an íonacht cineáil agus an chothabháil cineáil á seiceáil chun críocha an Rialacháin seo;

(29) ciallaíonn ‘seach-tíopaí’ plandaí ar léir go bhfuil siad éagsúil leis an gcineál a bhfuil siad ceaptha baint a bheith acu leis de bhun an Rialacháin seo agus aon saintréithe ábhartha á léiriú, agus gnéithe ar leith a iomadaithe á gcur san áireamh;

(30) ciallaíonn ‘lotnaidí cáilíochta’ lotnaidí a mbaineann an méid seo a leanas leo:

(a) ní lotnaidí coraintín, lotnaidí coraintín na gcriosanna cosanta, lotnaidí neamhcoraintín rialáilte de chuid an Aontais de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/2031, ná lotnaidí atá faoi réir na mbeart arna nglacadh de bhun Airteagal 30(1) den Rialachán sin iad;

(b) bíonn siad ann agus AAP á tháirgeadh nó tar éis a bhuainte; agus

(c) bíonn drochthionchar do-ghlactha acu, trí bheith ann, ar cháilíocht AAP, agus tionchar eacnamaíoch do-ghlactha a mhéid a bhaineann le húsáid an AAP sin san Aontas;

(31) ciallaíonn ‘saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta’ go bhfuil méid na lotnaidí cáilíochta atá ar AAP íseal go leor chun cáilíocht inghlactha agus úsáideacht inghlactha an AAP sin a áirithiú;

(32) ciallaíonn ‘luchtóg’ cainníocht shainithe AAP, atá in-sainaitheanta ar bhonn aonchineálacht a chomhdhéanaimh;

(33) ciallaíonn ‘cineál caomhantais’ cineál:

(a) a fhástar i réigiún áirithe den Aontas go traidisiúnta (‘réigiún tionscnaimh’);

(b) atá oiriúnaithe do dhálaí agra-aeráide logánta agus do chórais feirmeoireachta an réigiúin sin; agus

(c) ar féidir aonfhoirmeacht laghdaithe a bheith mar shaintréith aige mar gheall ar leibhéal áirithe éagsúlachta géinití nó feinitíopaí idir aonaid atáirgthe aonair;

(34) ciallaíonn ‘cineál arna oiriúnú go logánta’ cineál:

(a) a póraíodh le déanaí i réigiún áirithe den Aontas (‘réigiún tionscnaimh’) mar thoradh ar ghníomhaíochtaí caomhnaithe dinimiciúla nó modhanna pórúcháin agus roghnúcháin eile a chuirtear i bhfeidhm faoi choinníollacha nádúrtha nó faoi choinníollacha arna mbainistiú ag feirmeoirí;

(b) atá oiriúnaithe do dhálaí agra-aeráide logánta agus do chórais feirmeoireachta an réigiúin sin; agus

(c) i gcás cineálacha seachas cineálacha arna n-iomadú go fásúil, arb is saintréith dó aonfhoirmeacht laghdaithe mar gheall ar leibhéal áirithe éagsúlachta géinití nó feinitíopaí idir aonaid atáirgthe aonair;

(35) ciallaíonn 'feirmeoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chleachtann gníomhaíocht go gairmiúil i réimse an táirgthe plandaí, lena n-áirítear talmhaíocht agus gairneoireacht;

(36) ciallaíonn 'síolta amha' síolta neamhphróiseáilte de phlandaí glasraí, dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, a tháirgtear i dtríú tír agus a allmhairítear isteach san Aontas lena bpróiseáil agus lena margú i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(37) ciallaíonn 'banc géinte' eagraíocht a bhfuil sé d'aidhm aici acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú ionas go mbeidh na hacmhainní sin ar fáil go leanúnach don phobal chun críoch taighde, pórúcháin agus roghnúcháin, oideachais, oiliúna agus úsáide dírí, agus atá aitheanta amhlaidh ag an údarás inniúil ábhartha;

(38) ciallaíonn 'orgánach géinmhodhnaithe' orgánach géinmhodhnaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) de Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28], cé is moite d'orgánaigh a fhaightear trí theicnící an mhodhnaithe géinitigh a liostaítear in Iarscríbhinn I B a ghabhann leis an Treoir sin;

---

[28] Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh orgánach géinmhodhnaithe d'aon ghnó sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2001/18/oj).

(39) ciallaíonn ‘planda TGN’ planda TGN mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (9), de Rialachán (AE) 2026/1388 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29].

Airteagal 4

Comhlíontacht le Rialachán (AE) 2016/2031

Beidh feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do Rialachán (AE) 2016/2031.

Comhlíonfaidh aon AAP a tháirgtear agus a mhargaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo na rialacha a leagtar síos, nó dá bhforáiltear, i bhforálacha ábhartha Rialachán (AE) 2016/2031 a bhaineann le lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, lotnaidí coraintín de chuid na gcriosanna cosanta agus lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais, agus na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 30(1) den Rialachán sin.

[29] Rialachán (AE) 2026/1388 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2026 maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a dtáirgí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 (IO L, 2026/1388, 26.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1388/oj).

Caibidil II

Ceanglais a bhaineann le cineálacha, catagóirí AAP, lipéadú, údaruithe, láimhseáil, allmhairí agus maoluithe

ROINN 1

CEANGLAIS GHINEARÁLTA MAIDIR LE AAP A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ

Airteagal 5

AAP a bhaineann le cineál cláraithe

1. Ní fhéadfar AAP a tháirgeadh agus a mhargú laistigh den Aontas ach amháin má bhaineann sé le cineál atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 49.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar AAP a tháirgeadh agus a mhargú laistigh den Aontas gan beann ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann sé le cineál atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 49 sna cásanna seo a leanas:

   (a) is fréamhstoc é le haghaidh plandaí torthaí agus fíniúnacha nach mbaineann le cineál ar bith agus táirgtear agus margaítear é le tagairt don ghéineas nó don speiceas lena mbaineann sé, agus an tagairt sin, i gcás margaíochta, i lipéadú iomchuí;

(b) tá sé beartaithe d'úsáideoirí neamhghairmiúla i gcomhréir le hAirteagal 24;

(c) déanann eagraíochtaí agus líonraí é a tháirgeadh nó a mhargú chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú i gcomhréir le hAirteagal 25;

(d) malartaíonn feirmeoirí i gcomhchineál é i gcomhréir le hAirteagal 26;

(e) is máthair-chomhpháirt de chineál hibrideach é atá beartaithe chun cineálacha hibrideacha deiridh a tháirgeadh;

(f) baineann sé le cineál atá faoi réir iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 28;

(g) tá deacrachtaí sealadacha ann maidir le soláthar AAP dá dtagraítear in Airteagal 30.

3. De mhaolú ar mhír 1, ní fhéadfar na cineálacha AAP seo a leanas a tháirgeadh ná a mhardú ach amháin muna mbaineann siad le cineál cláraithe:

(a) meascáin le haghaidh leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 22;

(b) síolta tráchtála i gcomhréir le hAirteagal 29.

Airteagal 6

AAP a bhaineann le catagóirí áirithe

1. Ní fhéadfar AAP a tháirgeadh ná a mhargú laistigh den Aontas ach amháin má bhaineann sé le ceann de na catagóirí seo a leanas:

   (a) síolta réamhbhunúsacha nó ábhar réamhbhunúsach;

   (b) síolta bunúsacha nó ábhar bunúsach;

   (c) síolta deimhnithe nó ábhar deimhnithe;

   (d) síolta caighdeánacha nó ábhar caighdeánach.

   I gcás ina ndéantar tagairt sa Rialachán seo do chatagóirí níos ísle nó níos airde a bhaineann le sainaitheantas agus le cáilíocht AAP, beidh an cinneadh sin bunaithe ar rangú ord phointí (a) go (d), agus an rangú is airde ag pointe (a) agus an rangú is ísle ag pointe (d).

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar AAP a tháirgeadh agus a mhargú gan beann ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann sé le catagóir a liostaítear i bpointí (a) go (d) den mhír sin sna cásanna seo a leanas:

   (a) is meascán le haghaidh leasaithe é a tháirgtear i gcomhréir le hAirteagal 22 ann;

   (b) tá sé beartaithe d'úsáideoirí neamhghairmiúla i gcomhréir le hAirteagal 24;

(c) déanann eagraíochtaí agus líonraí é a tháirgeadh nó a mhargú chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú i gcomhréir le hAirteagal 25;

(d) malartaíonn feirmeoirí i gcomhchineál é i gcomhréir le hAirteagal 26;

(e) baineann sé le glúin roimh shíolta réamhbhunúsacha nó ábhar réamhbhunúsach i gcomhréir le hAirteagal 27;

(f) is síolta tráchtála é i gcomhréir le hAirteagal 29.

Airteagal 7

AAP atá le táirgeadh nó le margú mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe nó mar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe, agus mar sin amháin

1. Ní dhéanfar AAP a bhaineann leis na géinis nó leis na speicis, agus le haghaidh na n-úsáidí atá beartaithe, a léirítear i gcolún 2 d'Iarscríbhinn I a tháirgeadh ná a mhargú ach amháin mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe nó mar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe.

2. Ní dhéanfar AAP de chlóin roghnaithe a tháirgeadh ná a mhargú ach amháin mar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe de phlandaí torthaí agus d'fhíniúnacha.

3. Ní dhéanfar fréamhstoic fíniúna a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin mar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 chun colún 2 d'Iarscríbhinn I a leasú.

Leis na gníomhartha tarmligthe sin, cuirfear géineas nó speiceas le haghaidh úsáid amháin nó níos mó le colún 2 d'Iarscríbhinn I má chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) tá gá le ráthaíochtaí níos airde maidir le cáilíocht AAP den ghéineas nó den speiceas sin; agus

(b) tá costais na ngníomhaíochtaí deimhniúcháin is gá chun AAP den ghéineas nó den speiceas sin a tháirgeadh agus a mhargú mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe nó mar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe comhréireach.

Leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, scriosfar géineas nó speiceas le haghaidh úsáid amháin nó níos mó ó cholún 2 d'Iarscríbhinn I mura bhfuil sé comhréireach a thuilleadh é a áireamh.

5. Beidh an measúnú ar choinníoll na comhréireachta dá dtagraítear i mír 4, an dara fomhír, pointe (b), agus an tríú fomhír, bunaithe ar mheasúnú foriomlán ar na gnéithe seo a leanas, in éineacht lena chéile:

(a) tábhacht an ghéinis nó an speicis lena mbaineann ó thaobh shlándáil bia agus beatha an Aontais a áirithiú, nó ó thaobh ardluach na próiseála tionsclaíche a áirithiú;

(b) méid tháirgeacht an ghéinis nó an speicis sin san Aontas;

(c) an t-éileamh ar an ngéineas nó ar an speiceas sin ó oibreoirí gairmiúla agus oibreoirí thionscal an bhia agus na beatha;

(d) na costais a bhaineann le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe nó ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a tháirgeadh i gcomparáid leo siúd a bhaineann le síolta caighdeánacha nó ábhar caighdeánach nó cineálacha eile AAP den ghéineas nó den speiceas céanna a tháirgeadh; agus

(e) na tairbhí eacnamaíocha, fíteashláintíochta nó comhshaoil a dhíorthaítear ó shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe nó ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a tháirgeadh agus a mhargú, agus na caighdeáin is airde a bhaineann le haitheantas agus cáilíocht á gcur i bhfeidhm maidir le AAP den sórt sin, i gcomparáid leis an gcás le haghaidh síolta caighdeánacha nó ábhar caighdeánach nó cineálacha eile AAP den ghéineas nó den speiceas céanna.

ROINN 2

CEANGLAIS MAIDIR LE SÍOLTA RÉAMHBHUNÚSACHA, BUNÚSACHA, DEIMHNITHE AGUS CAIGHDEÁNACHA AGUS ÁBHAR RÉAMHBHUNÚSACH, BUNÚSACH, DEIMHNITHE AGUS CAIGHDEÁNACH A THÁIRGEADH AGUS A MHARGÚ

Airteagal 8

Ceanglais maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe agus ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a tháirgeadh agus a mhargú

1. Ní dhéanfar síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha ná deimhnithe a tháirgeadh ná a mhargú san Aontas ach sna cásanna seo a leanas:

(a) tá siad saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta;

(b) margaítear iad tar éis deimhniú oifigiúil nó tar éis deimhniú faoi mhaoirseacht oifigiúil a bheith déanta; agus

(c) déantar iad a tháirgeadh agus a mhargú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCodanna A nó B d'Iarscríbhinn II agus fianaítear a gcomhlíontacht leis na ceanglais sin leis an lipéad oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 17(1).

2. Ní dhéanfar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach ná deimhnithe a tháirgeadh ná a mhargú san Aontas ach sna cásanna seo a leanas:

(a) tá sé saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta;

(b) margaítear é tar éis deimhniú oifigiúil a fháil, nó deimhniú a fháil faoi mhaoirseacht oifigiúil de bhun Airteagal 12; agus

(c) déantar é a tháirgeadh agus a mhargú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid C, D nó E d'Iarscríbhinn II, agus fianaítear a chomhlíontacht leis na ceanglais sin leis an lipéad oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 17(1).

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena leasaítear Iarscríbhinn II chun é a oiriúnú d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme trí cheanglais a leagan síos maidir le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe a shíolú agus a phlandú, agus a shaothrú sna goirt;

(b) síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe a bhuaint agus a iarbhuaint;

(c) síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe a mhargú;

(d) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a shíolú agus a phlandú, agus a shaothrú sna goirt;

(e) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a bhuaint agus a iarbhuaint;

(f) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a mhargú;

(g) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe de chlóin roghnaithe agus ábhar polaclónach a tháirgeadh;

(h) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe de chlóin roghnaithe agus ábhar polaclónach a mhargú;

(i) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a tháirgeadh, arb ábhar é a tháirgtear le hiomadú *in vitro*;

(j) ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a mhargú, arb ábhar é a tháirgtear le hiomadú *in vitro*.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú dá dtagraítear in Iarscríbhinn II maidir le géinis, speicis nó catagóirí áirithe AAP agus, i gcás inarb iomchuí, maidir le gráid, aicmí, glúnta nó foranna eile den chatagóir lena mbaineann, lena n-áirítear le haghaidh máthairphlandaí. Féadfaidh feidhm a bheith ag na ceanglais sin maidir le gach géineas nó speiceas nó maidir le géinis nó speicis áirithe agus bainfidh siad le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(a) rialacha sonracha maidir le ceann amháin nó níos mó de na húsáidí atá beartaithe do na géinis, speicis, nó cineálacha AAP lena mbaineann;

(b) modhanna táirgthe AAP, lena n-áirítear atáirgeadh gnéasach agus éighnéasach agus iomadú *in vitro*;

(c) coinníollacha maidir le síolú nó le plandú;

(d) achair churaíochta agus leithlisiúcháin roimhe seo;

(e) saothrú sna goirt, lena n-áirítear i ngort oscailte agus i dtimpeallacht rialaithe;

(f) íonacht cineáil, sainaitheantas cineáil agus leibhéil láithreachta speiceas eile sa ghort;

(g) buaint agus iarbhuaint;

(h) rátaí péactha, íonacht, cion speiceas eile, cion taise, spreacadh agus ithir nó ábhar coimhthíoch a bheith ann;

(i) modhanna deimhniúcháin AAP, lena n-áirítear ceanglais maidir le cigireachtaí allamuigh, sampláil agus tástáil, agus, i gcás inarb iomchuí, cur i bhfeidhm teicnící bithcheimiceacha agus bith-mhóilíneacha nó modhanna teicniúla eile, i gcás inarb infheidhme ar bhonn na gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha, chomh maith lena bhformheas agus lena n-úsáid, agus liostú na modhanna formheasta san Aontas;

(j) na coinníollacha maidir le fréamhstoic agus le codanna eile plandaí de ghéinis nó de speicis seachas iad siúd a liostaítear in Iarscríbhinn I nó hibridí díobh má tá ábhar iomadaithe de na géinis nó de na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I nó de chuid a hibridí beangaithe orthu;

(k) coinníollacha maidir le síolta a tháirgeadh ó phlandaí torthaí, ó phrátaí nó ó fhíniúnacha;

(l) coinníollacha maidir le AAP de phlandaí torthaí, AAE d'fhíniúin nó prátaí síl a tháirgeadh ó shíolta;

(m) ceanglais maidir le AAP de chlóin roghnaithe agus AAP d'ábhar polaclónach a tháirgeadh agus a mhargú.

Féadfar ceanglais níos déine maidir le táirgeadh agus margú a leagan amach sna gníomhartha cur chun feidhme sin, ar ceanglais iad atá le cur i bhfeidhm i gcodanna áirithe de chríoch an Aontais má cheanglaítear sin le dálaí agra-aeráide, leis an riosca go leathfadh fiailí díobhálacha, nó le dálaí agus riachtanais speisialta eile i limistéir áirithe. Beidh na ceanglais sin comhréireach i bhfianaise na catagóire AAP lena mbaineann.

Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme i ndáil leis na ceanglais a liostaítear sa chéad fhomhír a ghlacadh tráth nach déanaí ná an … [48 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Féadfar iad a leasú chun iad a oiriúnú d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 9

Ceanglais maidir le síolta caighdeánacha agus ábhar caighdeánach a tháirgeadh agus a mhargú

1. Ní dhéanfar síolta caighdeánacha a tháirgeadh ná a mhargú san Aontas ach sna cásanna seo a leanas:

   (a) tá siad saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta;

   (b) déantar iad a tháirgeadh agus a mhargú faoi fhreagracht an oibreora ghairmiúil; agus

   (c) déantar iad a tháirgeadh agus a mhargú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCodanna A nó B d'Iarscríbhinn III agus fianaítear a gcomhlíontacht leis na ceanglais sin le lipéad an oibreora dá dtagraítear in Airteagal 18(1).

2. Ní dhéanfar ábhar caighdeánach a tháirgeadh ná a mhargú san Aontas ach sna cásanna seo a leanas:

   (a) tá sé saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta;

(b) déantar é a tháirgeadh agus a mhargú faoi fhreagracht an oibreora ghairmiúil; agus

(c) déantar é a tháirgeadh agus a mhargú i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCodanna C, D, nó d'Iarscríbhinn III agus fianaítear a chomhlíontacht leis na ceanglais sin le lipéad an oibreora dá dtagraítear in Airteagal 18(1).

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena leasaítear Iarscríbhinn III chun í a oiriúnú d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme trí cheanglais a leagan síos maidir le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) síolú agus plandú, agus saothrú sna goirt chun síolta caighdeánacha a tháirgeadh;

(b) síolta caighdeánacha a bhuaint agus a iarbhuaint;

(c) síolta caighdeánacha a mhargú;

(d) síolú agus plandú, agus saothrú sna goirt chun ábhar caighdeánach a tháirgeadh;

(e) ábhar caighdeánach a bhuaint agus a iarbhuaint;

(f) ábhar caighdeánach a mhargú;

(g) AAP d'ábhar polaclónach a tháirgeadh agus a mhargú;

(h) ábhar caighdeánach a tháirgeadh, arb ábhar é a tháirgtear le hiomadú *in vitro*;

(i) ábhar caighdeánach a mhargú, arb ábhar é a tháirgtear le hiomadú *in vitro*.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú dá dtagraítear in Iarscríbhinn III maidir le géinis nó le speicis áirithe de AAP caighdeánach lena n-áirítear le haghaidh máthairphlandaí. Bainfidh na ceanglais sin le ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas, agus féadfaidh feidhm a bheith acu maidir le gach géineas nó speiceas nó le géinis nó speicis áirithe:

(a) rialacha sonracha maidir le ceann amháin nó níos mó de na húsáidí atá beartaithe do na géinis, speicis, nó cineálacha AAP lena mbaineann;s

(b) modhanna táirgthe AAP, lena n-áirítear atáirgeadh gnéasach agus éighnéasach agus iomadú *in vitro*;

(c) coinníollacha maidir le síolú nó le plandú;

(d) achair churaíochta agus leithlisiúcháin roimhe seo;

(e) saothrú sna goirt, lena n-áirítear i ngort oscailte agus i dtimpeallacht rialaithe;

(f) íonacht cineáil, sainaitheantas cineáil, agus cion speiceas eile sa ghort;

(g) buaint agus iarbhuaint;

(h) rátaí péactha, íonacht, cion speiceas eile, cion taise, spreacadh agus ithir nó ábhar coimhthíoch a bheith ann;

(i) teicnící bithcheimiceacha agus bith-mhóilíneacha nó modhanna teicniúla eile a chur i bhfeidhm, i gcás inarb infheidhme ar bhonn na gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha, mar aon lena bhformheas agus lena n-úsáid, agus modhanna formheasta san Aontas a liostú;

(j) na coinníollacha maidir le fréamhstoic agus le codanna eile plandaí de ghéinis nó de speicis seachas iad siúd a liostaítear in Iarscríbhinn I nó hibridí díobh má tá ábhar iomadaithe de na géinis nó de na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I nó de chuid a hibridí beangaithe orthu;

(k) coinníollacha maidir le síolta a tháirgeadh ó phlandaí torthaí, ó phrátaí nó ó fhíniúin;

(l) coinníollacha maidir le AAP de phlandaí torthaí, AAP d'fhíniúnacha nó prátaí síl a tháirgeadh ó shíolta;

(m) coinníollacha maidir le AAP de chineálacha caomhantais agus cineálacha arna n-oiriúnú go logánta a tháirgeadh agus a mhargú;

(n) coinníollacha maidir le AAP d'ábhar polaclónach a tháirgeadh agus a mhargú.

Féadfar ceanglais níos déine maidir le táirgeadh agus margú a leagan amach sna gníomhartha cur chun feidhme sin, ar ceanglais iad atá le cur i bhfeidhm i gcodanna áirithe de chríoch an Aontais má cheanglaítear sin le dálaí agra-aeráide, leis an riosca go leathfadh fiailí díobhálacha, nó le dálaí agus riachtanais speisialta eile i limistéir áirithe. Beidh na ceanglais sin comhréireach i bhfianaise na catagóire AAP lena mbaineann.

Déanfar na chéad ghníomhartha cur chun feidhme i ndáil leis na ceanglais a liostaítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh tráth nach déanaí ná an … [48 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Féadfar iad a leasú chun iad a oiriúnú d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

ROINN 3

CEANGLAIS SHONRACHA MAIDIR LE TÁSTÁIL AR DHÁILEACHTAÍ TALÚN CÓIMHEASA LE HAGHAIDH SÍOLTA

Airteagal 10

Tástáil ar dháileachtaí talún cóimheasa le haghaidh síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe

1. Déanfaidh an t-údarás inniúil tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa chun a fhíorú go gcomhlíonann na luchtóga de shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe, cé is moite de luchtóga síolta d'fhíniúin agus de phlandaí torthaí, na ceanglais a bhaineann lena sainaitheantas cineáil agus lena n-íonacht cineáil.

   Is éard a bheidh sna tástálacha sin comparáid amhairc idir dáileacht talún cóimheasa arna cur le sampla caighdeánach agus dáileacht talún arna cur le sampla síl ón luchtóg atá le tástáil. Tógfar samplaí atá le tástáil ó cheann amháin díobh seo a leanas:

   (a) luchtóga de shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe a bheartaítear chun glúin nua nó catagóir nua a tháirgeadh; nó

(b) luchtóga síolta ó ghlúin nach mbeartaítear í a iomadú a thuilleadh.

Tógfar samplaí atá le tástáil le linn dheimhniú nó mhargú na luchtóg sin.

Déanfar na samplaí sin a thástáil le linn an tséasúir fáis tar éis an sampla a tharraingt ar a dhéanaí.

2. Déanfar tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa ar gach luchtóg de shíolta réamhbhunúsacha agus bunúsacha. I gcás síolta deimhnithe, cinnfear cion na luchtóg atá le tástáil ar bhonn anailís riosca a bhaineann leis an bhféidearthacht nach gcomhlíonfaidh na síolta na ceanglais is infheidhme.

3. Is é an t-údarás inniúil nó samplóir faoi mhaoirseacht oifigiúil atá údaraithe ag an údarás inniúil a thógfaidh an sampla dá dtagraítear i mír 1 de luchtóg síolta a ndearnadh tástáil uirthi. Féadfar an tsampláil sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as gaireas samplála uathoibríoch arna fhormheas go hoifigiúil ag an údarás inniúil. Má thógtar samplaí le linn margú, is é an t-údarás inniúil a thógfaidh iad.

4. Féadfar teicnící bithcheimiceacha agus bithmhóilíneacha nó modhanna teicniúla eile a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 8(4), pointe (i), a úsáid chun sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil a rialú.

5. Nuair a léiríonn torthaí na tástála dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nár comhlíonadh ceanglais Airteagal 8, déanfaidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

(a) a cheangal go ndéanfar an luchtóg síolta lena mbaineann a tharraingt siar, nó a thoirmeasc go ndéanfar í a iomadú a thuilleadh agus a mhargú;

(b) a cheangal go ndéanfar an luchtóg síolta lena mbaineann a chóireáil chun na ceanglais is infheidhme a chomhlíonadh; nó

(c) gníomh ceartaitheach iomchuí eile a dhéanamh.

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí rialacha a leagan síos a bhaineann le tástáil ar dháileachtaí talún cóimheasa a dhéanamh ar luchtóga síolta de shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe in aghaidh an ghéinis nó an speicis. Cuirfear na rialacha sin in oiriúint d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, agus féadfar iad a leagan síos de réir géinis, speicis nó catagóire. D'fhéadfadh baint a bheith acu leis na gnéithe seo a leanas:

(a) critéir maidir leis an anailís riosca dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a dhéanamh;

(b) an nós imeachta samplála agus tástála, lena n-áirítear teicneolaíochtaí iomchuí;

(c) an mheastóireacht ar thorthaí na dtástálacha.

Airteagal 11

Tástáil ar dháileachtaí talún cóimheasa le haghaidh síolta caighdeánacha

1. Déanfaidh an t-údarás inniúil tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa chun a fhíorú go gcomhlíonann na luchtóga de shíolta caighdeánacha, cé is moite de luchtóga síolta d'fhíniúin agus de phlandaí torthaí, na ceanglais a bhaineann lena sainaitheantas cineáil agus lena n-íonacht cineáil.

   Is éard a bheidh sna tástálacha sin comparáid amhairc idir dáileacht talún cóimheasa arna cur le sampla caighdeánach agus dáileacht talún arna cur le sampla síl ón luchtóg atá le tástáil. Tógfar samplaí atá le tástáil le linn mhargú na luchtóige.

2. Déanfar tástálacha ar dháileachtaí talún cóimheasa ar chion luchtóga síolta caighdeánacha arna gcinneadh ar bhonn anailís riosca a bhaineann leis an bhféidearthacht nach gcomhlíonfaidh na síolta sin na ceanglais is infheidhme.

3. Is é an t-údarás inniúil a thógfaidh an sampla atá le tástáil. Féadfar an tsampláil sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as gaireas samplála uathoibríoch arna fhormheas go hoifigiúil ag an údarás inniúil.

4. Féadfar teicnící bithcheimiceacha agus bithmhóilíneacha nó modhanna teicniúla eile, a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 9(4), pointe (i), a úsáid chun sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil a rialú.

5. Nuair a léiríonn torthaí na tástála dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nár comhlíonadh ceanglais Airteagal 9, déanfaidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

(a) a cheangal go ndéanfar an luchtóg síolta lena mbaineann a tharraingt siar nó a thoirmeasc go ndéanfar í a iomadú agus a mhargú a thuilleadh, más féidir;

(b) a cheangal go ndéanfar an luchtóg síolta lena mbaineann a chóireáil chun na ceanglais is infheidhme a chomhlíonadh; nó

(c) gníomh ceartaitheach iomchuí eile a dhéanamh.

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí rialacha a leagan síos a bhaineann le tástáil ar dháileachtaí talún cóimheasa a dhéanamh ar luchtóga síolta de shíolta caighdeánacha in aghaidh an ghéinis nó an speicis. Cuirfear na rialacha sin in oiriúint d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, agus féadfar iad a leagan síos de réir géinis nó speicis. D'fhéadfadh baint a bheith acu leis na gnéithe seo a leanas:

(a) critéir maidir leis an anailís riosca dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a dhéanamh;

(b) an nós imeachta samplála agus tástála, lena n-áirítear teicneolaíochtaí iomchuí;

(c) an mheastóireacht ar thorthaí na dtástálacha.

ROINN 4

OIBREOIRÍ GAIRMIÚLA A ÚDARÚ AGUS MAOIRSEACHT OIFIGIÚIL ARNA DÉANAMH AG NA HÚDARÁIS INNIÚLA

Airteagal 12

Oibreoirí gairmiúla a údarú chun deimhniú a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil

1. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht d'oibreoirí gairmiúla gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh, ar gníomhaíochtaí iad is gá le haghaidh deimhnithe faoi mhaoirseacht oifigiúil.

   I gcás den sórt sin, féadfaidh an t-údarás inniúil, ar iarratas a fháil, údarú a thabhairt d'oibreoir gairmiúil na gníomhaíochtaí uile nó gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh a cheanglaítear chun AAP a dheimhniú, cé is moite de thástáil ar dháileachtaí talún cóimheasa dá dtagraítear in Airteagal 10, agus lipéad oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 17(1) a phriontáil agus é a ghreamú den AAP sin.

2. Chun go ndeonófar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1, comhlíonfaidh an t-oibreoir gairmiúil gach ceann de na coinníollacha seo a leanas atá ábhartha do na gníomhaíochtaí a bhfuil an t-údarú le deonú ina leith:

   (a) beidh an t-eolas is gá aige chun é a chur ar a chumas na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 8 a chomhlíonadh;

   (b) beidh sé cáilithe chun na cigireachtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a dhéanamh, nó chun pearsanra a fhostú atá cáilithe chun na cigireachtaí sin a dhéanamh;

(c) fostóidh sé pearsanra cáilithe chun an tsampláil dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a dhéanamh, nó tabharfaidh sé conarthaí i gcrích le hoibreoirí gairmiúla eile a fhostaíonn pearsanra cáilithe chun sampláil den sórt sin a dhéanamh;

(d) fostóidh sé pearsanra speisialaithe agus beidh an trealamh is gá aige chun an tástáil dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a dhéanamh, nó úsáidfidh sé saotharlanna a leanann rialacha an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta nó caighdeáin idirnáisiúnta eile is infheidhme agus a fhostaíonn pearsanra atá cáilithe chun tástáil den sórt sin a dhéanamh;

(e) beidh pointí criticiúla an phróisis táirgthe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar cháilíocht agus ar aitheantas AAP sainaitheanta aige, agus beidh sé de chumas aige faireachán a dhéanamh orthu, agus coimeádfaidh sé taifid ar thorthaí an fhaireacháin sin;

(f) beidh córais i bhfeidhm aige chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le luchtóga a shainaithint de bhun Airteagal 15;

(g) beidh córais i bhfeidhm aige chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais inrianaitheachta a leagtar amach in Airteagal 47.

3. Beidh feidhm ag mír 2 den Airteagal seo i gcomhréir leis na rialacha ábhartha a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 8(4), agus, in éagmais rialacha den sórt sin, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, agus, in éagmais caighdeán den sórt sin, i gcomhréir le rialacha náisiúnta.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na gníomhaíochtaí sonracha a leagan síos a bheidh le déanamh ag an údarás inniúil chun a dhearbhú gur comhlíonadh mír 2 den Airteagal seo.

Airteagal 13

Tarraingt siar nó modhnú údaraithe oibreora ghairmiúil

1. I gcás nach gcomhlíonann oibreoir gairmiúil údaraithe na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 12(1), (2) agus (3) a thuilleadh, nó i gcás ina n-aithnítear arís agus arís eile nach gcomhlíonann an AAP arna tháirgeadh nó arna mhargú ag an oibreoir gairmiúil sin an Rialachán seo, iarrfaidh an t-údarás inniúil ar an oibreoir gairmiúil sin gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh laistigh de thréimhse shonraithe.

2. Má theipeann ar an oibreoir gairmiúil an ghníomhaíocht cheartaitheach dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh laistigh den tréimhse shonraithe, déanfaidh an t-údarás inniúil an t-údarú a tharraingt siar nó a mhodhnú gan mhoill. Má chinntear gur deonaíodh an t-údarú tar éis calaoise, déanfaidh an t-údarás inniúil smachtbhannaí iomchuí a fhorchur ar an oibreoir gairmiúil.

Airteagal 14

Maoirseacht oifigiúil arna déanamh ag an údarás inniúil

1. Chun críocha deimhnithe faoi mhaoirseacht oifigiúil, déanfaidh an t-údarás inniúil meastóireachtaí rialta chun a áirithiú go gcomhlíonann an t-oibreoir gairmiúil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 12(1), (2) agus (3). Cinnfear minicíocht na meastóireachtaí bunaithe ar an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann nach mbeadh ceanglais ábhartha an Rialacháin seo á gcomhlíonadh ag an oibreoir gairmiúil. Déanfar meastóireachtaí den sórt sin uair amháin ar a laghad gach 5 bliana.

2. Eagróidh an t-údarás inniúil oiliúint agus scrúduithe do phearsanra an oibreora ghairmiúil a dhéanann na cigireachtaí allamuigh, sampláil agus tástáil dá bhforáiltear sa Rialachán seo.

3. Chun críocha an deimhnithe faoi mhaoirseacht oifigiúil, déanfaidh an t-údarás inniúil cigireachtaí, sampláil agus tástáil oifigiúil ar chion de na barra ar an láithreán táirgthe agus ar luchtóga chun a dhearbhú go gcomhlíonann AAP na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8.

   Cinnfear an chuid sin ar bhonn measúnú ar an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann nach gcomhlíonfaidh AAP an oibreora ghairmiúil lena mbaineann na ceanglais dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na ceanglais maidir leis na meastóireachtaí ar an oibreoir gairmiúil dá dtagraítear i mír 1, maidir leis an oiliúint agus na scrúduithe don phearsanra dá dtagraítear i mír 2, agus leis na cigireachtaí, an tsampláil agus an tástáil ar chuid de na barra dá dtagraítear i mír 3 maidir le géinis nó speicis ar leith.

Féadfaidh baint a bheith ag na ceanglais sin leis an méid seo a leanas:

(a) na critéir riosca dá dtagraítear i mír 1 agus an t-íoschion de na barra agus de na luchtóga AAP a bheidh faoi réir cigireachtaí allamuigh, samplála agus tástála, dá dtagraítear i mír 3;

(b) an úsáid a bhaineann an t-oibreoir gairmiúil as córais dearbhaithe cáilíochta faoi réir fhormheas an údaráis inniúil agus an fhéidearthacht atá ag an údarás inniúil na cigireachtaí, an tsampláil agus an tástáil dá dtagraítear san Airteagal seo a laghdú mar gheall ar úsáid na gcóras dearbhaithe cáilíochta sin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

ROINN 5

CEANGLAIS MAIDIR LE LÁIMHSEÁIL AGUS LIPÉADÚ

Airteagal 15

Luchtóga

1. Déanfar AAP a tháirgeadh agus a mhargú ina luchtóga. Beidh sé in-sainaitheanta le huimhir thagartha luchtóige uathúil lena n-áiritheofar a inrianaitheacht.

2. Ní fhéadfar luchtóga AAP a chumasc ina luchtóg nua i gcomhréir le hAirteagal 20 ach amháin más den chineál céanna iad.

   I gcás ina ndéantar luchtóga ina bhfuil catagóirí éagsúla a chumasc, bainfidh an luchtóg nua le catagóir chomhpháirt na catagóire is ísle.

3. Féadfar luchtóga AAP a roinnt ina dhá luchtóg nó níos mó i gcomhréir le hAirteagal 20.

4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos ceanglais shonracha maidir le gach speiceas AAP nó speicis áirithe AAP a bhaineann le huasmhéid na luchtóg, lena sainaitheantas, le méid na samplaí agus le tástáil na luchtóg, le luchtóga a chumasc nó a roinnt i ndáil le tionscnamh na luchtóg AAP, le taifeadadh na n-oibríochtaí sin agus leis an lipéadú a úsáidfear tar éis an chumaisc nó na roinnte sin. Cuirfear san áireamh sna ceanglais sin aon chaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 16

Pacáistí, cuacha agus coimeádáin

1. Déanfar AAP a mhargú mar phlandaí aonair nó i bpacáistí, cuacha nó coimeádáin ar a bhfuil lipéad. Déanfar pacáistí, cuacha nó coimeádáin a shéalú. Mar sin féin, féadfar AAP seachas síolta agus prátaí síl a mhargú gan an séalú sin i gcás nach bhfuil sé indéanta é a shéalú.

2. Déanfar na pacáistí, na cuacha agus na coimeádáin dá dtagraítear i mír 1 a shéalú ar bhealach nach féidir iad a oscailt gan an séalú a scriosadh nó gan rianta a fhágáil a léireoidh gur osclaíodh an pacáiste, cuach nó coimeádán. Áiritheofar éifeachtacht an tséalaithe trí na lipéid dá bhforáiltear in Airteagail 17 agus 18 a ionchorprú sa ghaireas séalaithe nó trí shéala a ghreamú de. Díolmhófar pacáistí agus coimeádáin ón gceanglas seo mura féidir an séala nó an gaireas séalaithe a athúsáid.

3. Déanfaidh an t-údarás inniúil nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil pacáistí, cuacha agus coimeádáin de shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe agus d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe a shéalú.

4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh oibreoir gairmiúil síolta deimhnithe a mhargú go díreach d'fheirmeoir i mbulc.

Is gá go mbeidh an t-oibreoir gairmiúil údaraithe ag an údarás inniúil chun na críche sin. Coimeádfaidh an t-oibreoir gairmiúil sin taifid ar ghníomhaíocht den sórt sin agus ar an luchtóg as ar tháinig na síolta sin. Cuirfear na taifid sin ar fáil don údarás inniúil arna iarraidh sin.

I gcás ina luchtófar síolta in innealra nó ar leantóir an fheirmeora go díreach, áiritheoidh an t-oibreoir gairmiúil go mbeidh na síolta sin inrianaithe trí dhoiciméid a eisiúint agus a choinneáil lena léireofar an speiceas agus an cineál, an chainníocht, dáta an aistrithe, uimhir thagartha na luchtóige agus an modh iompair a úsáideadh.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos an méid a leanas:

(a) ceanglais shonracha maidir le séalú, méid agus foirm na bpacáistí, na gcuach agus na gcoimeádán le haghaidh AAP de ghéinis agus de speicis shonracha, lena n-áirítear na cúiseanna teicniúla agus bitheolaíocha a fhágann nach bhfuil séalú ná pacáistiú indéanta; agus

(b) coinníollacha maidir le síolta a mhargú i mbulc agus na taifid atá le coinneáil.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 17

Lipéad oifigiúil le haghaidh síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe agus ábhair réamhbhunúsaigh, bunúsaigh agus dheimhnithe

1. Sainaithneofar síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe agus ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe, agus fianófar a gcomhlíontacht leis an Rialachán seo, trí bhíthin lipéad oifigiúil arna eisiúint ag an údarás inniúil lena ndeimhnítear gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 (‘lipéad oifigiúil’).

2. Is é an t-údarás inniúil a eiseoidh an lipéad oifigiúil agus beidh sraithuimhir uathúil air arna soláthar ag an údarás inniúil.

Déanfaidh na páirtithe seo a leanas an lipéad oifigiúil sin a phriontáil:

(a) an t-údarás inniúil; nó

(b) an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil, i gcás ina bhfuil an t-oibreoir gairmiúil údaraithe an phriontáil sin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 12.

3. Greamóidh an t-oibreoir gairmiúil an lipéad oifigiúil den taobh amuigh den phlanda, den chuach, den phacáiste nó den choimeádán aonair, nó déanfaidh sé é a phriontáil go doscriosta ar an bpacáiste nó ar an gcoimeádán, faoi mhaoirseacht oifigiúil.

4. Féadfar cuid den fhaisnéis ar an lipéad oifigiúil a sholáthar i bhfoirm dhigiteach, i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 5 a luaithe a thiocfaidh an gníomh tarmligthe sin chun bheith infheidhme.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí rialacha a bhunú maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an taifeadadh digiteach sonraí agus bailiú sonraí maidir leis na gníomhaíochtaí deimhniúcháin a dhéanann oibreoirí gairmiúla agus údaráis inniúla chun críche na lipéad oifigiúil a eisiúint;

(b) ardán láraithe a bhunú lena nasctar na Ballstáit agus an Coimisiún agus lena n-éascaítear próiseáil, rochtain agus úsáid na faisnéise dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) na sonraí is féidir a sholáthar, i bhfoirm dhigiteach nó fhisiceach de réir mar is iomchuí, le haghaidh an chineáil shonraigh AAP; agus

(d) na socruithe teicniúla chun an lipéad oifigiúil a eisiúint i bhfoirm dhigiteach.

6. De mhaolú ar mhíreanna 1 go 5 den Airteagal seo agus ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 40, féadfar síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe agus ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a allmhairítear ó thríú tíortha de bhun Airteagal 38 a mhargú san Aontas leis an lipéad ábhartha Scéimeanna Síolta ECFE (‘lipéad ECFE’), nó le lipéad oifigiúil arna eisiúint ag údarás inniúil an tríú tír le haghaidh síolta speiceas nach bhfuil aon Scéim Síolta ECFE ar fáil ina leith nó le haghaidh AAP seachas síolta.

Airteagal 18

Lipéad oibreora le haghaidh síolta caighdeánacha agus ábhar caighdeánach

1. Sainaithneofar síolta caighdeánacha agus ábhar caighdeánach trí bhíthin lipéad oibreora lena bhfianófar go gcomhlíonann siad na ceanglais táirgthe agus margaithe a leagtar amach in Airteagal 9 (‘lipéad oibreora’).

2. Déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil lipéad an oibreora a eisiúint, a phriontáil agus a ghreamú den taobh amuigh den phlanda, den chuach, den phacáiste nó den choimeádán aonair, nó a phriontáil go doscriosta ar an bpacáiste nó ar an gcoimeádán.

3. Féadfar cuid den fhaisnéis ar lipéad an oibreora a sholáthar i bhfoirm dhigiteach, i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4 a luaithe a thiocfaidh an gníomh tarmligthe sin chun bheith infheidhme.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí rialacha a bhunú maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sonraí a thaifeadadh agus a bhailiú go digiteach maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanann oibreoirí gairmiúla chun lipéid an oibreora a eisiúint;

(b) na sonraí is féidir a sholáthar i bhfoirm dhigiteach nó fhisiceach le haghaidh an chineáil shonraigh AAP; agus

(c) na socruithe teicniúla maidir le lipéid oibreora a eisiúint i bhfoirm dhigiteach.

Airteagal 19

Ábhar agus saintréithe an lipéid oifigiúil agus lipéad an oibreora

1. Beidh an lipéad oifigiúil agus lipéad an oibreora scríofa i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla institiúidí an Aontais.

2. Beidh an lipéad oifigiúil agus lipéad an oibreora inléite, doscriosta, déanta d'ábhar atá láidir go leor chun damáiste le linn gnáthúsáide a chosc, agus beidh siad neamh-inmhodhnaithe, neamh-inathúsáidte, neamhúsáidte agus sofheicthe.

3. Féadfar lipéid ghreamaitheacha a úsáid i gcás nach mbeidh aon riosca ann gur féidir iad a athúsáid.

4. I dteannta na ngnéithe atá le leagan amach de bhun mhír 6, féadfar a áireamh ar an lipéad oifigiúil agus ar lipéad an oibreora faisnéis bhreise maidir le rialacha infheidhme an Aontais a bhaineann le ceanglais táirgthe agus margaíochta seachas na rialacha sin a leagtar amach sa Rialachán seo.

   Cuirfear an fhaisnéis sin i láthair i spás iomchuí ar an lipéad, ar bhealach inléite agus i litreacha nach mó ná na litreacha a úsáidtear le haghaidh ábhar an lipéid oifigiúil nó lipéad an oibreora de bhun mhír 6.

5. Féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt do na hoibreoirí gairmiúla faisnéis sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna 4 agus 6 a chur in iúl ar fhorimeall an lipéid oifigiúil, ar choinníoll nach ábhar fógraíochta í. Cuirfear an fhaisnéis bhreise sin i spás ar mhéid nach mó ná 20 % d'achar iomlán an lipéid oifigiúil agus beidh sí le feiceáil faoin gceannteideal 'Faisnéis neamhoifigiúil'. Cuirfear i láthair í i litreacha nach mó ná na litreacha a úsáidtear le haghaidh ábhar an lipéid oifigiúil de bhun mhír 6.

6. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonraítear, le haghaidh na gcatagóirí nó na gcineálacha AAP faoi seach, ábhar, méid, dath agus formáid an lipéid oifigiúil agus lipéad an oibreora, ina bhfoirmeacha fisiceacha agus digiteacha faoi seach.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 20

Athphacáistiú, athshéalú agus athlipéadú AAP

1. Nuair a dhéantar luchtóga iomlána AAP nó codanna de luchtóga AAP a chumasc nó a roinnt de bhun Airteagal 15(2) agus (3), déanfar iad a athphacáistiú, a athshéalú agus a athlipéadú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

   I gcás inar gá, féadfar luchtóg iomlán aonair AAP a athphacáistiú, a athshéalú agus a athlipéadú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. I gcás ina ndéantar luchtóga iomlána AAP nó codanna de luchtóga AAP a chumasc nó a roinnt, eiseofar lipéid oifigiúla nua nó lipéid oibreora nua don luchtóg nua nó do na luchtóga nua agus tabharfar uimhreacha tagartha luchtóige nua don luchtóg nua nó do na luchtóga nua de bhun Airteagal 15(2) agus (3).

   Luafar ar an lipéad nua freisin uimhir thagartha nó uimhreacha tagartha na luchtóige bunaidh.

   Má dhéantar pacáiste, cuach nó coimeádán a athshéalú, luafar dáta an athshéalaithe ar an lipéad oifigiúil nua nó ar lipéad an oibreora nua.

3. Oibreoir gairmiúil a dhéanann luchtóg AAP iomlán nó cuid de a athphacáistiú, a athshéalú agus a athlipéadú, déanfaidh sé gach beart chun a áirithiú, le linn na n-oibríochtaí sin, go gcoinneofar sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil AAP agus aonchineálacht na luchtóige ar bun agus nach dtarlóidh aon éilliú.

4. Is é an t-údarás inniúil nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúil a dhéanfaidh athphacáistiú, athshéalú agus athlipéadú ar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe agus ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe.

5. I dteannta na gceanglas inrianaitheachta de bhun Airteagal 47, coimeádfaidh oibreoirí gairmiúla taifid ar aon athphacáistiú, athshéalú nó athlipéadú a dhéanann siad ar luchtóga AAP ar feadh 6 bliana ina dhiaidh sin. Beidh na nithe seo a leanas san fhaisnéis a bheidh sna taifid sin:

(a) uimhir thagartha na luchtóige bunaidh;

(b) uimhir thagartha na luchtóige athphacáistithe nó athlipéadaithe;

(c) meáchan nó aonaid AAP na luchtóige bunaidh;

(d) meáchan nó aonaid AAP na luchtóige athphacáistithe nó athlipéadaithe;

(e) an dáta is déanaí d'athshéalú na luchtóige.

Cuirfear na taifid sin ar fáil don údarás inniúil arna iarraidh sin dó.

6. Bainfear na séalaí bunaidh agus na lipéid bhunaidh den luchtóg bhunaidh. I gcás nach féidir na nithe sin a bhaint, sonrófar ar an séala bunaidh nó ar an lipéad bunaidh nach bhfuil sé bailí a thuilleadh.

I gcás ina roghnaíonn oibreoir gairmiúil taifid a choimeád ar ábhar na lipéad a baineadh, féadfar na taifid sin a choinneáil i bhformáid leictreonach ar choinníoll go n-áireofar iontu an fhaisnéis lipéid is gá chun inrianaitheacht a ráthú sa ghníomhaíocht sin.

ROINN 6

CEANGLAIS SHONRACHA MAIDIR LE MEASCÁIN SÍOLTA

Airteagal 21

Meascáin síolta

1. Síolta de dhá ghéineas nó de dhá speiceas nó níos mó a liostaítear in Iarscríbhinn I agus de chineálacha éagsúla de na géinis nó de na speicis sin a bhaineann le haon cheann de na catagóirí dá dtagraítear in Airteagal 6(1) a chomhlíon, roimh an meascadh, ceanglais Airteagal 8 nó 9, de réir mar is infheidhme, féadfar iad a mhargú san Aontas mar mheascán de shíolta de na géinis, na speicis nó na cineálacha sin (‘meascán’).

2. Féadfaidh síolta tráchtála a bheith san áireamh i meascáin nó féadfaidh meascáin a bheith comhdhéanta de shíolta tráchtála, faoi réir Airteagal 29.

3. I gcás nach bhfuil sa mheascán ach síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe, beidh lipéad oifigiúil ag gabháil leis. I ngach cás eile, beidh lipéad oibreora ag gabháil leis.

   De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ní fhéadfar meascán ina bhfuil síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe a mhargú ach amháin i bpacáistí beaga a mbeidh lipéad oibreora ag gabháil leo.

4. I gcás ina bhfuil síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe i meascán, cuirfidh an t-oibreoir gairmiúil liosta de chomhábhair an mheascáin sin, agus na cóimheasa eatarthu, faoi bhráid an údaráis inniúil chun a n-incháilitheacht le bheith mar chuid den mheascán sin a fhíorú.

In aon chás eile, cuirfear an fhaisnéis sin isteach arna iarraidh sin don údarás inniúil.

5. Ní fhéadfaidh ach oibreoirí gairmiúla atá údaraithe chun na críche sin ag an údarás inniúil meascáin a tháirgeadh. Ní dheonófar an t-údarú sin ach amháin d'oibreoirí gairmiúla:

(a) a bhfuil trealamh measctha oiriúnach suiteáilte acu mar aon le nósanna imeachta iomchuí, lena n-áiritheofar go mbeidh an meascán críochnaithe aonfhoirmeach agus gur féidir an cóimheas, atá luaite a bheith ann idir na cineálacha ar comhpháirteanna iad i ngach coimeádán, a bhaint amach;

(b) a mbeidh duine i gceannas acu ar a mbeidh freagracht dhíreach as oibríocht an mheasctha agus an phacáistithe; agus

(c) a choimeádann taifid ar mheascáin.

6. Déanfar meascadh agus pacáistiú na síolta dá dtagraítear i mír 1 faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil.

7. Déanfar meascadh na síolta dá dtagraítear i mír 1 ar bhealach lena n-áiritheofar nach bhfuil aon riosca ann go mbeidh síolta nach mbeartaítear a áireamh sa mheascán ann, agus go mbeidh an meascán a thiocfaidh as chomh haonchineálach agus is féidir.

8. De mhaolú ar mhír 1, féadfar síolta de ghéinis nó speicis nach liostaítear in Iarscríbhinn I a áireamh i meascáin. Ní dochar an maolú sin do Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 agus do na ceanglais a leagtar síos i míreanna 4, 5 agus 7.

   Beidh lipéad oibreora ag gabháil leis na meascáin sin ar a léireofar an úsáid atá molta.

9. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos, ar bhonn forbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar bhonn na taithí a gheofar ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo, na rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) an trealamh agus an nós imeachta um measc adh;

   (b) séalú, pacáistiú, lena n-áirítear uasmhéid pacáistí beaga, agus lipéadú;

   (c) ábhar, méid, dath agus formáid an lipéid oifigiúil agus lipéad an oibreora le haghaidh meascán;

(d) uasmheáchan síolta i gcoimeádán aonair i gcásanna ina mbeidh síolta de mhéideanna an-difriúil sa mheascán;

(e) i gcás meascán dá dtagraítear i mír 8, úsáidí féideartha; agus

(f) ainmníocht na meascán.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 22

Meascáin le haghaidh leasaithe

1. Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh cead a thabhairt síolta a tháirgeadh agus a mhargú, ina gcríocha nó i gcodanna dá gcríocha, ar síolta iad atá beartaithe le haghaidh meascán de ghéinis nó de speicis a liostaítear in Iarscríbhinn I agus géinis nó speicis nach liostaítear san Iarscríbhinn sin, nó a úsáidtear i meascán den sórt sin, má chuireann an meascán le caomhnú acmhainní géiniteacha nó le hathchóiriú an chomhshaoil nádúrtha agus má tá baint nádúrtha aige le réigiún áirithe (‘réigiún tionscnaimh’).

Déanfar tagairt do mheascáin den sórt sin mar ‘meascáin le haghaidh leasaithe’.

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 7 go 14, 16 agus 21 maidir le meascáin le haghaidh leasaithe.

2. Ní fhéadfaidh ach oibreoirí gairmiúla atá údaraithe chun na críche sin ag an údarás inniúil meascáin le haghaidh leasaithe a tháirgeadh agus a mhargú.

3. Ní dhéanfar meascáin le haghaidh leasaithe a mhargú ach amháin ina réigiún tionscnaimh agus beidh lipéad oibreora ar a mbeidh na focail ‘Meascán le haghaidh leasaithe’, agus tásc an réigiúin sin ag gabháil leo.

4. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí cheanglais a leagan síos maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ainmniúchán an réigiúin tionscnaimh;

(b) speicis áirithe a úsáid i meascáin le haghaidh leasaithe;

(c) oibreoirí gairmiúla a údarú;

(d) meascáin le haghaidh leasaithe a tháirgeadh trí bhailiú díreach ó áit nádúrtha a bhaineann le réigiún tionscnaimh sainithe;

(e) meascáin le haghaidh leasaithe a tháirgeadh trí iomadú;

(f) an chigireacht, an tsampláil, an tástáil agus na gníomhaíochtaí eile arna ndéanamh ag an údarás inniúil; agus

(g) na coinníollacha maidir le táirgeadh agus margú síolta a bheartaítear le haghaidh meascáin le haghaidh leasaithe.

Beidh na ceanglais sin bunaithe ar an taithí arna fáil ó rialacha an Aontais a bhaineann le meascáin le haghaidh leasaithe a chur i bhfeidhm agus ar aon fhorbairt ábhartha ar eolas teicniúil agus eolaíoch. Féadfaidh feidhm eisiach a bheith ag na ceanglais sin maidir le géinis nó speicis áirithe.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos ceanglais shonracha maidir le pacáistiú, séalú, agus ábhar, méid, dath agus formáid lipéad an oibreora le haghaidh meascáin le haghaidh leasaithe.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

6. Cuirfidh oibreoirí gairmiúla na húdaráis inniúla ar an eolas, le haghaidh gach séasúir táirgthe, faoi chainníocht na meascán le haghaidh leasaithe a tháirg siad agus a mhargaigh siad.

Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, arna iarraidh sin dóibh, méid na meascán le haghaidh leasaithe a tháirgtear agus a mhargaítear ina gcríoch agus, i gcás inarb infheidhme, ainmneacha na n-údarás inniúil atá freagrach as acmhainní géiniteacha plandaí nó na n-eagraíochtaí a aithnítear chun na críche sin.

ROINN 7

SÁRUITHE AR CHEANGLAIS AIRTEAGAIL 5 GO 22

Airteagal 23

AAP a bhaineann le cineálacha caomhantais nó cineálacha arna n-oiriúnú go logánta

1. AAP a bhaineann le cineál caomhantais nó le cineál arna oiriúnú go logánta, atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 49, ní fhéadfar é a tháirgeadh ná a mhargú san Aontas mar shíolta caighdeánacha nó mar ábhar caighdeánach ach amháin má chomhlíonann sé na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 9.

   Ní bheidh feidhm ag Airteagail 7 agus 11 maidir le AAP den sórt sin

2. Ní choinneofar AAP a bhaineann le cineál caomhantais nó le cineál arna oiriúnú go logánta ar bun ach amháin i réigiún tionscnaimh an chineáil sin, mura mbaineann sé le cineál a cláraíodh roimhe sin i gclár náisiúnta cineálacha in éineacht le tuairisc oifigiúil agus murar sainíodh an réigiún tionscnaimh.

3. Beidh lipéad oibreora ar a mbeidh na focail ‘Cineál caomhantais’ nó ‘Cineál arna oiriúnú go logánta’, de réir mar is infheidhme, ag gabháil le AAP dá dtagraítear i mír 1.

4. Tabharfaidh oibreoir gairmiúil a tháirgeann nó a mhargaíonn AAP de chineál caomhantais nó de chineál arna oiriúnú go logánta fógra don údarás inniúil faoin ngníomhaíocht sin go bliantúil agus coimeádfaidh sé taifid maidir leis na cainníochtaí a táirgeadh le 6 bliana anuas i ndáil leis na géinis nó na speicis agus na cineálacha lena mbaineann.

Soláthróidh oibreoirí gairmiúla sonraí ó na taifid sin don údarás inniúil arna iarraidh sin don údarás inniúil agus i gcomhréir lena threoracha.

Airteagal 24

AAP arna tháirgeadh agus arna mhargú d'úsáideoirí neamhghairmiúla

1. Féadfar AAP atá beartaithe lena úsáid go heisiach ag úsáideoirí neamhghairmiúla, cé is moite de AAP a bhaineann leis an speiceas *Cannabis sativa* L., *Papaver somniferum* L., *Solanum tuberosum* L. agus AAP a úsáidtear chun críoch scraith féir, féadfar é a tháirgeadh agus a mhargú más rud é:

(a) go bhfuil lipéad oibreora air ar a bhfuil ainmníocht AAP agus na focail 'Ábhar atáirgthe plandaí d'úsáideoirí neamhghairmiúla';

(b) i gcás nach mbaineann AAP le cineál atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 49:

(i) go n-úsáideann sé ainmníocht a chomhlíonann na ceanglais in Airteagal 60(1) agus (2);

(ii) gur cuireadh tuairisc ar an AAP sin ar fáil go poiblí ar bhonn doiciméadacht phríobháideach arna coinneáil ag an oibreoir gairmiúil agus go bhfuil an doiciméadacht sin ar fáil don údarás inniúil arna iarraidh sin dó;

(c) go mbeidh sé saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta agus aon mháchail ar dócha go ndéanfadh sé dochar dá cháilíocht mar AAP agus:

(i) i gcás síolta, go mbeidh an t-íosráta péactha acu, ráta péactha is infheidhme maidir le catagóir chaighdeánach na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann; agus

(ii) i gcás AAP seachas síolta, go mbeidh spreacadh agus toisí leordhóthanach aige; agus

(d) go ndéanfar é a mhargú i gcainníochtaí beaga mar phlandaí aonair, nó i bpacáistí beaga, cuacha nó coimeádáin.

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 7 go 11 agus 16 go 20 maidir le AAP den sórt sin.

2. Tabharfaidh oibreoir gairmiúil a tháirgeann agus a mhargaíonn AAP atá beartaithe lena úsáid go heisiach ag úsáideoirí neamhghairmiúla de bhun mhír 1 fógra don údarás inniúil, ar bhonn bliantúil, faoin ngníomhaíocht sin agus coimeádfaidh sé taifid maidir leis na cainníochtaí a táirgeadh le 6 bliana anuas i ndáil leis na géinis nó na speicis lena mbaineann.

Soláthróidh oibreoirí gairmiúla sonraí ó na taifid sin don údarás inniúil, arna iarraidh sin don údarás inniúil agus i gcomhréir lena threoracha.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha a bhaineann le méid, foirm, séalú agus láimhseáil plandaí aonair agus na bpacáistí beaga dá dtagraítear i mír 1, pointe (d), den Airteagal seo agus a bhaineann le méid, formáid, dath agus inneachar lipéad an oibreora le haghaidh AAP a tháirgtear d'úsáideoirí neamhghairmiúla agus a mhargaítear dóibh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 25

AAP arna tháirgeadh nó arna mhargú ag eagraíochtaí agus líonraí chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú

1. Maidir le AAP atá beartaithe chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú:

(a) féadfaidh eagraíochtaí agus líonraí neamhbhrabúsacha agus daoine nádúrtha ar comhaltaí díobh iad é a tháirgeadh; nó

(b) féadfaidh na heagraíochtaí agus na líonraí neamhbhrabúsacha sin, agus daoine nádúrtha ar comhaltaí díobh iad, é a mhargú, gan bhrabús, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, agus vice versa.

Is é is cuspóir sainráite do na heagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus do na líonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú.

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 7 go 22 maidir le AAP den sórt sin.

2. I gcás AAP dá dtagraítear i mír 1:

(a) beidh lipéad ag gabháil leis atá éagsúil le haon lipéad eile dá dtagraítear sa Rialachán seo agus lena n-áirítear:

(i) na focail: ‘Ábhar atáirgthe plandaí chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú’;

(ii) ainm na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann;

(iii) ainm na heagraíochta nó an líonra lena mbaineann;

(iv) aon fhaisnéis eile a mheasann an eagraíocht nó an líonra lena mbaineann a bheith iomchuí chun APP a mhargú;

(b) mura mbaineann sé le cineál atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 49, liostófar é i gclár a choinníonn an eagraíocht nó an líonra lena mbaineann leis an bhfaisnéis iomchuí a bhaineann leis an AAP sin; agus

(c) beidh sé saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta agus aon mháchail ar dócha go ndéanfadh sé dochar dá cháilíocht mar AAP.

3. Tabharfaidh na heagraíochtaí agus na líonraí dá dtagraítear i mír 1 fógra don údarás inniúil a luaithe is féidir faoi aon ghníomhaíocht de bhun an Airteagail seo, agus faoi aon athruithe a dhéanfar uirthi, agus léiriú ar na géinis nó ar na speicis lena mbaineann.

Airteagal 26

AAP a mhalartaítear i gcomhchineál idir feirmeoirí

1. Féadfaidh feirmeoirí AAP, cé is moite de AAP a bhaineann leis na speicis *Cannabis sativa* L., *Papaver somniferum* L., agus *Solanum tuberosum* L., agus na géinis *Citrus* L. agus *Vitis* L., a mhalartú i gcomhchineál, ar AAP é:

   (a) a tháirgtear ar áitreabh an fheirmeora ábhartha féin;

   (b) a dhíorthaítear ó bhuaint an fheirmeora ábhartha féin; agus

   (c) i gcás síolta, nach bhfuil faoi réir conradh seirbhíse idir an feirmeoir agus oibreoir gairmiúil le haghaidh iomadú síolta.

   Ní bheidh feidhm ag Airteagail 7 go 22 maidir le AAP den sórt sin

2. I gcás AAP dá dtagraítear i mír 1:

   (a) ní bhainfidh sé le cineál ar deonaíodh cearta maidir le cineálacha plandaí ina leith i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2100/94 nó i gcomhréir le rialacha náisiúnta an Bhallstáit táirgthe maidir le cearta i ndáil le cineálacha plandaí;

   (b) beidh sé teoranta do chainníochtaí beaga, arna sainiú ag na húdaráis inniúla le haghaidh géinis nó speicis shonracha in aghaidh na bliana agus in aghaidh an fheirmeora;

(c) déanfar é a mhalartú ar leibhéal áitiúil, arna shainiú ag na húdaráis inniúla lena mbaineann, gan idirghabhálaithe tráchtála ná tairiscint phoiblí ar mhargú a úsáid; agus

(d) beidh sé saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta agus aon mháchail ar dócha go mbeidh tionchar aige ar a cháilíocht mar AAP.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir lena sainmhínithe ar chainníochtaí beaga i gcomhréir le mír 2, pointe (b), agus maidir le haon athrú a dhéanfar ar na sainmhínithe sin ina dhiaidh sin.

Airteagal 27

AAP de ghlúin roimh an gcatagóir réamhbhunúsach

1. Féadfar AAP a bhaineann le glúin roimh shíolta réamhbhunúsacha nó ábhar réamhbhunúsach a tháirgeadh agus a mhargú chun críocha a iomadaithe chun síolta réamhbhunúsacha nó ábhar réamhbhunúsach a tháirgeadh más rud é:

(a) go ndéantar é a mhargú go díreach ó phóraitheoir an chineáil nó óna chothabhálaí leis an oibreoir gairmiúil a dhéanann na síolta réamhbhunúsacha nó an t-ábhar réamhbhunúsach a tháirgeadh, agus nach ndéantar an AAP sin a mhargú a thuilleadh ina dhiaidh sin; agus

(b) go bhfuil lipéad oibreora ag gabháil leis ar a bhfuil ainmníocht an chineáil agus na focail ‘Síolta roimh shíolta réamhbhunúsacha’ nó ‘Ábhar roimh ábhar réamhbhunúsach’.

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 7 go 22 maidir le AAP den sórt sin.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha a bhaineann le méid, formáid, dath agus inneachar lipéad an oibreora le haghaidh AAP de ghlúin roimh an gcatagóir réamhbhunúsach.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 28

AAP a bhaineann le cineálacha faoi chlárú

1. Féadfaidh údarás inniúil údarú a thabhairt d'oibreoirí gairmiúla síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha, deimhnithe agus caighdeánacha nó ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus caighdeánach a bhaineann le cineál a bhfuil cinneadh maidir le clárú cineálacha ar feitheamh ina leith ('cineál faoi chlárú') a tháirgeadh agus a mhargú, agus é mar aidhm stoc leordhóthanach a bheith ar fáil lena iomadú a thuilleadh a luaithe a chlárófar an cineál, más rud é:

   (a) go mbaineann an AAP le cineál ar dhearbhaigh an t-údarás inniúil gur cuireadh isteach an t-iarratas ar chlárú cineálacha ina leith i gcomhréir le hAirteagal 64;

   (b) go gcomhlíonann an AAP ceanglais Airteagal 8 nó 9, de réir mar is infheidhme, maidir leis na catagóirí de shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha, deimhnithe agus caighdeánacha nó ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus caighdeánach;

   (c) go ndéantar an AAP idir an t-oibreoir gairmiúil údaraithe agus na hoibreoirí gairmiúla a dhéanann an t-iomadú sin agus nach ndéantar an AAP sin a mhargú a thuilleadh ina dhiaidh sin;

(d) nach bhfuil aon bhaol ann go mbeidh aitheantas nó cáilíocht neamh-leordhóthanach an AAP mhargaithe ann de thoradh údarú den sórt sin; agus

(e) go bhfuil tagairt nó ainmníocht phóraitheora ag an AAP a mheastar a bheith oiriúnach de bhun Airteagal 60.

Rachaidh an t-údarú in éag go huathoibríoch má tharraingítear siar an t-iarratas ar chlárú cineálacha nó má ghlactar cinneadh de bhun Airteagal 72(1) nó (2).

Is é údarás inniúil an Bhallstáit inar cuireadh isteach an t-iarratas ar chlárú amháin a dheonóidh an t-údarú sin.

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 10 agus 11 maidir le AAP a tháirgtear agus a mhargaítear de bhun na míre seo.

2. Féadfaidh údarás inniúil údarú a thabhairt d'oibreoirí gairmiúla síolta caighdeánacha nó ábhar caighdeánach de phlandaí talmhaíochta agus prátaí a bhaineann le cineál atá faoi chlárú a tháirgeadh agus a mhargú chun tástálacha nó trialacha a dhéanamh agus é mar aidhm faisnéis a bhailiú maidir le saothrú nó úsáid an chineáil sin más rud é:

(a) go mbaineann an AAP le cineál ar dhearbhaigh an t-údarás inniúil gur cuireadh isteach an t-iarratas ar chlárú cineálacha ina leith i gcomhréir le hAirteagal 64;

(b) go gcomhlíonann an AAP na ceanglais is infheidhme d'Airteagal 9 maidir le síolta caighdeánacha nó ábhar caighdeánach;

(c) gur oibreoirí gairmiúla amháin a úsáidfidh an AAP ar áitreabh daoine nádúrtha nó dlítheanacha a ainmnítear go sonrach;

(d) gurb iad na hoibreoirí gairmiúla údaraithe a dhéanann na tástálacha agus na trialacha, agus iad sin amháin, a dhéanfaidh AAP a mhargú do na daoine dá dtagraítear i bpointe (c), agus nach ndéanfar an AAP sin a mhargú a thuilleadh ina dhiaidh sin;

(e) nach bhfuil aon bhaol ann go mbeidh aitheantas nó cáilíocht neamh-leordhóthanach an AAP mhargaithe ann de thoradh údarú den sórt sin; agus

(f) go bhfuil tagairt nó ainmníocht phóraitheora ag an AAP a mheastar a bheith oiriúnach de bhun Airteagal 60.

Rachaidh an t-údarú in éag go huathoibríoch má tharraingítear siar an t-iarratas ar chlárú cineálacha nó má ghlactar cinneadh de bhun Airteagal 72(1) nó (2).

Is é údarás inniúil an Bhallstáit inar cuireadh isteach an t-iarratas ar chlárú amháin a dheonóidh an t-údarú sin.

Féadfar an t-údarú sin a dheonú le haghaidh cainníochtaí teoranta in aghaidh an ghéinis nó an speicis a leagtar síos sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 12, pointe (a), den Airteagal seo agus, in éagmais na ngníomhartha cur chun feidhme sin, féadfaidh an t-údarás inniúil é a dheonú.

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 7 agus 11 maidir le AAP a tháirgtear agus a mhargaítear de bhun na míre seo.

3. Féadfaidh oibreoirí gairmiúla síolta caighdeánacha nó ábhar caighdeánach de phlandaí torthaí agus d'fíniúin a tháirgeadh agus a mhargú seachas fréamhstoic fíniúna a bhaineann le cineál atá faoi chlárú chun cineálacha nua a chur ar fáil ar an margadh gan mhoill más rud é:

(a) go mbaineann an AAP le cineál ar dhearbhaigh an t-údarás inniúil gur cuireadh isteach an t-iarratas ar chlárú cineálacha ina leith i gcomhréir le hAirteagal 64;

(b) go gcomhlíonann an AAP na ceanglais d'Airteagal 9 maidir le síolta caighdeánacha nó ábhar caighdeánach;

(c) nach bhfuil aon bhaol ann go mbeidh aitheantas nó cáilíocht neamh-leordhóthanach an AAP mhargaithe ann de thoradh an mhargaithe; agus

(d) go bhfuil tagairt nó ainmníocht phóraitheora ag an AAP a mheastar a bheith oiriúnach de bhun Airteagal 60.

Scoirfear den táirgeadh agus den mhargú sin má tharraingítear siar an t-iarratas ar chlárú an chineáil nó má ghlactar cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 72(2).

Mura bhfuil an cineál cláraithe, déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil na bearta is gá chun an AAP lena mbaineann a tharraingt siar ón margadh.

4. Féadfaidh údarás inniúil údarú a thabhairt d'oibreoirí gairmiúla síolta caighdeánacha nó ábhar caighdeánach de phlandaí glasraí a bhaineann le cineál atá faoi chlárú a tháirgeadh agus a mhargú chun cineálacha nua a chur ar fáil ar an margadh gan mhoill más rud é:

(a) go mbaineann an AAP le cineál ar dhearbhaigh an t-údarás inniúil gur cuireadh isteach an t-iarratas ar chlárú cineálacha ina leith i gcomhréir le hAirteagal 64;

(b) go gcomhlíonann an AAP na ceanglais d'Airteagal 9 maidir le síolta caighdeánacha nó ábhar caighdeánach;

(c) nach bhfuil aon bhaol ann go mbeidh aitheantas nó cáilíocht neamh-leordhóthanach an AAP mhargaithe ann de thoradh údarú den sórt sin; agus

(d) go bhfuil tagairt nó ainmníocht phóraitheora ag an AAP a mheastar a bheith oiriúnach de bhun Airteagal 60.

Rachaidh an t-údarú in éag go huathoibríoch má tharraingítear siar an t-iarratas ar chlárú cineálacha nó má ghlactar cinneadh de bhun Airteagal 72(1) nó (2).

Mura bhfuil an cineál cláraithe, déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil na bearta is gá chun an AAP a tharraingt siar ón margadh.

Is é údarás inniúil an Bhallstáit inar cuireadh isteach an t-iarratas ar chlárú amháin a dheonóidh an t-údarú sin.

Féadfar an t-údarú sin a dheonú le haghaidh cainníochtaí teoranta in aghaidh an ghéinis nó an speicis mar a shonraítear sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 12, pointe (a), den Airteagal seo agus, in éagmais na ngníomhartha cur chun feidhme sin, féadfaidh an t-údarás inniúil é a dheonú.

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 7 agus 11 maidir le AAP a tháirgtear agus a mhargaítear de bhun na míre seo.

5. D'fhonn an t-údarú dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 4 den Airteagal seo a fháil, déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil iarraidh a chur isteach chuig an údarás inniúil ina mbeidh faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an speiceas;

(b) tagairt an phóraitheora nó, má tá cinneadh dearfach déanta ag an údarás inniúil de bhun Airteagal 71, ainmníocht an chineáil;

(c) i gcás údarú de bhun mhíreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, na láithreáin ina bhfuil AAP le táirgeadh;

(d) i gcás údarú de bhun mhír 2 den Airteagal seo, na láithreáin ina bhfuil na tástálacha agus na trialacha le tarlú; agus

(e) na cainníochtaí síolta agus ábhair beartaithe atá le táirgeadh.

6. Na Ballstáit ar dheonaigh a n-údaráis inniúla an t-údarú dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 4 den Airteagal seo, cuirfidh siad é sin in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún gan mhoill, trí úsáid a bhaint as an tairseach leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 50(3).

7. Maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha a bhaineann le sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil AAP dá dtagraítear i míreanna 1 go 4 den Airteagal seo a fhíorú, beidh an fíorú sin bunaithe ar an tuairisc ar an gcineál arna soláthar ag an iarratasóir nó, i gcás ina bhfuil fáil uirthi, ar an tuairisc shealadach ar an gcineál arna tarraingt suas ar bhonn thorthaí an scrúdaithe oifigiúil ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht an chineáil, dá bhforáiltear in Airteagal 65.

8. Beidh lipéad oifigiúil ag gabháil le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe nó ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe dá dtagraítear i mír 1, agus beidh lipéad oibreora ag gabháil le síolta caighdeánacha nó ábhar caighdeánach dá dtagraítear i mír 1, agus na focail seo a leanas ag gabháil leis sa dá chás: ‘Cineál faoi chlárú – stoc le haghaidh iomadú’.

9. Beidh lipéad oibreora ar a mbeidh na focail seo a leanas ag gabháil le síolta nó ábhar dá dtagraítear i mír 2: ‘Cineál faoi chlárú – tástálacha agus trialacha’.

10. Beidh lipéad oibreora ar a mbeidh na focail seo a leanas ag gabháil le AAP dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4: ‘Cineál atá faoi chlárú’.

11. Coinneoidh oibreoir gairmiúil a úsáideann an maolú sin taifid maidir le cainníochtaí AAP de na cineálacha ábhartha a táirgeadh le 6 bliana anuas.

Soláthróidh oibreoirí gairmiúla sonraí ó na taifid sin don údarás inniúil arna iarraidh sin don údarás inniúil agus i gcomhréir lena threoracha.

12. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh:

(a) lena sonraítear méideanna na gcainníochtaí teoranta, dá dtagraítear i míreanna 2 agus 4;

(b) lena leagtar síos rialacha a bhaineann le méid, formáid, dath agus inneachar an lipéid oifigiúil agus an lipéid oibreora, dá dtagraítear i mír 8.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 29

Ceanglais maidir le síolta tráchtála a tháirgeadh agus a mhargú

1. Féadfar síolta an ghéinis nó an speicis atá ar áireamh i gcolún 3 d'Iarscríbhinn I a tháirgeadh agus a mhargú mar shíolta tráchtála má chomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III, cé is moite de cheanglais maidir le gnéithe cineáil.

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 7 agus 11 maidir le síolta tráchtála a tháirgeadh agus a mhargú.

2. Beidh síolta tráchtála saor, geall leis, ó lotnaidí cáilíochta, agus déanfar iad a tháirgeadh agus a mhargú faoi fhreagracht an oibreora ghairmiúil.

3. Beidh lipéad oibreora ar a mbeidh na focail seo a leanas ag gabháil le síolta dá dtagraítear i mír 1: ‘Síolta tráchtála’.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79, lena leasaítear Iarscríbhinn I trí ghéinis nó speicis a chur le colún 3 den Iarscríbhinn sin nó trí ghéinis nó speicis a scriosadh ón gcolún sin.

   Cuirfear san áireamh sna gníomhartha tarmligthe sin na forbairtí pórúcháin agus eacnamaíocha a bhaineann le táirgeadh agus marg AAP den ghéineas nó den speiceas lena mbaineann.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha a bhaineann le méid, formáid, dath agus inneachar lipéad an oibreora le haghaidh síolta tráchtála.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 30

Údarú i gcás deacrachtaí sealadacha soláthair

1. Chun deireadh a chur le deacrachtaí sealadacha i soláthar síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha, deimhnithe agus caighdeánacha nó ábhair réamhbhunúsaigh, bhunúsaigh, dheimhnithe nó chaighdeánaigh a d'fhéadfadh tarlú san Aontas de dheasca dálaí aeráide díobhálacha nó imthosca eile gan choinne, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena n-údaraítear do Bhallstát amháin nó níos mó, ar feadh uastréimhse 12 mhí, margú na gcatagóirí síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha, deimhnithe agus caighdeánacha nó ábhair réamhbhunúsaigh, bhunúsaigh, dheimhnithe nó chaighdeánaigh a chomhlíonann ceann amháin nó dhá cheann de na coinníollacha seo a leanas a cheadú:

   (a) baineann na síolta nó an t-ábhar le cineál nach n-áirítear i gclár náisiúnta cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 49;

   (b) tá ceanglais nach bhfuil chomh dian céanna leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 8(1) agus (2) agus in Airteagal 9(1) agus (2) á gcomhlíonadh ag na síolta nó ag an ábhar.

   Féadfar a leagan amach sna gníomhartha cur chun feidhme sin na huaschainníochtaí is féidir a tháirgeadh agus a mhargú in aghaidh an ghéinis nó an speicis agus in aghaidh na gcríoch inar féidir an AAP sin a tháirgeadh agus a mhargú.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

2. Beidh lipéad oifigiúil nó lipéad oibreora ag gabháil le AAP dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ar lipéad é lena sonraítear go mbaineann an AAP lena mbaineann le cineál neamhchláraithe nó go gcomhlíonann sé ceanglais nach bhfuil chomh dian céanna leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(1) agus (2) agus in Airteagal 9(1) agus (2). I gcás ina mbaineann na ceanglais cháilíochta nach bhfuil chomh dian céanna le ráta péactha laghdaithe, sonrófar ráta péactha na luchtóige síl lena mbaineann ar an lipéad oifigiúil nó ar lipéad oibreora.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena scriostar nó lena leasaítear téarmaí an údaraithe a dheonaítear de bhun mhír 1 den Airteagal seo má thagann sé ar an gconclúid nach bhfuil gá leis an údarú sin a thuilleadh nó nach bhfuil sé comhréireach a thuilleadh leis an gcuspóir deireadh a chur leis na deacrachtaí sealadacha maidir le soláthar AAP lena mbaineann.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

4. De mhaolú ar an gceanglas maidir le húdarú ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1, i gcás síolta réamhbhunúsacha agus bunúsacha, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go gceadófar, ar feadh uastréimhse 12 mhí agus le haghaidh méid teoranta cainníochtaí in aghaidh an ghéinis nó an speicis is gá chun na deacrachtaí soláthair atá i gceist a éascú, síolta réamhbhunúsacha agus bunúsacha ag a bhfuil ráta péactha nach lú ná 50 % a mhargú. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na cinntí sin in iúl láithreach don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, agus luafaidh sé an géineas nó an speiceas agus an ráta péactha a cheadaítear.

Ní fhéadfar síolta den sórt sin a mhargú ach amháin idir oibreoirí gairmiúla laistigh de chríoch an Bhallstáit táirgthe agus chun críoch iomadaithe amháin. Beidh na focail seo a leanas ar an lipéad oifigiúil freisin: ‘Síolta ag a bhfuil ráta péactha laghdaithe de [ráta péactha] % – Ní cheadaítear margú a dhéanamh ach in [ainm an Bhallstáit]’.

5. De mhaolú ar an gceanglas maidir le húdarú ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, i gcás síolta deimhnithe, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, ar feadh uastréimhse 12 mhí agus le haghaidh méid teoranta cainníochtaí in aghaidh an ghéinis nó an speicis is gá chun na deacrachtaí soláthair atá i gceist a éascú, go gceadófar síolta deimhnithe a mhargú ar síolta iad a chomhlíonann rátaí péactha arna laghdú suas le 15 phointe céatadáin i gcomparáid leis na cinn a leagtar amach de bhun Airteagal 8(4), pointe (h). Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann cinntí den sórt sin in iúl láithreach don Choimisiún agus do na Ballstáit eile agus luafaidh sé an géineas nó an speiceas agus an ráta péactha a cheadaítear.

Ní fhéadfar síolta den sórt sin a mhargú ach laistigh de chríoch an Bhallstáit táirgthe amháin. Beidh na focail seo a leanas ar an lipéad oifigiúil freisin: ‘Síolta ag a bhfuil ráta péactha laghdaithe de [ráta péactha] % – Ní cheadaítear margú a dhéanamh ach in [ainm an Bhallstáit]’.

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha a bhaineann le méid, formáid, dath agus inneachar an lipéid oifigiúil agus lipéad an oibreora dá dtagraítear i míreanna 1 go 5.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 31

Síolta arna ndeimhniú ar bhonn anailísí sealadacha maidir le péacadh i gcás riachtanais mhearsholáthair a mhargú

1. Chun síolta a chur ar fáil ar an margadh go tapa, féadfaidh na húdaráis inniúla, ar feadh uastréimhse 3 mhí ón sampla lena mbaineann a tharraingt, údarú sealadach a thabhairt d'oibreoirí gairmiúla síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe a mhargú má fhaightear amach go gcomhlíonann na síolta sin na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 8 seachas na ceanglais maidir le péacadh. Chun críocha an údaraithe sin, léireofar comhlíonadh na gceanglas maidir le péacadh ar bhonn tuarascáil anailíseach shealadach.

2. Deonófar an t-údarú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar choinníoll go ndéanfaidh an t-oibreoir gairmiúil an méid seo a leanas:

   (a) beidh na nósanna imeachta is gá i bhfeidhm aige chun a ráthú go leordhóthanach go gcomhlíonann na síolta a mhargaítear ceanglais uile Airteagal 8 seachas na ceanglais a bhaineann le péacadh, agus gur shainaithin sé na pointí criticiúla sna nósanna imeachta sin; agus

   (b) beidh nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun na ceanglais inrianaitheachta a leagtar amach in Airteagal 47 a áirithiú.

3. Coimeádfaidh an t-oibreoir gairmiúil ainm agus seoladh chéad fhaighteoirí na síolta agus an tuarascáil anailíseach shealadach, dá dtagraítear i mír 1, agus cuirfidh sé ar fáil don údarás inniúil iad arna iarraidh sin dó.

4. Beidh lipéad oifigiúil ar na síolta dá dtagraítear i mír 1 ar a mbeidh na focail seo a leanas: ‘Níl an anailís phéactha tugtha i gcrích’.

Airteagal 32

AAP nach bhfuil deimhnithe go críochnaitheach a mhargú

1. AAP a táirgeadh san Aontas agus ar dearbhaíodh ina leith go gcomhlíonann sé na ceanglais maidir le táirgeadh a leagtar amach in Airteagal 8(1) agus (2) ach nach bhfuil deimhnithe go críochnaitheach fós mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe nó mar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe de bhun Airteagal 8, féadfar é a mhargú agus tagairt á déanamh d’aon cheann de na catagóirí sin ar choinníoll:

   (a) roimh an mbuaint, go ndearna an t-údarás inniúil nó an t-oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil cigireacht allamuigh;

   (b) go bhfuil an AAP á dheimhniú ag an údarás inniúil nó ag an oibreoir gairmiúil faoi mhaoirseacht oifigiúil; agus

   (c) go bhfuil lipéad oifigiúil ar a bhfuil na focail seo a leanas ag gabháil leis an AAP: ‘Níl na síolta/an t-ábhar deimhnithe go críochnaitheach’.

2. Ní fhéadfaidh ach an t-oibreoir gairmiúil a tháirg an AAP dá dtagraítear i mír 1, agus an t-oibreoir sin amháin, a fhéadfaidh an AAP sin a mhargú le hoibreoir gairmiúil a mbeidh an AAP deimhnithe go críochnaitheach aige. Ní fhéadfaidh an t-oibreoir gairmiúil sin an AAP sin a aistriú chuig aon duine eile sula mbeidh sé deimhnithe go críochnaitheach.

3. Más rud é nach ionann údarás inniúil na críche inar buanadh AAP (‘an t-údarás inniúil táirgthe’) agus údarás inniúil na críche ina bhfuil AAP le deimhniú de bhun Airteagal 8 (‘an t-údarás inniúil deimhniúcháin’), soláthróidh an t-údarás inniúil táirgthe an fhaisnéis ábhartha maidir le táirgeadh agus margú an AAP sin don údarás inniúil deimhniúcháin.

4. AAP a buanadh i dtríú tír ach nach bhfuil deimhnithe go fóill mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe nó mar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe de bhun Airteagal 8, féadfar é a mhargú san Aontas agus tagairt á déanamh d’aon cheann de na catagóirí sin ar choinníoll:

   (a) gur glacadh cinneadh maidir le coibhéis de bhun Airteagal 39 maidir leis an tríú tír sin;

   (b) gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla maoirseacht oifigiúil ar oibreoirí gairmiúla an tríú tír lena mbaineann;

   (c) go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun go malartóidh údaráis inniúla an Bhallstáit agus údaráis inniúla an tríú tír lena mbaineann faisnéis ábhartha maidir le margú an AAP sin; agus

   (d) go bhfuil nós imeachta i bhfeidhm lena soláthróidh údaráis inniúla an tríú tír lena mbaineann an fhaisnéis táirgthe uile ábhartha d’údaráis inniúla an Bhallstáit deimhniúcháin deiridh, arna iarraidh sin.

Chun críocha na míre seo, tuigfear gurb ionann an tagairt don údarás inniúil táirgthe i mír 3 den Airteagal seo agus tagairt d'údarás inniúil an tríú tír lena mbaineann agus forléireofar an tagairt do na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(1) i mír 1 den Airteagal seo mar thagairt do cheanglais choibhéiseacha an tríú tír a aithnítear de bhun Airteagal 39(1).

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha a bhaineann le méid, formáid, dath agus inneachar an lipéid oifigiúil dá dtagraítear i mír 1, pointe (c).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 33

Ceanglais níos déine

1. Faoi réir réamhúdarú ón gCoimisiún, féadfaidh na Ballstáit ceanglais níos déine a ghlacadh le haghaidh a gcríche iomláine, nó cuid di, maidir le AAP a tháirgeadh agus a mhargú ná na ceanglais sin a leagtar síos in Airteagal 8 nó 9, de réir mar is infheidhme, ar choinníoll go gcomhfhreagraíonn na ceanglais níos déine sin d'éileamh an mhargaidh agus do dhálaí sonracha táirgthe sa Bhallstát sin, nó do riachtanais agra-aeráide an Bhallstáit sin, maidir leis an AAP lena mbaineann.

Leis na ceanglais níos déine sin, ní fhorchuirfear, ná ní bheidh mar thoradh orthu, aon toirmeasc ná srian ar ghluaiseacht AAP de thionscnamh Ballstáit eile nó arb iad Ballstáit eile a gceann scríbe.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena n-údaraítear do Bhallstát na ceanglais níos déine dá dtagraítear i mír 1 a fhorchur chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir lena gcur chun feidhme.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

3. D'fhonn an t-údarú dá dtagraítear i mír 2 a fháil, cuirfidh na Ballstáit iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ina leagfar amach an méid seo a leanas:

(a) na dréachtfhorálacha ina mbeidh na ceanglais is déine atá beartaithe; agus

(b) réasúnú go bhfuil na ceanglais sin riachtanach agus comhréireach i bhfianaise na gcuspóirí atá le baint amach, agus costais agus tairbhí breise á gcur san áireamh.

4. Ní fhéadfar an t-údarú dá dtagraítear i mír 2 a dheonú ach amháin i gcás:

(a) inar dócha go n-áiritheofar le cur chun feidhme na gceanglas is déine atá beartaithe go bhfeabhsófar aitheantas agus cáilíocht an AAP lena mbaineann agus tá údar cuí leo de bharr dhálaí sonracha talmhaíochta nó aeráide an Bhallstáit lena mbaineann; agus

(b) ina bhfuil na ceanglais níos déine atá beartaithe riachtanach agus comhréireach i bhfianaise an chuspóra atá le baint amach.

Airteagal 34

Maolú ar na rialacha táirgthe agus margaithe maidir le speicis áirithe

1. Faoi réir mhír 2 den Airteagal seo, féadfar AAP a bhaineann le géinis agus speicis áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a tháirgeadh agus a mhargú i gcomhréir le rialacha náisiúnta Ballstáit seachas na rialacha in Airteagail 5 go 22. Ní dhéanfar an AAP lena mbaineann a mhargú ach amháin sa Bhallstát lena mbaineann agus beidh lipéad air lena sonrófar gurb amhlaidh an cás.

Na Ballstáit a bhfuil sé ar intinn acu an chéad fhomhír den mhír seo a chur i bhfeidhm, cuirfidh siad iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ina léireofar, ar bhonn comhairliúcháin leis na hoibreoirí gairmiúla lena mbaineann, an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil saothrú an ghéinis nó an speicis sin sa Bhallstát iarrthach neamhshuntasach, i dtéarmaí luach eacnamaíoch agus limistéar an tsaothraithe, mar gheall ar na dálaí agra-aeráide sa Bhallstát sin; agus

(b) le deimhniú agus rialú tháirgeadh AAP an ghéinis nó an speicis sin, chuirfí ualach riaracháin díréireach ar údarás inniúil an Bhallstáit sin.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gceadaítear táirgeadh agus margú AAP dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn sealadach.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 35

AAP chun amhábhair thalmhaíochta a tháirgeadh atá beartaithe chun críoch tionsclaíoch

Féadfaidh duine nádúrtha nó dlítheanach AAP a tháirgeadh, ar duine nádúrtha nó dlítheanach é nó í a dhéanann an AAP sin a iomadú thar ceann úinéir an AAP nó a tháirgeann ón AAP sin amhábhair thalmhaíochta atá le húsáid ag an úinéir chun críoch tionsclaíoch, nó féadfar AAP a aistriú idir úinéir an AAP sin agus duine nádúrtha nó dlítheanach den sórt sin, ar choinníoll:

(a) go bhfuil an ghníomhaíocht sin faoi réir conradh seirbhíse idir úinéir AAP agus na daoine sin;

(b) nach bhfaigheann an duine nádúrtha nó dlítheanach sin teideal ar an AAP sin ná ar tháirge na buainte;

(c) go n-áirithítear inrianaitheacht an AAP sin; agus

(d) gur sholáthair úinéir an AAP sin don údarás inniúil roimh ré cóip de na codanna ábhartha den chonradh seirbhíse a rinneadh leis an duine nádúrtha nó dlítheanach sin, lena n-áirítear ar a laghad na páirtithe conarthacha, an AAP lena mbaineann, fad an chonartha, suíomh an táirgthe, agus na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh ag an AAP sin.

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 5 go 22 maidir le AAP a tháirgtear agus a mhargaítear de bhun an Airteagail seo.

Airteagal 36

Bearta éigeandála

1. I gcás ina bhfuil fianaise eolaíoch nua nó bhreise ann a thugann le tuiscint go bhfuil táirgeadh, margú nó saothrú AAP, nó úsáid an táirge deiridh, ina riosca tromchúiseach do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó plandaí, don chomhshaol nó do shaothrú géineas agus speiceas eile, agus nach ndearnadh measúnú ar an riosca sin de bhun aon rialacha eile de chuid an Aontais agus nach féidir é a shrianadh go sásúil le bearta arna ndéanamh ag an mBallstát lena mbaineann, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme gan mhoill, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Bhallstát, lena leagtar síos bearta éigeandála eatramhacha iomchuí agus comhréireacha.

   Beidh na bearta sin teoranta ó thaobh ama de agus féadfar a áireamh iontu forálacha lena sriantar nó lena dtoirmisctear táirgeadh agus margú an AAP lena mbaineann.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil bonn cirt cuí leo a bhaineann le riosca mór do shláinte daoine, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 80(3).

2. I gcás ina gcuireann Ballstát an Coimisiún ar an eolas go hoifigiúil faoin ngá le bearta éigeandála a dhéanamh, agus nach ngníomhaíonn an Coimisiún i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an Ballstát bearta cosantacha eatramhacha iomchuí, comhréireacha agus a bhfuil teorainn ama leo a dhéanamh. Féadfaidh a áireamh ar na bearta sin forálacha lena gcuirfear srian nó toirmeasc ar tháirgeadh nó margú AAP laistigh de chríoch an Bhallstáit sin, nó lena leagfar síos coinníollacha iomchuí do tháirgeadh nó do mhargú an AAP sin laistigh den chríoch sin, de réir thromchúis an cháis. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra láithreach don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi na bearta a ghlac sé agus an tréimhse a chumhdaítear leo, agus tabharfaidh sé cúiseanna lena chinneadh.

3. Laistigh de 60 lá ón bhfógra faoi na bearta arna nglacadh de bhun mhír 2 den Airteagal seo a fháil, cuirfidh an Coimisiún na bearta sin faoi bhráid an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 80(1) d'fhonn gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leathnaítear, lena leasaítear nó lena n-aisghairtear an beart éigeandála eatramhach náisiúnta lena mbaineann i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 37

Turgnaimh shealadacha chun roghanna malartacha feabhsaithe ar fhorálacha áirithe an Rialacháin seo a lorg

1. De mhaolú ar Airteagail 1 go 78, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí thurgnaimh shealadacha a bhunú chun feabhsuithe a d'fhéadfaí a chur ar an Rialachán seo a thástáil i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.

   D'fhéadfadh trialacha eolaíochta nó teicniúla a bheith sna turgnaimh sin lena scrúdófar indéantacht agus oiriúnacht na bhforálacha nua i gcomparáid leo siúd a leagtar amach in Airteagail 1 go 78. Sonrófar sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas:

   (a) na géinis nó na speicis lena mbaineann;

   (b) dálaí na dturgnamh in aghaidh an ghéinis nó an speicis;

   (c) fad an turgnaimh;

   (d) oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe na mBallstát rannpháirteach.

   Leis na gníomhartha tarmligthe sin, léireofar na forbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil a mhéid a bhaineann le táirgeadh an AAP lena mbaineann agus beidh na gníomhartha tarmligthe sin bunaithe ar aon triail chomparáideach a dhéanfaidh na Ballstáit.

3. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar thorthaí aon turgnaimh a dhéanfar de bhun na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus déanfar achoimre orthu i dtuarascáil, agus léireofar, más gá, an gá atá le hAirteagal 1 go hAirteagal 78 a leasú

ROINN 8

ALLMHAIRÍ Ó THRÍÚ TÍORTHA

Airteagal 38

Allmhairí AAP

1. Ní fhéadfar APP a allmhairiú ó thríú tíortha ach amháin más rud é go suitear, de bhun Airteagal 39(1), go gcomhlíonann sé ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin is infheidhme maidir le AAP a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas.

2. AAP a bhaineann le meascáin le haghaidh leasaithe dá dtagraítear in Airteagal 22 agus AAP atá faoi réir na maoluithe a leagtar amach in Airteagail 23 go 26, 29, 31 agus 34, ní allmhaireofar iad, agus ní aithneofar aon choibhéis de bhun Airteagal 39.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfar síolta amha a allmhairiú isteach san Aontas lena bpróiseáil agus lena margú mar shíolta caighdeánacha gan gá leis na ceanglais dá dtagraítear sa mhír sin a chomhlíonadh. Comhlíonfaidh na síolta sin na coinníollacha a leanas:

   (a) beidh lipéad ag gabháil leo de bhun Airteagal 40(4) agus áiritheofar a gcéannacht; agus

(b) ní dhéanfar iad a mhargú ach suas go dtí an áit phróiseála agus ní dhéanfar tuilleadh margaithe orthu sula ndéanfar iad a phróiseáil.

Tabharfaidh an t-oibreoir gairmiúil fógra roimh ré don údarás inniúil faoi allmhairiú na síolta sin.

Soláthróidh an t-oibreoir gairmiúil atá freagrach as na síolta amha allmhairithe, arna iarraidh sin don údarás inniúil, faisnéis maidir leis na coinníollacha faoina ndearnadh an táirgeadh nó an t-iomadú, an áit phróiseála, na cineálacha lena mbaineann na síolta agus na cainníochtaí díobh arna n-allmhairiú de bhun na míre seo.

Airteagal 39

Aitheantas coibhéise

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena n-aithnítear go gcomhlíonann AAP de ghéinis shonracha, speicis shonracha nó catagóirí sonracha a tháirgtear i dtríú tír, nó i réigiún áirithe de thríú tír, ceanglais atá coibhéiseach leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir le AAP a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas, ar bhonn an mhéid uile seo a leanas:

(a) scrúdú críochnúil ar an bhfaisnéis agus ar na sonraí arna gcur ar fáil ag an tríú tír sin don AAP lena mbaineann;

(b) iniúchadh ar an tríú tír, arna dhéanamh ag an gCoimisiún, lena léirítear go n-áirithítear leis an gcóras atá i bhfeidhm go gcomhlíonann AAP a tháirgtear sa tír sin, nó i réigiún áirithe den tír sin, na ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais sin is infheidhme maidir le AAP a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas nuair is é an chéad iarraidh é ar aitheantas coibhéise maidir leis an tríú tír sin; agus

(c) i gcás síolta a bhaineann le speiceas arb ann do Scéim Síolta ECFE ina leith, ós rud é go bhfuil an tríú tír lena mbaineann rannpháirteach i Scéimeanna Síolta ECFE agus go gcuireann sí modhanna an Chomhlachais Náisiúnta um Thástáil Síolta chun feidhme freisin, nó, i gcás inarb infheidhme, go gcuireann sí chun feidhme rialacha Chomhlachas na nAnailísithe Oifigiúla Síolta nó rialacha comhlachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a leagann síos caighdeáin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

2. I gcás inar gá agus arna iarraidh sin don Choimisiún, féadfaidh saineolaithe ó na Ballstáit cúnamh a thabhairt don Choimisiún an scrúdú agus an t-iniúchadh dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), a dhéanamh.

3. Chun críche mhír 1, scrúdóidh an Coimisiún an méid a leanas:

(a) reachtaíocht an tríú tír maidir le AAP a tháirgeadh i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann;

(b) struchtúr údaráis inniúla an tríú tír lena mbaineann, nó réigiún di, agus a seirbhísí rialaithe, na cumhachtaí atá ag na húdaráis inniúla sin, na ráthaíochtaí is féidir a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na reachtaíochta is infheidhme sa tríú tír nó réigiún di maidir leis an earnáil lena mbaineann, agus, nuair is infheidhme, iontaofacht na nósanna imeachta um dheimhniú oifigiúil;

(c) rialuithe oifigiúla leordhóthanacha arna ndéanamh ag údaráis inniúla an tríú tír lena mbaineann maidir le sainaithint agus cáilíocht AAP na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann;

(d) na ráthaíochtaí a thug an tríú tír:

(i) i dtaca leis na ceanglais a chuirtear i bhfeidhm maidir le láithreáin táirgthe AAP atá le hallmhairiú chuig an Aontas, go bhfuil siad coibhéiseach leis na ceanglais is infheidhme maidir le láithreáin táirgthe AAP a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas; agus

(ii) go bhfuil na láithreáin táirgthe sin dá dtagraítear i bpointe (i) faoi réir rialuithe tráthrialta agus éifeachtacha ag údaráis inniúla an tríú tír.

Tar éis an iniúchta dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), féadfaidh an Coimisiún iniúchtaí breise a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil an mhír seo á comhlíonadh ag an tríú tír lena mbaineann. Chun na críche sin, agus arna iarraidh sin don Choimisiún, féadfaidh na Ballstáit a saineolaithe a chur ar fáil chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún.

4. Féadfaidh na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 foráil a dhéanamh maidir le ceann amháin nó níos mó de na gnéithe a leanas, de réir mar is iomchuí le haghaidh an AAP lena mbaineann:

(a) coinníollacha a bhaineann le cigireachtaí sa láithreán táirgthe a dhéantar i dtríú tíortha;

(b) i gcás síolta, coinníollacha maidir le deimhniú arna sholáthar ag an gComhlachas Náisiúnta um Thástáil Síolta, nó, i gcás inarb infheidhme, ag Comhlachas na nAnailísithe Oifigiúla Síolta, nó ag comhlachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a leagann síos caighdeáin, a eisiúint sa tríú tír;

(c) coinníollacha a bhaineann le AAP atá faoi réir an mhaolaithe dá dtagraítear in Airteagal 32;

(d) coinníollacha a bhaineann le pacáistíocht, séalú agus lipéadú AAP;

(e) coinníollacha a bhaineann le táirgeadh, aitheantas agus margú AAP, chomh maith leis na coinníollacha dá ndéantar foráil i reachtaíocht an tríú tír, má tá gá leo chun dul i ngleic le gnéithe áirithe a bhaineann le haitheantas agus cáilíocht an AAP sin;

(f) ceanglais atá le comhlíonadh ag na hoibreoirí gairmiúla a tháirgeann agus a mhargaíonn an AAP sin.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na sonraí agus an fhaisnéis atá le soláthar le haghaidh AAP ó thríú tír nó réigiún di atá le haithint mar AAP coibhéiseach, i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

6. Faoin … [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme ina liostófar na tríú tíortha agus na géinis, speicis agus catagóirí faoi seach ar aithníodh coibhéis ina leith cheana:

(a) Cinneadh 2003/17/CE; agus

(b) na Rialacháin Cur Chun Feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 16 de Threoir 2008/72/CE agus Airteagal 12(1) de Threoir 2008/90/CE.

Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Measfar go gcomhlíonann AAP ó na tíortha agus na críocha a áirítear sa liosta sin ceanglais atá coibhéiseach leis na ceanglais is infheidhme maidir le AAP a tháirgtear agus a mhargaítear san Aontas, gan dochar do mheasúnuithe a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo i gcomhréir leis an Airteagal seo.

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena n-aithnítear go dtugtar leis na rialuithe maidir le cothabháil cineáil a dhéantar sa tríú tír na ráthaíochtaí céanna leo siúd a ghabhann leis na rialuithe dá ndéantar foráil in Airteagal 76(1), (2) agus (5), má tá cineálacha atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha nó i gclár cineálacha an Aontais le coinneáil sa tríú tír sin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 40

Lipéadú AAP a allmhairítear ó thríú tíortha

1. Ní fhéadfar síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha ná deimhnithe a allmhairiú ó thríú tíortha ach amháin má tá lipéad ECFE nó lipéad oifigiúil arna eisiúint ag údarás inniúil an tríú tír orthu i gcás géineas agus speiceas nach bhfuil aon Scéim Síolta ECFE ar fáil ina leith agus, i gcás inarb infheidhme, má tá deimhniú arna eisiúint ag an gComhlachas Náisiúnta um Thástáil Síolta nó Comhlachas na nAnailísithe Oifigiúla Síolta nó ag comhlachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a leagann síos caighdeáin ag gabháil leo.

2. Ní fhéadfar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach ná deimhnithe a allmhairiú ó thríú tíortha ach amháin má ghabhann lipéad oifigiúil, arna eisiúint ag údarás inniúil an tríú tír lena mbaineann, leis.

3. Ní fhéadfar síolta caighdeánacha ná an ábhar caighdeánach a allmhairiú ó thríú tíortha ach amháin má tá lipéad ECFE orthu, i gcás inarb infheidhme, arna eisiúint ag oibreoir gairmiúil nó lipéad oibreora.

4. Ní fhéadfar síolta amha a allmhairiú ach amháin má tá lipéad oibreora orthu ar a bhfuil na focail seo a leanas: ‘Síolta amha’.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos formáid, dath, teanga, méid agus inneachar na lipéad dá dtagraítear i míreanna 1 go 4.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 41

Faisnéis arna soláthar le haghaidh AAP a allmhairítear ó thríú tíortha

Ní fhéadfar AAP a allmhairiú isteach san Aontas ach amháin tar éis don oibreoir gairmiúil fógra leictreonach a chur isteach tríd an gcóras bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla (CBFRO) dá dtagraítear in Airteagal 131 de Rialachán (AE) 2017/625. Áireofar an ceann scríbe san fhógra sin.

Caibidil III

Ceanglais ar oibreoirí gairmiúla

Airteagal 42

Oibleagáidí na n-oibreoirí gairmiúla

Comhlíonfaidh oibreoirí gairmiúla na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh siad bunaithe san Aontas;

(b) beidh siad cláraithe sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/2031, chun críocha an Rialacháin seo;

(c) beidh siad ar fáil go pearsanta, nó ainmneoidh siad duine eile le bheith ar fáil go pearsanta, chun idirchaidreamh a dhéanamh leis na húdaráis inniúla chun feidhmiú na rialuithe oifigiúla a éascú;

(d) sainaithneoidh siad pointí criticiúla den phróiseas táirgthe nó den mhargú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar aitheantas agus cáilíocht AAP, agus déanfaidh siad faireachán ar na pointí criticiúla sin;

(e) coinneoidh siad taifid den fhaireachán ar na pointí criticiúla dá dtagraítear i bpointe (d) den Airteagal sin, agus soláthróidh siad iad lena scrúdú arna iarraidh sin ag na húdaráis inniúla;

(f) áiritheoidh siad go bhféadfar luchtóga AAP a shainaithint thar a chéile;

(g) coimeádfaidh siad faisnéis cothrom le dáta maidir le seoladh an áitribh agus suíomhanna eile, lena n-áirítear seoltaí na bpáirtithe conarthacha, a úsáidtear le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (4);

(h) áiritheoidh siad go mbeidh rochtain ag údaráis inniúla ar áitreabh agus suíomhanna eile ina ndéantar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (4), lena n-áirítear áitreabh agus goirt tríú páirtithe conarthacha, agus ar thaifid an fhaireacháin agus gach doiciméad gaolmhar;

(i) déanfaidh siad bearta, nuair is iomchuí, chun aitheantas AAP a chothabháil i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo; agus

(j) cuirfidh siad aon chonradh le páirtithe conarthacha ar fáil do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin dóibh.

Próiseálfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis a chuirtear ar fáil dóibh de bhun phointe (j) i gcomhréir le rialacha an Aontais agus le rialacha náisiúnta maidir le rúndacht, rochtain ar fhaisnéis agus cosaint sonraí pearsanta.

Airteagal 43

An nós imeachta clárúcháin

1. Cuirfidh na hoibreoirí gairmiúla atá le clárú i gcomhréir le hAirteagal 42, pointe (b), iarratas ar chlárú faoi bhráid an údaráis inniúil.

2. Cuimseofar an méid a leanas san iarratas ar chlárú dá dtagraítear i mír 1:

   (a) ainm an oibreora ghairmiúil, a sheoladh sa Bhallstát ina ndéantar an clárú agus a chuid sonraí teagmhála;

   (b) ráiteas maidir le rún an oibreora ghairmiúil dul i mbun ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (4);

   (c) ráiteas maidir leis an rún gníomhaíochtaí deimhniúcháin a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil;

   (d) seoladh an áitribh a bhíonn á n-úsáid ag an oibreoir gairmiúil sa Bhallstát lena mbaineann chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (4), a chur i gcrích chun críche an chlárúcháin; agus

   (e) cineálacha tráchtearraí, agus géinis nó speicis AAP, lena mbaineann na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (4), a dhéanann an t-oibreoir gairmiúil.

3. I gcás ina measann an t-údarás inniúil go bhfuil na sonraí uile a leagtar amach i mír 2 san iarratas ar chlárú dá dtagraítear i mír 1, cláróidh sé an t-oibreoir gairmiúil gan mhoill.

4. Cuirfidh oibreoirí cláraithe nuashonrú isteach gan mhoill maidir le haon athruithe, i ndáil leis an gcéad séasúr táirgthe eile, sna sonraí dá dtagraítear i mír 2.

5. Sa chás gur léir don údarás inniúil nach bhfuil na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (4), á gcur i gcrích ag an oibreoir gairmiúil níos mó, nó nach bhfuil na sonraí a áirítear san iarratas curtha isteach ag an oibreoir gairmiúil i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo ceart, iarrfaidh sé ar an oibreoir na sonraí sin a cheartú láithreach nó laistigh de thréimhse shonraithe.

   Sa chás nach gceartaíonn an t-oibreoir gairmiúil na sonraí sin laistigh den tréimhse atá sonraithe ag an údarás inniúil, déanfaidh an t-údarás inniúil sin clárú an oibreora sin a leasú nó a chúlghairm.

6. Beidh rochtain iomlán ag na húdaráis inniúla ar an gclár dá dtagraítear in Airteagal 65(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 óna mBallstát.

Airteagal 44

Ábhar an chláir

Cuimseofar i gclár na n-oibreoirí gairmiúla na sonraí a leagtar amach in Airteagal 43(2), pointí (a), (b), (d) agus (e), mar aon leis an méid a leanas:

(a) an uimhir chlárúcháin oifigiúil;

(b) i gcás inarb infheidhme, léiriú ar cé na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 43(2), pointe (c), a bhfuil an t-oibreoir gairmiúil údaraithe ina leith.

Airteagal 45

Maoluithe ar oibleagáidí na n-oibreoirí gairmiúla

1. De mhaolú ar Airteagal 42, pointe (b), ní cheanglófar ar oibreoirí gairmiúla a bheith cláraithe mura ndéanann siad ach ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a leanas:

   (a) táirgeadh nó margú AAP a bheartaítear lena úsáid go heisiach ag úsáideoirí neamhghairmiúla agus a mhargaítear go díreach leo de bhun Airteagal 24;

   (b) táirgeadh nó margú AAP a bheartaítear do chaomhnú acmhainní géiniteacha plandaí ag eagraíochtaí agus líonraí de bhun Airteagal 25;

   (c) AAP a mhalartú i gcomhchineál idir feirmeoirí de bhun Airteagal 26.

2. Oibreoirí gairmiúla a bhfuil a ngníomhaíochtaí teoranta do tháirgeadh agus do mhargú AAP de chineálacha caomhantais nó de chineálacha arna n-oiriúnú go logánta i gcomhréir le hAirteagal 23, ní bheidh siad faoi réir an cheanglais in Airteagal 42, pointe (e).

3. Oibreoirí gairmiúla a bhfuil a ngníomhaíochtaí a bhaineann le AAP teoranta do mhargú go díreach le húsáideoirí neamhghairmiúla i gcomhréir le hAirteagal 24 gan ábhar na luchtóg, nó aon phacáistíocht ná lipéadú, a athrú, ní bheidh siad faoi réir cheanglais Airteagal 42, pointí (d), (e) agus (g).

4. Eagraíochtaí agus líonraí a bhfuil baint acu le caomhnú acmhainní géiniteacha plandaí i gcomhréir le hAirteagal 25, ní bheidh siad faoi réir na gceanglas in Airteagal 42, pointí (d) agus (e).

5. Feirmeoirí a mhalartaíonn AAP i gcomhchineál i gcomhréir le hAirteagal 26, ní bheidh siad faoi réir cheanglais Airteagal 42, pointí (d), (e), (f), (i) agus (j).

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena leasaítear mír 1 den Airteagal seo trí saghsanna eile oibreoirí gairmiúla a chur leis atá le díolmhú ón gceanglas in Airteagal 42, pointe (b), i gcás ina mbeadh clárú ina ualach riaracháin ar na hoibreoirí gairmiúla sin atá díréireach leis an riosca íseal a bhaineann lena ngníomhaíochtaí gairmiúla.

Airteagal 46

Infhaighteacht fhaisnéis na gclár oifigiúil

1. Cuirfidh Ballstát an údaráis inniúil a choimeádann an clár dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (b), an fhaisnéis atá ann ar fáil, ar iarraidh réasúnaithe a fháil, don Choimisiún nó do na Ballstáit eile.

2. Cuirfidh an t-údarás inniúil a choimeádann an clár an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 43(2), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 44, pointe (b), ar fáil, ar iarraidh réasúnaithe, ar faisnéis í maidir le hoibreoir gairmiúil cláraithe ar leith d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas lena úsáid ag an duine sin féin.

3. Ní dochar an tAirteagal seo do rialacha an Aontais ná do rialacha náisiúnta maidir le rúndacht, le rochtain ar fhaisnéis agus le cosaint sonraí pearsanta.

Airteagal 47

Inrianaitheacht

1. Áiritheoidh oibreoirí gairmiúla go mbeidh AAP inrianaithe ag gach céim den táirgeadh agus den mhargú d'oibreoir gairmiúil eile nó uaidh.

2. Coinneoidh oibreoirí gairmiúla faisnéis nó taifid ionas gur féidir leo an méid a leanas a shainaithint:

(a) na hoibreoirí gairmiúla nó daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile ar sholáthair siad an AAP lena mbaineann dóibh;

(b) na hoibreoirí gairmiúla ar sholáthair siad AAP agus an AAP lena mbaineann dóibh.

Cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil do na húdaráis inniúla, arna iarraidh sin dóibh.

3. Coinneoidh oibreoirí gairmiúla taifid de AAP agus don fhaisnéis a ghabhann leis na hoibreoirí gairmiúla agus na daoine nádúrtha nó dlíthiúla dá dtagraítear i mír 2 go ceann 6 bliana tar éis a soláthraíodh an AAP sin dóibh, nó tar éis dóibh an AAP sin a sholáthar.

4. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagail 25 agus 26.

Airteagal 48

Fógra maidir le táirgeadh

1. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, tabharfaidh oibreoirí gairmiúla fógra don údarás inniúil roimh ré, i gcomhréir lena threoracha, faoin méid a leanas:

(a) a dtáirgeadh beartaithe de shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe agus d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe le linn na bliana sin; agus

(b) a dtáirgeadh de shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe agus d'ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a thosaigh sna blianta roimhe sin agus a leanann le linn na bliana lena mbaineann.

Luafar san fhógra sin na géinis nó na speicis, na cineálacha nó, i gcás inarb iomchuí, clóin roghnaithe nó ábhar polaclónach, na catagóirí AAP lena mbaineann agus suíomh beacht an táirgthe.

2. Coinneoidh oibreoirí gairmiúla sonraí maidir leis na cainníochtaí de shíolta caighdeánacha agus d'ábhar caighdeánach agus de shíolta tráchtála a táirgeadh le 6 bliana anuas faoi threoir na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann. Soláthróidh oibreoirí gairmiúla sonraí ó na taifid sin don údarás inniúil arna iarraidh sin dó agus i gcomhréir lena threoracha.

Caibidil IV

Clárú cineálacha

ROINN 1

CLÁIR CINEÁLACHA

Airteagal 49

Bunú na gclár náisiúnta cineálacha

1. Déanfaidh gach Ballstát clár aonair náisiúnta cineálacha (‘clár náisiúnta cineálacha’) a bhunú, a fhoilsiú i bhformáid leictreonach agus a choimeád cothrom le dáta, ina mbeidh:

   (a) gach cineál arna chlárú de bhun an nós imeachta a leagtar amach i Roinn 3, lena n-áirítear na cineálacha ar foirceannadh a gclárú de bhun Airteagal 75(1);

   (b) cineálacha ar cuireadh iarratas isteach ina leith de bhun Airteagal 61 agus nár cláraíodh fós de bhun Airteagal 72, lena n-áirítear na cineálacha ar diúltaíodh nó ar tarraingíodh siar a n-iarratas, dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV, pointe (f).

2. Aon chineál, lena n-áirítear cineálacha géineas nó speiceas nach liostaítear in Iarscríbhinn I, arna chlárú i gcomhréir le rialacha náisiúnta, léireofar ar leithligh iad sa chlár náisiúnta cineálacha.

3. Féadfar AAP a bhaineann le cineál arna chlárú i gcomhréir le mír 1, pointe (a), i gclár náisiúnta cineálacha amháin ar a laghad a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas ar an toirt, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

4. Tar éis bhunú a gclár náisiúnta cineálacha, agus tar éis aon cheann dá nuashonruithe, tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún faoi aon ghné de na cláir sin atá faoi réir an Rialacháin seo chun iad a áireamh i gclár cineálacha an Aontais.

5. Cineálacha nach bhfuil beartaithe ach mar mháthair-chomhpháirteanna de chineálacha hibrideacha agus nach margaítear mar chineálacha aonair, ní cheanglófar iad a chlárú de bhun na Caibidle seo.

Airteagal 50

Bunú chlár cineálacha de chuid an Aontais

1. Déanfaidh an Coimisiún clár aonair cineálacha (‘clár cineálacha an Aontais’) a bhunú, a fhoilsiú i bhformáid leictreonach agus a choimeád cothrom le dáta.

2. Áireofar i gclár cineálacha an Aontais gnéithe na gclár náisiúnta cineálacha arna bhfógairt i gcomhréir le hAirteagal 49(4) agus déanfar é a thabhairt cothrom le dáta láithreach ar bhonn na bhfógraí sin.

3. Beidh rochtain ar chlár cineálacha an Aontais trí thairseach leictreonach arna bunú agus arna bainistiú ag an gCoimisiún. Leis an tairseach sin, féadfar rochtain a chumasú ar chláir eile de chineálacha plandaí, ar liostaí de chlóin roghnaithe agus d'ábhar polaclónach, nó ar bhunachair sonraí plandaí eile, lena n-áirítear bunachair sonraí d'ábhar atáirgthe foraoise agus d'ábhar ilchineálach orgánach.

Airteagal 51

Inneachar na gclár náisiúnta cineálacha agus chlár cineálacha an Aontais

1. Sna cláir náisiúnta cineálacha agus i gclár cineálacha an Aontais beidh na gnéithe uile a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, a bhaineann leis na cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 49(1).

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena leasaítear Iarscríbhinn IV chun forbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil a chur san áireamh mar aon leis an ngá atá ag na húdaráis inniúla nó ag na hoibreoirí gairmiúla faisnéis níos beaichte a fháil faoi na cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 49(1), i gcás ina léireofar sin le taithí.

Airteagal 52

Liostaí náisiúnta de chlóin roghnaithe agus d'ábhar polaclónach a bhunú

1. Déanfaidh gach Ballstát liosta náisiúnta aonair de chlóin roghnaithe agus d'ábhar polaclónach ('liosta náisiúnta de chlóin roghnaithe agus d'ábhar polaclónach') de chineálacha géineas agus speiceas plandaí torthaí agus fíniúnacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a bhunú, a fhoilsiú i bhformáid leictreonach, agus a choinneáil cothrom le dáta.

Bainfidh na clóin roghnaithe sin agus an t-ábhar polaclónach sin le cineál arna chlárú de bhun Airteagal 72 i gclár náisiúnta cineálacha dá dtagraítear in Airteagal 49.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin liosta náisiúnta de chlóin roghnaithe agus d'ábhar polaclónach agus faoi aon nuashonrú orthu. Foilseoidh an Coimisiún an liosta cothrom le dáta ar an tairseach leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 50(3).

3. Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas iarratas a chur faoi bhráid an údaráis inniúil chun clón roghnaithe nó ábhar polaclónach a liostú ar liosta náisiúnta de chlóin roghnaithe agus d'ábhar polaclónach. Áireofar san achoimre sin an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) an géineas nó an speiceas agus an cineál lena mbaineann an clón roghnaithe nó an t-ábhar polaclónach;

(b) an ainmníocht atá beartaithe don chlón roghnaithe nó don ábhar polaclónach i gcomhréir le hAirteagal 60(4);

(c) an duine nádúrtha nó dlítheanach a rinne an roghnú;

(d) an t-oibreoir gairmiúil a choinníonn an clón roghnaithe nó an t-ábhar polaclónach ar bun, murab ionann é agus an duine nádúrtha nó dlítheanach dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo;

(e) doiciméadacht ar an modheolaíocht as ar eascair an clón roghnaithe nó an t-ábhar polaclónach;

(f) i gcás inarb infheidhme, an tuairisc ar chomhdhéanamh an ábhair pholaclónaigh;

(g) tuairisc ar na gnóthachain ghéiniteacha éifeachtacha i ndáil le feidhmíocht fhoriomlán an chineáil ábhartha a mhéid a bhaineann le saintréithe agranamaíocha nó teicneolaíocha nó saintréithe a bhaineann le saothrú inbhuanaithe, amhail frithsheasmhacht in aghaidh galar nó fulaingt an chlóin roghnaithe nó an ábhair pholaclónaigh;

(h) faisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an clón roghnaithe nó an t-ábhar polaclónach liostaithe cheana féin i liosta náisiúnta de chlóin roghnaithe agus d'ábhar polaclónach de chuid Ballstát eile.

4. Ní áireoidh an t-údarás inniúil an clón roghnaithe ná an t-ábhar polaclónach i liosta náisiúnta de chlóin roghnaithe agus d'ábhar polaclónach ach amháin má chinneann sé gur iarratas iomlán atá ann, go nglactar leis an ainmníocht, agus go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena leasófar Iarscríbhinn V d'fhonn an Iarscríbhinn sin a oiriúnú d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar chaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme.

6. Áireofar sa liosta náisiúnta de chlóin roghnaithe agus d'ábhar polaclónach an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 3 ar a laghad.

ROINN 2

CEANGLAIS MAIDIR LE CLÁRÚ CINEÁLACHA

Airteagal 53

Ceanglais maidir le clárúchán sna cláir náisiúnta cineálacha

1. Ní chlárófar cineál i gclár náisiúnta cineálacha i gcomhréir le Roinn 3, ach amháin:

(a) má tá an méid a leanas aige:

(i) tuairisc oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 54(1), agus, i gcás na ngéineas agus na speiceas mar a léirítear i gcolún 4 d'Iarscríbhinn I, go gcomhlíonann siad na ceanglais maidir le luach sásúil le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe a leagtar amach in Airteagal 59; nó

(ii) i gcás cineál caomhantais nó cineál arna oiriúnú go logánta, tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 54(2) agus tásc maidir lena réigiún tionscnaimh;

(b) má tá ainmníocht aige a mheastar a bheith oiriúnach de bhun Airteagal 60;

(c) má comhlíontar na ceanglais a bhaineann le cothabháil cineáil a leagtar amach in Airteagal 76;

(d) i gcás ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe sa chineál, nó i gcás ina bhfuil an cineál comhdhéanta d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe, má tá saothrú na n-orgánach géinmhodhnaithe sin údaraithe san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 19 de Threoir 2001/18/CE, le hAirteagail 7 agus 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] nó le Caibidil III de Rialachán (AE) 2026/1388, agus nach n-eisiatar an saothrú sin sa Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 26b de Threoir 2001/18/CE;

(e) i gcás ina bhfuil plandaí TGN de chatagóir 1 sa chineál, nó i gcás ina bhfuil an cineál comhdhéanta de phlandaí TGN de chatagóir 1, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (13), de Rialachán (AE) 2026/1388, má tá dearbhú stádais planda TGN de chatagóir 1 faighte ag an bplanda sin de bhun Airteagal 6 nó 7 den Rialachán sin nó más sliocht de na plandaí sin é; agus

(f) i gcás ina bhfuil an cineál luibhicídfhulangach, má tá sé faoi réir coinníollacha saothraithe chun forbairt na frithsheasmhachta in aghaidh luibhicídí i bhfiailí a sheachaint mar gheall ar a úsáid i gcás ina gcinneann an t-údarás inniúil na coinníollacha sin do chríoch an Bhallstáit lena mbaineann.

2. Ní liostófar cineál mar chineál caomhantais ná mar chineál arna oiriúnú go logánta sa chlár náisiúnta cineálacha sna cásanna seo a leanas:

(a) tá sé liostaithe i gclár cineálacha an Aontais in éineacht le tuairisc oifigiúil;

---

30 Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus beatha géinmhodhnaithe (IO L 268, 18.10.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1829/oj).

(b) foirceannadh an clárú i gclár cineálacha an Aontais mar chineál maille le tuairisc oifigiúil de bhun Airteagal 75 le 2 bhliain anuas;

(c) tá sé faoi chosaint ag ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí dá ndéantar foráil i Rialachán (CE) Uimh. 2100/94, nó ag ceart maidir le cineálacha plandaí de bhun rialacha náisiúnta de chuid Ballstáit; nó

(d) tá iarratas ar chineál a chlárú de bhun mhír 1, pointe (a)(i), den Airteagal seo nó iarratas ar chearta Comhphobail maidir le cineálacha plandaí nó cearta náisiúnta maidir le cineálacha plandaí ar feitheamh.

Airteagal 54

Tuairisc oifigiúil agus tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil ar chineál

1. Léireofar sa tuairisc oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 53(1), pointe (a)(i), go gcomhlíonann an cineál na ceanglais maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht a leagtar amach in Airteagail 55, 56 agus 57.

2. Sonrófar sa tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 53(1), pointe (a)(ii), na saintréithe a fhágann go gcáilíonn an cineál mar chineál caomhantais nó mar chineál arna oiriúnú go logánta.

Maidir leis an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil, beidh sí bunaithe ar eolas a fuarthas ó thaithí phraiticiúil le linn saothrú, atáirgeadh agus úsáid, nó faisnéis eile, go háirithe ó na húdaráis acmhainní géiniteacha plandaí nó ó eagraíochtaí a n-aithníonn na Ballstáit iad chun na críche sin.

Tagróidh an tuairisc sin atá aitheanta go hoifigiúil do shaintréithe ábhartha na speiceas a áirítear sna prótacail a bhunaigh an Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO) nó, in éagmais prótacail den sórt sin, i dtreoirlínte an Aontais Idirnáisiúnta um Chosaint Cineálacha nua Plandaí (UPOV), i bprótacail náisiúnta ábhartha eile, nó i bhfoinsí ábhartha eile.

Féadfaidh an t-údarás inniúil tuairisc oifigiúil a aithint mar thuairisc atá aitheanta go hoifigiúil, ar tuairisc í a táirgeadh roimhe sin chun cineál a chlárú.

3. Ní fhéadfar cineál a chlárú le tuairisc oifigiúil agus le tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos riachtanais mhionsonracha le haghaidh cineálacha nó speicis áirithe maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) an mheastóireacht ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht cineálacha, in aghaidh an ghéinis nó an speicis, chun tuairisc oifigiúil a sholáthar;

(b) na saintréithe agus an fhaisnéis a chumhdófar leis an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil dá dtagraítear i mír 2, agus, i gcás inarb iomchuí, i gcás géinis nó speicis shonracha.

Beidh na ceanglais sin bunaithe ar phrótacail arna mbunú ag CPVO nó, in éagmais prótacail den sórt sin, ar na treoirlínte is infheidhme maidir le UPOV nó ar phrótacail náisiúnta ábhartha eile. I gcás cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (19), de Rialachán (AE) 2018/848, féadfar na ceanglais maidir le haonfhoirmeacht a choigeartú le haghaidh géinis nó speicis shonracha. I gcás na tuairisce atá aitheanta go hoifigiúil dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh na ceanglais sin a bheith bunaithe ar fhoinsí ábhartha eile freisin.

Cuirfear na riachtanais sin in oiriúint d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch agus teicniúil agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 55

Sainiúlacht

1. Chun críocha na tuairisce oifigiúla, dá dtagraítear in Airteagal 54(1), measfar go bhfuil cineál sainiúil más féidir é a aithint gan dua, ar bhonn na saintréithe a bheith á léiriú aige a thagann as géinitíopa ar leith nó as teaglaim géinitíopaí, thar aon chineál eile a bhfuil eolas coiteann air ar dháta chur isteach an iarratais arna shuí i gcomhréir le hAirteagal 64.

2. Maidir le cineál eile a bheith ann, dá dtagraítear i mír 1, measfar gurb eol sin go forleitheadach i bhfianaise na dtreoirlínte ábhartha ó UPOV, go háirithe má tá ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas á gcomhlíonadh:

   (a) cláraíodh an cineál i gclár náisiúnta cineálacha san Aontas nó in aon tríú tír;

   (b) deonaíodh ceart maidir le cineálacha plandaí don chineál san Aontas nó in aon tríú tír;

   (c) cuireadh isteach iarratas ar chlárú an chineáil i gcomhréir le hAirteagal 61 den Rialachán seo agus tá sé faoi scrúdú; nó

   (d) cuireadh isteach iarratas ar cheart maidir le cineálacha plandaí a dheonú i leith an chineáil sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 nó i gcomhréir le rialacha náisiúnta de chuid Ballstáit agus tá sé faoi scrúdú.

Airteagal 56

Aonfhoirmeacht

Chun críocha na tuairisce oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 54(1), measfar go bhfuil cineál aonfhoirmeach más rud é, agus an éagsúlacht a bhféadfadh coinne a bheith léi de bharr gnéithe sainiúla a atáirgthe á cur san áireamh, go bhfuil sé aonfhoirmeach a dhóthain ó thaobh léiriú na saintréithe sin a áirítear sa scrúdú sainiúlachta, agus ó thaobh léiriú aon saintréithe eile a úsáidtear i dtuairisc oifigiúil an chineáil.

Airteagal 57

Cobhsaíocht

Chun críocha na tuairisce oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 54(1), measfar go bhfuil cineál cobhsaí más rud é go bhfuil léiriú na saintréithe sin a áirítear sa scrúdú sainiúlachta, agus léiriú aon saintréithe eile a úsáidtear sa tuairisc ar an gcineál, gan athrú i ndiaidh atáirgeadh a dhéanamh arís is arís eile, nó, i gcás timthriall atáirgthe áirithe, ag deireadh gach timthrialla.

Airteagal 58

Cearta ar chineálacha plandaí arna ndeonú

1. I gcás gur deonaíodh ceart ar chineálacha plandaí do chineál de bhun Airteagal 62 de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 nó de bhun rialacha náisiúnta de chuid Ballstáit, measfar go bhfuil an cineál sin sainiúil, aonfhoirmeach agus cobhsaí, chun críocha na tuairisce oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 54(1) den Rialachán seo, agus go bhfuil ainmníocht oiriúnach aige dá dtagraítear in Airteagal 60 den Rialachán seo.

2. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin i gcás inar cuireadh an tuairisc oifigiúil ar fáil ar bhonn scrúdú teicniúil arna dhéanamh ag oifig scrúdúcháin a mheastar a bheith oiriúnach de bhun Airteagal 67.

Airteagal 59

Luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe

1. Chun críocha na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 53(1), pointe (a)(i) a chomhlíonadh, measfar go bhfuil luach cineáil le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe cineáil sásúil más rud é, i gcomparáid le cineálacha eile den speiceas céanna atá cláraithe sa chlár náisiúnta cineálacha den Bhallstát faoi leith, go mbaineann lena shaintréithe, ina n-iomláine, feabhas soiléir ar shaothrú inbhuanaithe agus úsáidí inbhuanaithe is féidir a bhaint as na barra, nó ar na táirgí a dhíorthaítear uathu.

2. Is iad na nithe seo a leanas na saintréithe dá dtagraítear i mír 1, de réir mar is iomchuí do na speicis, na réigiúin, na dálaí agrai-éiceolaíocha agus na húsáidí lena mbaineann:

(a) an táirgeacht, lena n-áirítear cobhsaíocht táirgeachta agus táirgeacht faoi dhálaí ionchuir ísil;

(b) an fhulaingt nó an fhrithsheasmhacht in aghaidh struis bhitheacha, lena n-áirítear galair phlandaí ar néimeatóidí, fungais, baictéir, víris, feithidí agus lotnaidí eile is cúis leo;

(c) an fhulaingt nó an fhrithsheasmhacht in aghaidh struis aibitheacha, lena n-áirítear oiriúnú do dhálaí aeráide;

(d) éifeachtúlacht in úsáid na n-acmhainní nádúrtha, amhail uisce agus cothaithigh;

(e) an gá laghdaithe le hionchuir sheachtracha, amhail táirgí cosanta plandaí agus leasacháin;

(f) na saintréithe lena bhfeabhsaítear inbhuanaitheacht na buainte, lena n-áirítear laghdú dramhaíola réamhbhuainte nó iarbhuainte, stóráil, próiseáil, dáileadh agus úsáid;

(g) saintréithe cáilíochta nó cothaitheacha; agus

(h) an féidir iad a shaothrú i gcomhar le speicis nó cineálacha eile.

3. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na híoscheanglais a bhunú maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an measúnú ar na saintréithe a liostaítear faoi mhír 2 den Airteagal seo; agus

(b) meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí an scrúdaithe ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe, agus an tuairisciú i leith na dtorthaí sin.

Cuirfear na ceanglais sin in oiriúint d'fhorbairtí ar eolas eolaíoch nó teicniúil agus d'aon bheartas nó riail nua de chuid an Aontais maidir leis an talmhaíocht inbhuanaithe.

4. I gcás nár bunaíodh aon íoscheanglas ábhartha de bhun mhír 3, féadfaidh na Ballstáit rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm ar a gcríocha. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi na rialacha sin.

5. Chun críocha cineálacha orgánacha atá oiriúnach don táirgeadh orgánach, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (19), de Rialachán (AE) 2018/848, a chlárú, déanfar an scrúdú ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe faoi dhálaí orgánacha i gcomhréir leis an Rialachán sin agus, go háirithe, Airteagal 5, pointí (d), (e), (f) agus (g), agus Airteagal 12 de sin agus Cuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

I gcás nach bhfuil na húdaráis inniúla in ann scrúdú mar sin, nó an scrúdú ar shaintréithe áirithe a dhéanamh, lena n-áirítear so-ghabhálacht i leith galair, faoi dhálaí orgánacha, féadfar tástáil a dhéanamh faoi dhálaí atá á dtiontú nó ionchuir ísil agus leis na cóireálacha le lotnaidicídí agus leis na hionchuir sheachtracha eile sin a bhfuil géarghá leo chun an scrúdú a chur i gcrích, agus leosan amháin. I gcás go mbaineann Ballstát leas as an bhfomhír seo, tuairisceoidh siad go bliantúil don Choimisiún ar na cúiseanna nach ndearnadh tástáil faoi dhálaí orgánacha agus cur chun feidhme na tástála faoi choinníollacha neamhorgánacha.

Airteagal 60

Oiriúnacht ainmníochtaí cineáil

1. Chun críocha Airteagal 53(1), pointe (b), measfar nach bhfuil ainmníocht chineáil oiriúnach más rud é:

(a) go bhfágann ceart atá ann cheana ag tríú páirtí nach féidir é a úsáid ar chríoch de chuid an Aontais;

(b) go bhféadfadh sé go mbeadh deacrachtaí ag úsáideoirí a mhéid a bhaineann le sainaithint nó atáirgeadh;

(c) go bhfuil sé comhionann le hainmníocht, nó go bhféadfaí é a thógáil in amhlachas ainmníochta:

(i) faoina bhfuil cineál eile den speiceas céanna nó de speiceas neasghaolmhar cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha, nó faoinar deonaíodh ceart maidir le cineálacha plandaí dó de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 nó de bhun rialacha náisiúnta de chuid Ballstáit nó tríú tír atá ina comhalta de UPOV, mura rud é nach ann don chineál sin a thuilleadh agus nach bhfuil aon tábhacht ar leith ag baint lena ainmníocht; nó

(ii) faoinar cuireadh cineál eile den speiceas céanna nó de speiceas neasghaolmhar ar fáil ar an margadh i mBallstát nó i dtríú tír ar ball de UPOV í, ach amháin mura bhfuil an cineál sin ann a thuilleadh agus nach bhfuil aon tábhacht ar leith ag baint lena ainmníocht;

(d) go bhfuil sé comhionann le hainmniúcháin eile nó go bhféadfaí é a thógáil in amhlachas ainmniúchán eile a úsáidtear go forleitheadach chun earraí a chur ar fáil ar an margadh nó nach mór a fhorchoimeád de bhun dhlí an Aontais;

(e) gur dealraitheach go bhféadfadh sé a bheith ina ábhar masla i gceann de na Ballstáit nó go bhfuil sé contrártha don bheartas poiblí; nó

(f) go bhféadfadh sé a bheith míthreorach nó mearbhlach maidir le saintréithe, luach nó aitheantas an chineáil, nó aitheantas an phóraitheora nó an iarratasóra.

2. Gan dochar do mhír 1, i gcás go bhfuil cineál cláraithe cheana féin i gcláir náisiúnta cineálacha eile, ní mheasfar go bhfuil an ainmníocht oiriúnach ach amháin má tá sé comhionann leis an ainmníocht atá sna cláir sin.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír más rud é:

(a) gur dealraitheach go bhféadfadh an ainmníocht a bheith míthreorach, maslach nó mearbhlach maidir leis an gcineál atá i gceist i mBallstát amháin nó níos mó; nó

(b) go bhfágann cearta atá ag tríú páirtithe go bhfuil bac ar shaorúsáid na hainmníochta sin i leith an chineáil i gceist.

3. I gcás cineálacha caomhantais, féadfar comhchiallach amháin nó níos mó a úsáidtear go coitianta a léiriú sa chlár náisiúnta cineálacha freisin. Ainmníocht na gcineálacha caomhantais a cláraíodh ar bhonn tuairisc oifigiúil ach nach bhfuil cláraithe a thuilleadh i gclár náisiúnta cineálacha, coinneofar í chun críocha an Airteagail seo.

4. Áireofar in ainmníocht clóin roghnaithe agus ábhair pholaclónaigh ainmníocht an chineáil lena mbaineann sé, agus iarmhír ina dhiaidh sin i bhfoirm cód alfa-uimhriúil. Tá feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 maidir leis an gcód sin freisin.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 79 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí shonrú breise a dhéanamh ar na gnéithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus trí fhorbairt a dhéanamh ar na ceanglais maidir le hoiriúnacht na n-ainmníochtaí a leagtar síos ann, lena n-áirítear trí chritéir shonracha a leagan síos maidir le hoiriúnacht na n-ainmníochtaí cineáil a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) an gaol atá acu le trádmharcanna;

(b) an gaol atá acu le tásca geografacha nó ainmiúcháin tionscnaimh i gcás táirgí talmhaíochta;

(c) an toiliú i scríbhinn ó shealbhóirí ceart a bhí ann roimhe chun bacainní atá roimh a n-oiriúnacht a bhaint;

(d) iad a úsáid i bhfoirm chóid;

(e) an sainmhíniú ar speicis neasghaolmhara dá dtagraítear i mír 1, pointe (c); agus

(f) cinneadh cé acu atá nó nach bhfuil siad míthreorach, maslach nó mearbhlach ar an gcaoi dá dtagraítear i mír 1, pointe (f).

Cuirfear san áireamh sna gníomhartha tarmligthe sin aon chaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme, chomh maith leis na treoirlínte ábhartha maidir le hainmníochtaí cineáil arna bhforbairt ag CPVO.

ROINN 3

AN NÓS IMEACHTA UM CHLÁRÚ CINEÁLACHA SNA CLÁIR NÁISIÚNTA CINEÁLACHA

Airteagal 61

Iarratas a chur isteach

Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas iarratas ar chineál a chlárú sa chlár náisiúnta cineálacha a chur isteach chuig an údarás inniúil.

Airteagal 62

Inneachar an iarratais ar chineál a chlárú

1. Áireofar san iarratas ar chineál a chlárú i gclár náisiúnta cineálacha ar a laghad na gnéithe uile is infheidhme dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV, mar aon leis an doiciméadacht is gá, chomh maith leis na gnéithe seo a leanas go léir atá ábhartha don iarratas, mar aon leis an doiciméadacht is gá:

   (a) ainm agus seoladh an iarratasóra nó, i gcás inarb infheidhme, ainmneacha agus seoltaí na gcomhiarratasóirí, agus dintiúir aon ionadaí nós imeachta;

(b) uimhir chlárúcháin oifigiúil, dá dtagraítear in Airteagal 44, aon iarratasóra ar oibreoir gairmiúil é;

(c) ainmníocht cineáil bheartaithe;

(d) an tuairisc ar phríomh-shaintréithe an chineáil agus ar a mhodh iomadaithe a áirítear, de réir mar is infheidhme, i bprótacail arna mbunú ag CPVO, nó i dtreoirlínte ábhartha eile de chuid UPOV, nó i bprótacail náisiúnta eile, agus faisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sé oiriúnaithe do shéasúir áirithe den bhliain agus dóibh siúd amháin;

(e) i gcás ina mbaineann an t-iarratas le cineálacha caomhantais nó le cineálacha arna n-oiriúnú go logánta, faisnéis a bhaineann le tionscnamh agus cruthú na tuairisce ábhartha atá aitheanta go hoifigiúil;

(f) faisnéis maidir le cé acu a cláraíodh nó nár cláraíodh an cineál i gclár náisiúnta cineálacha eile nó ar cuireadh isteach iarratas ar chlárú i gclár náisiúnta cineálacha eile;

(g) faisnéis i dtaobh cé acu ar deonaíodh nó nár deonaíodh cearta maidir le cineálacha plandaí don chineál de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 nó de bhun rialacha náisiúnta de chuid Ballstáit, nó ar cuireadh isteach iarratas ar chearta maidir le cineálacha plandaí;

(h) i gcás ina bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe sa chineál, nó i gcás ina bhfuil an cineál comhdhéanta d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe, fianaise go bhfuil saothrú an orgánaigh ghéinmhodhnaithe atá i gceist údaraithe san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Treoir 2001/18/CE, Airteagail 7 agus 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, nó Caibidil III de Rialachán (AE) 2026/1388, agus nach bhfuil an saothrú sin eisiata sa Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 26b de Threoir 2001/18/CE; agus

(i) an úsáid atá beartaithe a bhaint as an gcineál.

I gcás nach moltar aon ainmníocht chineáil de bhun phointe (c), féadfaidh an t-iarratasóir í a mholadh ag céim níos déanaí agus laistigh de thréimhse réasúnta ama.

2. Beidh sampla in éineacht leis an iarratas ar chineál a chlárú i gclár náisiúnta cineálacha. Socróidh at t-údarás inniúil sprioc-am faoina gcuirfear isteach an sampla sin agus sonróidh sé cáilíocht agus cainníocht an tsampla sin.

Airteagal 63

Scrúdú foirmiúil ar iarratas

1. Cláróidh an t-údarás inniúil gach iarratas dá dtagraítear in Airteagal 61, agus déanfaidh sé scrúdú ar na hiarratais sin, chun a chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 62.

2. Mura gcomhlíonann an t-iarratas na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 62, tabharfaidh an t-údarás inniúil deis don iarratasóir an t-iarratas a cheartú mar is gá laistigh de thréimhse shonraithe ama. Mura gcomhlíonann an t-iarratas na ceanglais sin faoin tráth a rachaidh an tréimhse áirithe sin in éag, diúltóidh an t-údarás inniúil don iarratas.

Airteagal 64

Dáta an iarratais ar chlárú

Is é an dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar chlárú an dáta a gheobhaidh an t-údarás inniúil an t-iarratas.

Cuirfidh an t-údarás inniúil an t-iarratasóir ar an eolas faoi chur isteach rathúil an iarratais, lena ndearbhófar an dáta a fuarthas an t-iarratas sin.

Airteagal 65

Scrúduithe teicniúla ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht

1. I gcás ina bhfaighfear amach, de thoradh an scrúdaithe fhoirmiúil, go gcomhlíonann an t-iarratas na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 62, déanfaidh oifig scrúdúcháin, dá dtagraítear in Airteagal 67, scrúdú teicniúil ar an gcineál, cé is moite de chineálacha caomhantais nó de chineálacha arna n-oiriúnú go logánta, chun a fhíorú go gcomhlíonann sé na ceanglais maidir le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht a leagtar síos in Airteagail 55, 56 agus 57.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar na bealaí inar féidir leis an oifig scrúdúcháin comhoibriú le daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile chun críocha an scrúdaithe theicniúil de bhun an Airteagail seo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

3. Déanfar an scrúdaithe teicniúil tríd an gcineál a fhás, agus cuirfear san áireamh úsáid bheartaithe agus coinníollacha saothrúcháin an chineáil. Ar bhonn an scrúdaithe theicniúil sin, eiseofar tuarascáil scrúdúcháin agus, i gcás inarb infheidhme, tuairisc oifigiúil.

I gcás ina bhfuil tuarascáil scrúdúcháin ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht an chineáil nó tuairisc oifigiúil arna táirgeadh ag CPVO, údarás inniúil eile nó oifig scrúdúcháin eile i gcomhréir le hAirteagal 67 ar fáil cheana féin, áfach, féadfaidh an t-údarás inniúil torthaí na tuarascála sin nó na tuairisce oifigiúla sin a chur san áireamh nó glacadh leo gan an cineál a fhás.

4. Féadfaidh an oifig scrúdúcháin, dá dtagraítear in Airteagal 67, modhanna eile a úsáid seachas na modhanna sin dá dtagraítear i mír 3, lena n-áirítear teicnící bithcheimiceacha agus bith-mhóilíneacha nó modhanna teicniúla eile, mar uirlisí éigeantacha, nuair is gá sin a dhéanamh i gcomhréir le prótacail CPVO, agus mar uirlisí forlíontacha, nuair is iomchuí chun críocha an scrúdaithe theicniúil, na speiceas lena mbaineann nó na saintréithe atá le seiceáil.

Airteagal 66

Scrúdú teicniúil ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe

1. I gcás cineálacha géineas agus speiceas a léirítear i gcolún 4 d'Iarscríbhinn I, más rud é, de thoradh an scrúdaithe fhoirmiúil, go bhfaightear amach go gcomhlíonann an t-iarratas na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 62, déanfaidh an t-údarás inniúil scrúdú teicniúil ar an gcineál, cé is moite de chineálacha caomhnaithe nó de chineálacha arna n-oiriúnú go logánta, chun a fhíorú an bhfuil luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe ar an gcineál i gcomhréir le hAirteagal 59.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar an chaoi ar féidir leis an údarás inniúil comhoibriú le daoine nádúrtha nó dlítheanacha chun críocha an scrúdaithe theicniúil de bhun an Airteagail seo.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

3. Fásfar an cineál le linn an scrúdaithe fhoirmiúil, agus cuirfear san áireamh úsáid bheartaithe agus coinníollacha saothrúcháin beartaithe an chineáil. Cuirfear an scrúdú teicniúil i gcrích trí thuarascáil scrúdúcháin a ghlacadh.

   Mar sin féin, i gcás inar tháirg údarás inniúil Ballstáit eile a bhfuil dálaí agrai-éiceolaíocha comhchosúla aige tuarascáil scrúdúcháin maidir leis na ceanglais luacha le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe, féadfaidh an t-údarás inniúil an tuarascáil sin a chur san áireamh nó glacadh léi gan an cineál a fhás.

4. Féadfaidh na Ballstáit dul i gcomhar le Ballstáit eile ina bhfuil dálaí agrai-éiceolaíocha comhchosúla. Féadfaidh na Ballstáit sin saoráidí agus acmhainní comhroinnte a bhunú chun an scrúdú iomlán, nó cuid de, a dhéanamh ar an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe.

5. Féadfaidh an t-údarás inniúil modhanna eile seachas na modhanna sin dá dtagraítear i mír 3, lena n-áirítear teicnící bithcheimiceacha agus bith-mhóilíneacha nó modhanna teicniúla eile, a úsáid mar uirlisí éigeantacha, nuair is gá sin a dhéanamh i gcomhréir le rialacha náisiúnta is infheidhme, agus mar uirlisí forlíontacha, nuair is iomchuí chun críocha an scrúdaithe theicniúil, an speicis lena mbaineann nó na saintréithe atá le seiceáil.

Airteagal 67

Oifigí scrúdúcháin ina ndéantar scrúdú teicniúil ar mhaithe le sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht

1. Is iad na hoifigí scrúdúcháin atá údaraithe ag an gCoimisiún de bhun an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann a dhéanfaidh na scrúduithe teicniúla ar chineál de bhun Airteagal 65.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena n-údaraítear do na hoifigí scrúdúcháin scrúdú teicniúil a dhéanamh ar chineál de bhun Airteagal 65 i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann.

Glacfar an t-údarú sin ar bhonn tuairim ó CPVO maidir le hoiriúnacht na hoifige scrúdúcháin scrúduithe den sórt sin a dhéanamh.

Áireofar sna gníomhartha cur chun feidhme sin na hoifigí scrúdúcháin ar chuir CPVO ar a n-iontaoibh i gcás na ngéineas nó na speiceas faoi seach, i gcomhréir le hAirteagal 55(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94, faoi réir aon tuairim bhreise ó CPVO agus aon mheasúnú eile ar a n-oiriúnacht chun críocha an Airteagail seo, de réir mar is iomchuí.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2) den Rialachán seo.

3. Eiseofar an tuairim ó CPVO dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ar bhonn na gceanglas iontaoibhe ábhartha arna gcur i bhfeidhm de bhun Airteagal 30(4) agus Airteagal 55(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann.

Déanfaidh CPVO measúnú ar oiriúnacht na hoifige scrúdúcháin ar bhonn iniúchtaí rialta a dhéanfar laistigh de thréimhsí sonracha, agus sin ag brath ar na géinis nó ar na speicis lena mbaineann.

4. Más rud é, i gcás géineas nó speiceas áirithe, nach bhfaighfear go bhfuil aon oifig scrúdúcháin san Aontas oiriúnach i gcomhréir le mír 3, féadfar an scrúdú teicniúil dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh in oifig scrúdúcháin tríú tír. Sa chás sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 2, an dara fomhír, agus ag mír 3.

Airteagal 68

An rúndacht

1. I gcás, chun críocha an scrúdaithe theicniúil dá ndéantar foráil in Airteagal 65, ina meastar gur gá scrúdú a dhéanamh ar na comhpháirteanna ginealacha, coimeádfar torthaí an scrúdaithe sin agus an tuairisc ar na comhpháirteanna sin faoi rún. Ní dochar láimhseáil rúnda na faisnéise seo don fhéidearthacht atá ag údaráis inniúla faisnéis a mhalartú lena chéile nó leis an gCoimisiún.

2. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d'Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2017/625.

Airteagal 69

Tuarascáil scrúdúcháin agus tuairisc oifigiúil

1. Tar éis an scrúdaithe theicniúil dá bhforáiltear in Airteagal 65 agus, i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 66, cuirfidh an t-údarás inniúil dréacht den tuarascáil scrúdúcháin in iúl don iarratasóir agus tabharfaidh sé deis don iarratasóir barúlacha a chur ar fáil laistigh de thréimhse réasúnta ama.

2. Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar bharúlacha an iarratasóra dá dtagraítear i mír 1, eiseoidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

   (a) tuarascáil scrúdúcháin deiridh agus tuairisc oifigiúil ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht an chineáil; agus

(b) i gcás inarb infheidhme, tuarascáil scrúdúcháin deiridh maidir leis an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe.

3. Ar iarratas réasúnaithe a fháil dóibh, déanfaidh an t-údarás inniúil na tuarascálacha scrúdúcháin agus an tuairisc oifigiúil a chur ar fáil do na tríú páirtithe, faoi réir rialacha an Aontais nó rialacha náisiúnta maidir le rúndacht agus maidir le cosaint sonraí pearsanta.

Airteagal 70

Scrúdú ar chineál caomhantais agus ar chineálacha arna n-oiriúnú go logánta

Scrúdóidh an t-údarás inniúil an gcomhlíonann an tuairisc atá beartaithe ar chineál caomhantais nó ar chineál arna oiriúnú go logánta ceanglais Airteagal 54(2).

Féadfaidh triail atá ag fás a bheith mar chuid den scrúdú sin.

Má shuitear an comhlíonadh sin, aithneoidh an t-údarás inniúil an tuairisc faoi seach go hoifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 54(2).

Airteagal 71

Ainmníocht chineáil a scrúdú

1. Sula gclárófar cineál i gclár náisiúnta cineálacha de bhun Airteagal 72, déanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh maidir leis an ainmníocht chineáil tar éis dul i gcomhairle le CPVO maidir leis an ainmníocht atá á moladh ag an iarratasóir. Cinnfear leis an gcinneadh sin oiriúnacht na hainmníochta ar bhonn na bhfíoras atá ann cheana tráth a mholtar an ainmníocht sin de bhun Airteagal 62(1).

2. Déanfaidh CPVO moladh maidir le hoiriúnacht na hainmníochta cineáil atá á moladh ag an iarratasóir, i gcomhréir le hAirteagal 60.

3. Má thugann CPVO moladh diúltach maidir le hoiriúnacht na hainmníochta cineáil, nó má dhéanann an t-údarás inniúil cinneadh lena ndiúltaítear don ainmníocht chineáil atá beartaithe, tabharfaidh an t-údarás inniúil an deis don iarratasóir ainmníocht nua a mholadh laistigh de thréimhse réasúnta ama.

4. Más rud é, i ndiaidh cineál a chlárú, go suíonn an t-údarás inniúil nach raibh, tráth chlárú na hainmníochta, ainmníocht an chineáil oiriúnach de réir bhrí Airteagal 60, cuirfidh an t-iarratasóir iarratas isteach ar ainmníocht nua. Déanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh i leith an iarratais sin tar éis dó dul i gcomhairle le CPVO.

   Féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt an ainmníocht bheartaithe a úsáid go sealadach.

Airteagal 72

Cinneadh maidir le cineál a chlárú sa chlár náisiúnta cineálacha

1. Más rud é, ar bhonn an nós imeachta a leagtar amach in Airteagail 61 go 71, go gcinneann an t-údarás inniúil go gcomhlíonann an cineál na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 53(1), cláróidh sé an cineál sa chlár náisiúnta cineálacha.

2. Glacfaidh an t-údarás inniúil cinneadh lena ndiúltófar don chlárú sa chlár náisiúnta cineálacha, más rud é:

   (a) go suíonn sé nach gcomhlíontar na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagal 53(1);

   (b) nár chomhlíon an t-iarratasóir aon cheann amháin nó níos mó de na ceanglais is infheidhme atá leagtha amach in Airteagail 61 go 71;

   (c) mhainnigh an t-iarratasóir aon táille a íoc a socraíodh de bhun Airteagal 84.

3. I gcás cinntí lena ndiúltaítear cineál a chlárú sa chlár náisiúnta cineálacha, luafar na cúiseanna leis an diúltú sin.

4. Cuirfidh an t-údarás inniúil an cinneadh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 chuig an iarratasóir.

5. Féadfaidh an t-iarratasóir achomharc a dhéanamh in aghaidh na gcinntí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 i gcomhréir le rialacha riaracháin an Bhallstáit lena mbaineann.

ROINN 4

TRÉIMHSE CHLÁRÚCHÁIN AGUS COTHABHÁIL CINEÁIL

Airteagal 73

Tréimhse chlárúcháin

1. Mairfidh tréimhse clárúcháin cineáil i gclár náisiúnta cineálacha (‘tréimhse chlárúcháin’) go dtí an 31 Nollaig den 10ú bliain féilire tar éis dháta an chláraithe.

   Mar sin féin, i gcás cineálacha caomhantais agus cineálacha arna n-oiriúnú go logánta, agus i gcás cineálacha géineas agus speiceas plandaí torthaí agus fíniúnacha, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I mairfidh an tréimhse chlárúcháin go dtí an 31 Nollaig den 30ú bliain féilire tar éis dháta an chláraithe.

2. Féadfar tréimhse clárúcháin cineáil i gclár náisiúnta cineálacha a athnuachan go ceann tréimhse eile 10 mbliana i gcás na gcineálacha dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, nó 30 bliain i gcás na gcineálacha dá dtagraítear in mír 1, an dara fomhír, den Airteagal seo, i gcomhréir leis an nós imeachta agus na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 74.

3. D’ainneoin mhíreanna 1 agus 2, i gcás cineálacha atá comhdhéanta d’orgánach géinmhodhnaithe, nó ina bhfuil orgánach géinmhodhnaithe sna cineálacha, ní sháróidh tréimhse thosaigh an chlárúcháin agus tréimhse athnuaite an chlárúcháin an tréimhse a bhfuil saothrú an orgánaigh ghéinmhodhnaithe sin údaraithe lena linn de bhun Threoir 2001/18/CE, Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, nó Caibidil III de Rialachán (AE) 2026/1388.

Ní dhéanfar an tréimhse chlárúcháin a athnuachan i gcás ina bhfuil saothrú eisiata sa Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 26b de Threoir 2001/18/CE.

Airteagal 74

Nós imeachta agus coinníollacha maidir le hathnuachan ar an gclárú

1. Aon duine a bhfuil leas dlisteanach aige agus rún aige clárú cineáil a athnuachan, cuirfidh sé isteach iarratas, tráth nach luaithe ná 36 mhí, agus tráth nach déanaí ná 24 mhí, roimh dhul in éag na tréimhse clárúcháin.

2. Cuirfear an t-iarratas faoi bhráid an údaráis inniúil agus fianaise ag gabháil leis a léirítear go bhfuil na coinníollacha atá leagtha amach i mír 3 á gcomhlíonadh.

3. Ní fhéadfar athnuachan le haghaidh clárú cineáil i gclár náisiúnta cineálacha a dheonú ach amháin más rud é:

   (a) go leanann an cineál de bheith ag comhlíonadh na gceanglas d’Airteagal 53(1), seachas na ceanglais maidir leis an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe; agus

(b) go gcomhlíontar na ceanglais a bhaineann le cothabháil cineáil i gcomhréir le hAirteagal 76.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 den Airteagal seo maidir le cineálacha dá dtagraítear in Airteagail 90 agus 91 fad a fhanfaidh na cineálacha sin dílis don tuairisc a thugtar orthu.

I gcás na gcineálacha dá dtagraítear in Airteagal 53(1), pointe (a)(i), féadfaidh an t-údarás inniúil scrúdú teicniúil a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 65 chun a chinneadh cé acu an bhfuil an cineál aonfhoirmeach agus cobhsaí.

Airteagal 75

Clárú cineálacha a fhoirceannadh

1. Foirceannfaidh an t-údarás inniúil clárú cineáil, más rud é:

(a) go dtagann sé ar an gconclúid, ar bhonn aon fhaisnéise nua, nach bhfuil na ceanglais chlárúcháin, mar a leagtar amach in Airteagal 53(1), seachas na ceanglais maidir le luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe, á gcomhlíonadh a thuilleadh;

(b) go dtagann sé ar an gconclúid, ar bhonn aon fhaisnéise nua, nach raibh na ceanglais chlárúcháin, mar a leagtar amach in Airteagal 53(1), comhlíonta tráth an chláraithe;

(c) nach bhfuil aon táille a socraíodh de bhun Airteagal 84 íoctha ag an iarratasóir;

(d) nach bhfuil an cineál á chothabháil a thuilleadh de bhun cheanglais Airteagal 76, nó go n-iarrann an duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as cothabháil cineáil, dá dtagraítear san Airteagal sin, an clárú a fhoirceannadh, nó más rud é nach ndéanann an duine sin cothabháil ar an gcineál a thuilleadh nó más rud é nach bhfuil aon duine eile freagrach as a chothabháil a thuilleadh;

(e) go bhfuarthas amach, tráth an iarratais, gur cuireadh sonraí bréagacha nó calaoiseacha isteach a ndearnadh an clárú ar a mbonn;

(f) níor cuireadh aon iarratas ar athnuachan isteach le linn na tréimhse a leagtar amach in Airteagal 74(1) agus tá an tréimhse chlárúcháin imithe in éag; nó

(g) gur iarr an t-iarratasóir go gcuirfí deireadh leis an gclárú ach amháin má iarr duine nádúrtha nó dlítheanach eile go leanfaí leis an gclárú sin agus go bhfuil freagrachtaí an iarratasóra faoin gCaibidil seo glactha ar láimh aige.

2. Arna iarraidh sin d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige, féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt AAP de cineál ar foirceannadh a chlárú i gcomhréir le mír 1, pointe (d), (f) nó (g), a mhargú go dtí an 30 Meitheamh den tríú bliain tar éis dháta an fhoirceanta sin. Léireofar an cinneadh sin sa chlár náisiúnta cineálacha.

3. Tar éis fhoirceannadh a chláraithe, fanfaidh an cineál sa chlár náisiúnta cineálacha agus i gclár cineálacha an Aontais le tásc ar a stádas clárúcháin, dá dtagraítear i bpointe (f) d'Iarscríbhinn IV.

Airteagal 76

Cothabháil cineáil

1. Déanfaidh an t-iarratasóir nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach eile san Aontas, nó i dtríú tír atá faoi réir an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 39(7) (‘cothabhálaí’) cineálacha atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha a choinneáil ar bun. Déanfaidh an t-údarás inniúil ainm agus seoladh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh sin a thaifeadadh. Féadfaidh an t-údarás inniúil glacadh leis an duine nádúrtha nó dlítheanach eile sin mar chothabhálaí den chineál sin más féidir leis an duine sin a léiriú go bhfuil sé de chumas aige an chothabháil a dhéanamh.

2. Déanfar cothabháil cineáil i gcomhréir le cleachtais aitheanta, a bhaineann leis na géinis nó na speicis ábhartha, nó le cineálacha faoi leith.

3. Coimeádfaidh an cothabhálaí taifid maidir leis an gcothabháil cineáil. Féadfaidh an t-údarás inniúil an chothabháil cineáil a sheiceáil ó na taifid sin tráth ar bith. Cumhdófar leis na taifid sin freisin na céimeanna ábhartha uile de tháirgeadh AAP, lena n-áirítear na catagóirí ábhartha.

4. Soláthróidh an cothabhálaí sampla caighdeánach den chineál lena mbaineann don údarás inniúil, arna iarraidh sin dó. I gcás cineálacha arna n-iomadú go fásúil, in ionad sampla caighdeánach, féadfaidh an cothabhálaí a léiriú go bhfuil plandaí beo den chineál sin aige le haghaidh na seiceálacha agus na cothabhála iomchuí.

5. Déanfaidh an t-údarás inniúil seiceálacha ar an dóigh a bhfuil an chothabháil cineáil á déanamh, agus féadfaidh siad, chun na críche sin, samplaí den chineál lena mbaineann a thógáil. Beidh minicíocht na seiceálacha sin bunaithe ar dhóchúlacht neamhchomhlíontacht mhíreanna 1 go 4.

6. I gcás ina gcinnfidh an t-údarás inniúil nach ndéantar an cineál a chothabháil i gcomhréir le míreanna 1 go 4 den Airteagal sin, tabharfaidh sé neart ama don chothabhálaí sin gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh nó a iarraidh ar dhuine eile an chothabháil sin a dhéanamh. Mura ndéantar an ghníomhaíocht sin laistigh den tréimhse sin, déanfaidh an t-údarás inniúil clárú an chineáil a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 75(1), pointe (d).

7. I gcás ina ndéantar cothabháil cineáil i mBallstát seachas an Ballstát ar cláraíodh an cineál ina chlár náisiúnta, cuideoidh údaráis inniúla an dá Bhallstát a chéile na seiceálacha ar chothabháil cineáil a dhéanamh. Mura soláthraíonn údarás inniúil an Bhallstáit ina ndéantar an chothabháil cineáil cúnamh den sórt sin laistigh de thréimhse réasúnta, nó má thagtar ar an gconclúid nach ndéantar an chothabháil cineáil i gcomhréir leis an Airteagal seo, iarrfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ar cláraíodh an cineál ina chlár náisiúnta cineálacha ar an gcothabhálaí gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh. Mura ndéantar an ghníomhaíocht cheartaitheach laistigh de thréimhse réasúnta ama, cuirfidh an t-údarás inniúil sin deireadh le clárú an chineáil i gcomhréir le hAirteagal 75(1), pointe (d).

8. I gcás ina ndéantar cothabháil cineáil i dtríú tír, iarrfaidh údarás inniúil an Bhallstáit, a bhfuil an cineál cláraithe ina chlár náisiúnta, ar údaráis an tríú tír cúnamh a thabhairt le haghaidh na seiceálacha ar chothabháil cineáil, má bhí an chothabháil sin faoi réir aithint na coibhéise dá dtagraítear in Airteagal 39(7). Mura soláthraíonn údaráis an tríú tír sin cúnamh den sórt sin laistigh de thréimhse réasúnta, nó má thagtar ar an gconclúid nach ndéantar an chothabháil cineáil i gcomhréir leis an Airteagal seo, iarrfaidh an údarás inniúil an Bhallstáit ar cláraíodh an cineál ina chlár náisiúnta cineálacha ar an gcothabhálaí gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh. Mura ndéantar an ghníomhaíocht cheartaitheach laistigh de thréimhse réasúnta ama, cuirfidh an t-údarás inniúil sin deireadh le clárú an chineáil i gcomhréir le hAirteagal 75(1), pointe (d).

ROINN 5

COIMEÁD DOICIMÉADACHTA AGUS SAMPLAÍ

Airteagal 77

Doiciméadacht maidir leis na cineálacha cláraithe

Coimeádfaidh údarás inniúil na nithe seo a leanas ar a laghad maidir le gach cineál atá cláraithe sa chlár náisiúnta cineálacha:

(a) tuairisc oifigiúil nó tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil ar an gcineál; agus

(b) na tuarascálacha scrúdúcháin nó na doiciméid a thacaíonn leis an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil.

Airteagal 78

Samplaí caighdeánacha de na cineálacha cláraithe

1. Coimeádfaidh an t-údarás inniúil samplaí caighdeánacha de na cineálacha atá cláraithe sna cláir náisiúnta cineálacha agus cuirfidh siad ar fáil iad d'údaráis inniúla eile chun críocha oifigiúla.

   I gcás cineálacha arna n-iomadú go fásúil, in ionad sampla caighdeánach, féadfaidh an t-údarás inniúil nó an cothabhálaí plandaí beo den chineál sin a choimeád.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear méid na samplaí caighdeánacha agus lena leagtar síos na rialacha maidir lena n-athsholáthar, i gcás ina mbíonn cainníocht an tsampla caighdeánach bhunaidh rótheoranta nó i gcás nach mbíonn sé leordhóthanach a thuilleadh de bharr a úsáide i scrúduithe eile, agus lena gcur ar fáil d'údaráis inniúla eile.

   Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Caibidil V
Forálacha nós imeachta

Airteagal 79
Tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Is go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a thabharfar tarmligean na cumhachta don Choimisiún dá dtagraítear in Airteagal 2(4), Airteagal 7(4), Airteagal 8(3), Airteagal 9(3), Airteagal 10(6), Airteagal 11(6), Airteagal 12(4), Airteagal 17(5), Airteagal 18(4),Airteagal 22(4), Airteagal 29(4), Airteagal 37(1), Airteagal 45(6), Airteagal 51(2), Airteagal 52(5), Airteagal 59(3) agus Airteagal 60(5) a ghlacadh.

   Déanfar síneadh a chur le tarmligean na cumhachta go hintuigthe go ceann tréimhsí 5 bliana, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an tsínithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na chéad tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(4), Airteagal 7(4), Airteagal 8(3), Airteagal 9(3), Airteagal 10(6), Airteagal 11(6), Airteagal 12(4), Airteagal 17(5), Airteagal 18(4), Airteagal 22(4), Airteagal 29(4), Airteagal 37(1), Airteagal 45(6), Airteagal 51(2), Airteagal 52(5), Airteagal 59(3) agus Airteagal 60(5) a chúlghairm tráth ar bith. Maidir le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfidh sé deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(4), Airteagal 7(4), Airteagal 8(3), Airteagal 9(3), Airteagal 10(6), Airteagal 11(6), Airteagal 12(4), Airteagal 17(5), Airteagal 18(4), Airteagal 22(4), Airteagal 29(4), Airteagal 37(1), Airteagal 45(6), Airteagal 51(2), Airteagal 52(5), Airteagal 59(3) nó Airteagal 60(5) i bhfeidhm ach amháin murar chuir Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó má chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún, roimh dhul in éag na tréimhse sin, nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 80

Nós imeachta coiste

1. Gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha arna bhunú le hAirteagal 58(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31]. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

[31] Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

I gcás ina bhfuil tuairim an choiste le fáil trí nós imeachta i scríbhinn, cuirfear deireadh leis an nós imeachta sin gan toradh nuair a chinnfidh cathaoirleach an choiste amhlaidh, laistigh den teorainn ama chun tuairim a thabhairt, nó nuair a iarrfaidh tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 de.

Caibidil VI

Tuairisciú, pionóis, rialuithe oifigiúla agus leasuithe ar rialacháin (AE) 2016/2031 agus (AE) 2017/625

Airteagal 81

Tuairisciú

1. Faoin … [5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoin méid seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin:

   (a) cainníochtaí bliantúla de shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha, deimhnithe agus caighdeánacha agus ábhar réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus caighdeánach agus de shíolta tráchtála in aghaidh an ghéinis nó an speicis;

   (b) cainníochtaí bliantúla AAP de chineálacha caomhantais agus de chineálacha arna n-oiriúnú go logánta arna dtáirgeadh in aghaidh an ghéinis nó an speicis i gcomhréir le hAirteagal 23;

(c) líon na n-oibreoirí gairmiúla a úsáideann na maoluithe maidir le AAP a tháirgeadh agus a mhargú d'úsáideoirí neamhghairmiúla i gcomhréir le hAirteagal 24 agus na cainníochtaí bliantúla arna dtáirgeadh acu in aghaidh an ghéinis nó an speicis;

(d) an líon eagraíochtaí agus líonraí a úsáideann an maolú chun AAP a tháirgeadh agus a mhargú chun acmhainní géiniteacha plandaí a chaomhnú i gcomhréir le hAirteagal 25 agus na géinis nó na speicis lena mbaineann;

(e) cainníochtaí bliantúla AAP in aghaidh an ghéinis nó an speicis atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 28(2) agus (4);

(f) cainníochtaí bliantúla AAP in aghaidh an ghéinis nó an speicis a cheadaítear a mhargú i gcomhréir le hAirteagal 30(5); agus

(g) líon na n-oibreoirí gairmiúla atá cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 42, pointe (b); agus

(h) líon agus sóirt na sáruithe ar forchuireadh pionóis ina leith go bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 83.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos an fhormáid theicniúil atá le húsáid chun tuairisciú a dhéanamh de bhun mhír 1 den Airteagal seo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 80(2).

Airteagal 82

Neamhchomhlíontacht AAP le ceanglais maidir le táirgeadh agus le margú

I gcás ina léiríonn seiceálacha arna ndéanamh ag an údarás inniúil le linn tháirgeadh agus mhargú AAP neamhchomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá dtagraítear sa Rialachán seo, áiritheoidh an t-údarás inniúil go ndéanfaidh an t-oibreoir gairmiúil an ghníomhaíocht cheartaitheach is gá maidir leis an AAP sin agus maidir lena áitreabh agus lena mhodhanna táirgthe. Bainfidh ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo a leanas leis an ngníomh sin:

(a) comhlíonfaidh an AAP lena mbaineann na ceanglais ábhartha;

(b) tarraingeofar an AAP lena mbaineann ón margadh nó úsáidfear mar ábhar seachas AAP é; nó

(c) i gcás inarb ábhartha, táirgfear nó margófar an AAP lena mbaineann faoi chatagóir níos ísle, i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme le haghaidh na catagóire sin.

Airteagal 83

Pionóis

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil pionóis airgeadais i leith sáruithe ar an Rialachán seo a eascraíonn as calaois comhionann ar a laghad cothrom le ceann amháin díobh seo a leanas:

   (a) an buntáiste eacnamaíoch arna fháil ag an oibreoir gairmiúil; nó

   (b) céatadán áirithe de láimhdeachas an oibreora ghairmiúil.

Airteagal 84

Táillí

Féadfaidh na Ballstáit táillí nó muirir a bhailiú, ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, chun costais gníomhaíochtaí a dhéanfaidh siad de bhun an Rialacháin seo a chumhdach.

Airteagal 85

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/2031

Leasaítear Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2016/2031 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear liosta ina sonrófar lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais agus na plandaí sonracha le haghaidh plandú, dá dtagraítear in Airteagal 36, pointe (d), más iomchuí, agus tagairt á déanamh do na catagóirí, na cásanna sonracha agus na plandaí eile le haghaidh plandú dá dtagraítear, faoi seach, i míreanna 7, 7a agus 7b den Airteagal seo agus na tairseacha dá dtagraítear i mír 8 den Airteagal seo.’;

(2) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, de réir mar is iomchuí, ina leagtar amach bearta chun láithreacht lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais a chosc ar na plandaí lena mbaineann le haghaidh plandú, mar a thagraítear in Airteagal 36, pointe (f). Bainfidh na bearta sin, mar is iomchuí, le tabhairt isteach agus le gluaiseacht na bplandaí sin laistigh den Aontas. Glacfar na gníomhartha sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i Roinn 2 d’Iarscríbhinn II.’;

(3) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 7:

‘7. I gcás nach gcomhlíonann ach ceann amháin nó níos mó de na catagóirí d’ábhar atáirgthe plandaí dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*+] Airteagal 36, pointe (e), sonrófar sa liosta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo na catagóirí sin, agus sonrófar ann nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar thabhairt isteach agus ar ghluaiseacht dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo ach maidir leis na catagóirí sin amháin.

7a. I gcás nach gcomhlíontar Airteagal 36, pointe (e), ach amháin i gceann amháin nó níos mó de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) …/ …[*++] léireofar sa liosta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo na cásanna sonracha sin, agus sonrófar ann nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar thabhairt isteach agus ar ghluaiseacht dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo ach amháin maidir leis na cásanna sonracha sin.

7b. Más rud é, mar thoradh ar na rioscaí fíteashláintíochta a bhaineann le gach ceann acu, nach gcomhlíonann ach plandaí eile le haghaidh plandú Airteagal 36, pointe (e), sonrófar sa liosta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo na plandaí sin le haghaidh plandú, agus sonrófar ann nach bhfuil feidhm ag an toirmeasc ar thabhairt isteach agus ar ghluaiseacht dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo ach maidir leis na plandaí sin.

---

[*] Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí san Aontas, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/2031 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí) (IO L, …, ELI: …).’

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin seo agus cuir isteach san fhonóta comhfhreagrach uimhir, dáta glactha agus tagairt foilseacháin an Rialacháin seo.

[++] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin seo.

Airteagal 86

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/625

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1(2), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(k) táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí cé is moite de Chaibidil IV (Clárú cineálacha) de Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*+.

---

* Rialachán (AE) /… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí san Aontas, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/2031 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí) (IO …, ELI: …).’;

(2) in Airteagal 3, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(52) ciallaíonn ‘ábhar atáirgthe plandaí’ ábhar atáirgthe plandaí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Rialachán (AE) …/…++’;

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin seo agus cuir isteach san fhonóta comhfhreagrach uimhir, dáta glactha agus tagairt foilseacháin an Rialacháin seo.

++ IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin seo.

(3) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 22a*

Rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla agus le haghaidh gníomhaíocht arna déanamh ag na húdaráis inniúla i ndáil le hábhar atáirgthe plandaí

1. Ar na rialuithe oifigiúla chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (k) a fhíorú, áireofar rialuithe oifigiúla maidir le hábhar atáirgthe plandaí, oibreoirí gairmiúla agus daoine eile atá faoi réir na rialacha sin.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 144, d’fhonn an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha a leagan síos maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar ábhar atáirgthe plandaí chun comhlíonadh rialacha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (k) a fhíorú, ar rialacha iad a bhfuil feidhm acu maidir leis na hearraí sin agus maidir le gníomhaíocht atá le déanamh ag na húdaráis inniúla i ndiaidh na rialuithe oifigiúla sin a bheith déanta.

   Leagfar síos sna gníomhartha tarmligthe sin, rialacha maidir le ceanglais shonracha maidir le feidhmíocht na rialuithe oifigiúla sin i ndáil leis an méid seo a leanas:

   (a) ábhar atáirgthe plandaí a allmhairiú isteach san Aontas, agus é a mhargú san Aontas, ábhar atá faoi réir na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (k) a mhéid a bhaineann lena aitheantas agus lena cháilíocht; agus

(b) gníomhaíochtaí na n-oibreoirí gairmiúla le linn táirgeadh nó margú ábhair atáirgthe plandaí áirithe atá faoi réir na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (k).

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar ábhar atáirgthe plandaí chun comhlíonadh rialacha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (k), a fhíorú, ar rialacha iad a bhfuil feidhm acu maidir leis na hearraí sin agus maidir le gníomhaíocht a dhéanfaidh na húdaráis inniúla i ndiaidh na rialuithe oifigiúla sin, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) íosmhinicíocht aonfhoirmeach na rialuithe oifigiúla sin, i gcás inar gá íosleibhéal rialaithe oifigiúil chun freagairt do rioscaí aonfhoirmeacha aitheanta maidir le neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le hábhar atáirgthe plandaí de thionscnamh nó de bhunáitíocht faoi leith;

(b) minicíocht aonfhoirmeach na rialuithe oifigiúla a dhéanann údaráis inniúla ar oibreoirí atá údaraithe chun deimhniú a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (AE) …/…[+].

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 145(2).

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin seo.

4. Chun críocha Airteagal 30, ceadófar roinnt cúraimí a bhaineann le rialú oifigiúil, dá dtagraítear san Airteagal seo, a tharmligean chuig duine nádúrtha amháin nó níos mó.';

(4) leasaítear Airteagal 144 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 18(7), Airteagal 21(8), Airteagal 41, Airteagal 45(4), Airteagal 47(3), Airteagal 48, Airteagal 50(4), Airteagal 51, Airteagal 53(1), Airteagal 62(3), Airteagal 64(2) agus (5), Airteagal 77(1) agus (2), Airteagal 92(4), Airteagal 99(2), Airteagal 100(6), Airteagal 101(2), Airteagal 126(1), Airteagal 142(1) agus (2), Airteagal 149(2), Airteagal 150(3), Airteagal 154(3), Airteagal 155(3) agus Airteagal 165(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 28 Aibreán 2017. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 22a(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón 28 Aibreán 2027. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an tarmligean cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na chéad tréimhse 5 bliana faoi seach. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Maidir leis an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 18(7), Airteagal 21(8), Airteagal 41, Airteagal 22a(2), Airteagal 45(4), Airteagal 47(3), Airteagal 48, Airteagal 50(4), Airteagal 51, Airteagal 53(1), Airteagal 62(3), Airteagal 64(2) agus (5), Airteagal 77(1) agus (2), Airteagal 92(4), Airteagal 99(2), Airteagal 100(6), Airteagal 101(2), Airteagal 126(1), Airteagal 142(1) agus (2), Airteagal 149(2), Airteagal 150(3), Airteagal 154(3), Airteagal 155(3) agus Airteagal 165(3), féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle í a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.’;

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 18(7), Airteagal 21(8), Airteagal 22a(2), Airteagal 41, Airteagal 45(4), Airteagal 47(3), Airteagal 48, Airteagal 50(4), Airteagal 51, Airteagal 53(1), Airteagal 62(3), Airteagal 64(2) nó (5), Airteagal 77(1) nó (2), Airteagal 92(4), Airteagal 99(2), Airteagal 100(6), Airteagal 101(2), Airteagal 126(1), Airteagal 142(1) nó (2), Airteagal 149(2), Airteagal 150(3), Airteagal 154(3), Airteagal 155(3) nó Airteagal 165(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’.

Airteagal 87

Maolú ar na rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a leagtar síos in Rialachán (AE) 2017/625

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 6, Airteagal 37(4), pointe (e), ná Airteagail 109 go 113 de Rialachán (AE) 2017/625 maidir le rialuithe oifigiúla ná gníomhaíochtaí oifigiúla eile a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Déanfaidh na húdaráis inniúla iniúchtaí ar shaotharlanna oifigiúla dá bhforáiltear in Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2017/625 mura measann siad go bhfuil na hiniúchtaí sin iomarcach ós rud é go bhfíoraíonn an Comhlachas Náisiúnta um Thástáil Síolta an tsaotharlann oifigiúil maidir le hinniúlacht theicniúil saotharlann oifigiúil chun nósanna imeachta tástála síolta a dhéanamh i gcomhréir le Rialacha Idirnáisiúnta an Chomhlachais Náisiúnta um Thástáil Síolta sin agus go reáchtálann sí córas dearbhaithe cáilíochta a chomhlíonann ceanglais Chaighdeáin an Chomhlachais Náisiúnta um Thástáil Síolta.

Caibidil VII

Forálacha críochnaitheacha agus idirthréimhseacha

Airteagal 88

Aisghairmeacha

Aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE agus Cinntí 2003/17/CE agus 2005/834/CE.

Déanfar tagairtí do na gníomhartha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis na táblaí comhghaoil atá in Iarscríbhinn VI.

Airteagal 89

AAP a tháirgtear nó a mhargaítear roimh [dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo]

AAP a tháirgtear nó a mhargaítear roimh an … [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] i gcomhréir leis na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 88 nó i gcomhréir le rialacha náisiúnta, féadfar leanúint dá mhargú go dtí go mbeidh na stoic ídithe, agus an lipéad iomchuí eisithe de bhun na ngníomhartha sin nó de bhun rialacha náisiúnta.

Airteagal 90

Cineálacha a chláraítear de bhun Threoracha 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/55/CE, 2008/62/CE, 2008/90/CE agus 2009/145/CE

1. Cláróidh na húdaráis inniúla ina gcuid clár náisiúnta cineálacha láithreach, le tuairisc oifigiúil nó tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil, de réir mar is infheidhme, na cineálacha uile ar glacadh leo nó a cláraíodh go hoifigiúil roimh an … [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], sna catalóga, sna liostaí, nó sna cláir arna mbunú ag a mBallstát de bhun de bhun Airteagal 5 de Threoir 68/193/CEE, Airteagal 3 de Threoir 2002/53/CE, Airteagal 3(2) de Threoir 2002/55/CE agus Airteagal 7(4) de Threoir 2008/90/CE gan an nós imeachta clárúcháin a leagtar amach i gCaibidil IV, Roinn 3, den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

Cineálacha ar glacadh leo i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir 2008/62/CE agus Airteagal 3(1) de Threoir 2009/145/CE roimh an … [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], clárófar iad láithreach sna cláir náisiúnta cineálacha mar chineálacha caomhantais in éineacht le tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil gan an nós imeachta clárúcháin a leagtar amach i gCaibidil IV, Roinn 3, den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

Féadfar cineálacha ar glacadh leo i gcomhréir le hAirteagal 21 de Threoir 2009/145/CE a chlárú leis an tuairisc ábhartha atá aitheanta go hoifigiúil mar chineálacha arna oiriúnú go logánta arna iarraidh sin don iarratasóir nó don chothabhálaí gan an nós imeachta clárúcháin a leagtar amach i gCaibidil IV, Roinn 3, den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

2. Tosóidh tréimhse chlárúcháin na gcineálacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, gan dochar d'Airteagal 73(1), ar an dáta a cláraíodh iad nó ar glacadh leo de bhun na dTreoracha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. I gcás cineálacha fíniúna, tosóidh an tréimhse chlárúcháin an … [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir leis na clóin roghnaithe a nglactar leo de bhun Airteagal 5 de Threoir 68/193/CEE.

4. Scrúduithe teicniúla ar shainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht cineálacha agus a luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe a thosaigh roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a chur i gcrích i gcomhréir leis na Treoracha ábhartha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Déanfar an cinneadh maidir le clárú cineálacha i gcomhréir le hAirteagail 71 agus 72 den Rialachán seo.

Airteagal 91

Cineálacha speiceas a cláraíodh de bhun rialacha náisiúnta

Cineálacha géineas nó speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn I nach gcumhdaítear leis na Treoracha dá dtagraítear in Airteagal 88 agus atá cláraithe i gclár náisiúnta cineálacha de bhun rialacha náisiúnta roimh an … [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], clárófar iad faoin dáta sin sna cláir náisiúnta cineálacha ábhartha gan an nós imeachta clárúcháin a leagtar amach i gCaibidil IV, Roinn 3, a chur i bhfeidhm.

Airteagal 92

Oibreoirí gairmiúla a cláraíodh roimh an … [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]

De mhaolú ar Airteagal 43(1) agus (2), cláróidh an t-údarás inniúil an t-oibreoir gairmiúil gan a cheangal go gcuirfear isteach iarratas ar chlárú má cláraíodh an t-oibreoir sin i gcomhréir leis na Treoracha dá dtagraítear in Airteagal 88 agus má tá na sonraí uile dá dtagraítear in Airteagal 43(2) ar fáil don údarás inniúil sin. I gcás inarb ábhartha, cuirfidh an t-oibreoir gairmiúil lena mbaineann nuashonrú ar na sonraí sin isteach laistigh de sprioc-am atá le socrú ag an údarás inniúil.

Airteagal 93

Rialacha náisiúnta níos déine a glacadh roimh an … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Déanfaidh gach Ballstát, faoin … [1 bhliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], athbhreithniú ar na bearta arna nglacadh aige de bhun Airteagal 5 de Threoir 66/401/CEE, Airteagal 5 de Threoir 66/402/CEE, Airteagal 7 de Threoir 2002/54/CE, Airteagal 24 de Threoir 2002/55/CE, Airteagal 5 de Threoir 2002/56/CE agus Airteagal 7 de Threoir 2002/57/CE, agus aisghairfidh sé na bearta sin nó leasóidh sé iad chun iad a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais maidir le táirgeadh agus margú a leagtar amach in Airteagail 8 agus 9 den Rialachán seo, nó a ghlactar de bhun na nAirteagal sin.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas i dtaobh na ngníomhaíochtaí sin.

Airteagal 94

Measúnú agus tuairisciú arna ndéanamh ag an gCoimisiún

1. Faoin … [5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 24 agus 26.

2. Déanfar scrúdú sa tuarascáil ar éifeacht na maoluithe atá in Airteagail 24 agus 26 ar an margadh chun AAP a sholáthar d'úsáideoirí gairmiúla. Go háirithe, déanfar scrúdú sa tuarascáil ar cé acu a bhí nó nach raibh úsáid na maoluithe ina cúis le cásanna inar díoladh d'úsáideoirí gairmiúla AAP a bhí beartaithe le haghaidh úsáideoirí neamhghairmiúla nó AAP a malartaíodh i gcomhchineál idir feirmeoirí, agus má bhí, a mhéid a bhí úsáid na maoluithe ina cúis leis sin. Déanfar scrúdú sa tuarascáil sin freisin ar a fhorleithne a d'fhéadfadh sáruithe ar chearta maidir le cineálacha plandaí a bheith.

3. Féadfaidh an tuarascáil, de réir mar is gá dar leis an gCoimisiún, cur i bhfeidhm fhorálacha eile an Rialacháin seo seachas Airteagail 24 agus 26.

4. Beidh an tuarascáil bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar na sonraí atá ar fáil, lena n-áirítear iad siúd arna gcur isteach ag na Ballstáit agus ag oibreoirí gairmiúla nó ag comhlachais.

5. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil, más iomchuí, chun an Rialacháin seo a leasú.

Airteagal 95

Athbhreithniú ar fhorálacha maidir le luach sásúil le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe

1. Tar éis an … [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo móide 10 mbliana], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 53(1), pointe (a), maidir leis an luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe.

2. Ní dhéanfar measúnú sa tuarascáil, i gcás inarb ábhartha, ar an ngá atá le modhnú a dhéanamh ar cholún 4 d'Iarscríbhinn I maidir leis na géinis nó na speicis a bhfuil cineálacha le clárú ina leith ach amháin má léiríonn siad luach sásúil maidir le saothrú agus úsáid inbhuanaithe.

3. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn na tuarascála sin, togra reachtach a thíolacadh chun an Rialachán a leasú.

Airteagal 96

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón … [48 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

I gcás ina dtugann an Rialachán seo cumhachtaí tarmligthe agus cur chun feidhme don Choimisiún, áfach, beidh feidhm ag na forálacha sin ón … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …, …

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN I

GÉINIS AGUS SPEICIS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 2, 7, 29 AGUS 53

1	2	3	4
Géinis nó speicis in aghaidh na húsáide atá beartaithe	Géinis nó speicis nach bhfuil an AAP díobh le táirgeadh ná le margú ach amháin mar shíolta réamhbhunúsacha, bunúsacha nó deimhnithe nó mar ábhar réamhbhunúsach, bunúsach nó deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 7	Géinis nó speicis ar féidir an AAP díobh a tháirgeadh agus a mhargú mar shíolta tráchtála i gcomhréir le hAirteagal 29	Géinis nó speicis a bhfuil luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe éigeantach ina leith i gcomhréir le hAirteagal 53 *Níl sé infheidhme maidir le cineálacha atá beartaithe lena n-úsáid mar scraitheanna féir
Plandaí talmhaíochta			
Agrostis canina L.	X	X	X*
Agrostis capillaris L.	X		X*
Agrostis gigantea Roth	X	X	X*
Agrostis stolonifera L.	X		X*
Alopecurus pratensis L.	X		X*
Arachis hypogaea L.	X	X	X

1	2	3	4
Arrhenatherum elatius (L.) P. Beauv. ex J. Presl & C. Presl	X		X*
Avena nuda L.	X		X
Avena sativa L.	X		X
Avena strigosa Schreb.	X		X
Beta vulgaris L. (partim)	X		X
Biserrula pelecinus L.	X	X	X
Brassica juncea (L.) Czern.	X		X
Brassica napus L. (partim)	X		X
Brassica nigra (L.) W. D. J. Koch	X	X	X
Brassica oleracea L. (partim)	X		X
Brassica rapa L. (partim)	X		X
Bromus catharticus Vahl var. *elatus* (É. Desv.) Planchuelo	X	X	X*
Bromus sitchensis Trin.	X	X	X*
Camelina sativa (L.) Crantz	X	X	X
Cannabis sativa L.	X		X

1	2	3	4
Carthamus tinctorius L.	X		X
Carum carvi L.	X		X
Chenopodium quinoa Willd.	X	X	X
Cicer arietinum L.	X	X	X
Cichorium intybus L. (partim)	X	X	X
Cynodon dactylon (L.) Pers.	X	X	X*
Dactylis glomerata L.	X		X*
Fagopyrum esculentum Moench	X	X	X
Festuca arundinacea Schreb.	X		X*
Festuca filiformis Pourr.	X	X	X*
Festuca ovina L.	X		X*
Festuca pratensis Huds.	X		X*
Festuca rubra L.	X		X*
Festuca trachyphylla (Hack.) Hack.	X	X	X*
Galega orientalis Lam.	X	X	X
Glycine max (L.) Merr. (partim)	X		X

1	2	3	4
Gossypium L.	X		X
Helianthus annuus L.	X		X
Hordeum vulgare L.	X		X
Lathyrus cicera L.	X	X	X
Lathyrus sativus L.	X	X	X
Lens culinaris Medik.	X	X	X
Linum usitatissimum L.	X		X
Lolium multiflorum Lam.	X		X*
Lolium perenne L.	X		X*
Lolium x hybridum Hausskn.	X		X*
Lotus corniculatus L.	X		X
Lupinus albus L.	X		X
Lupinus angustifolius L.	X		X
Lupinus luteus L.	X		X
Medicago doliata Carmign.	X	X	X
Medicago italica (Mill.) Fiori	X	X	X

1	2	3	4
Medicago littoralis Rohde ex Loisel.	X	X	X
Medicago lupulina L.	X	X	X
Medicago murex Willd.	X	X	X
Medicago polymorpha L.	X	X	X
Medicago rugosa Desr.	X	X	X
Medicago sativa L.	X		X
Medicago scutellata (L.) Mill.	X	X	X
Medicago truncatula Gaertn.	X	X	X
Onobrychis viciifolia Scop.	X	X	X
Ornithopus compressus L.	X	X	X
Ornithopus sativus Brot.	X	X	X
Oryza sativa L.	X		X
Panicum miliaceum L.	X	X	X
Papaver somniferum L.	X		X
Phacelia tanacetifolia Benth.	X		X

1	2	3	4
Phalaris aquatica L.	X	X	X*
Phalaris canariensis L.	X	X	X
Phleum nodosum L.	X	X	X*
Phleum pratense L.	X		X*
Pisum sativum L. (partim)	X		X
Plantago lanceolata L.	X	X	X
Poa annua L.	X	X	X*
Poa nemoralis L.	X	X	X*
Poa palustris L.	X	X	X*
Poa pratensis L.	X		X*
Poa trivialis L.	X		X*
Raphanus sativus L. (partim)	X		X
Secale cereale L.	X		X
Sinapis alba L.	X		X
Sorghum bicolor (L.) Moench	X		X

1	2	3	4
Sulla coronaria (L.) B. H. Choi & H. Ohashi	X	X	X
Trifolium alexandrinum L.	X		X
Trifolium fragiferum L.	X	X	X
Trifolium glanduliferum Boiss.	X	X	X
Trifolium hirtum All.	X	X	X
Trifolium hybridum L.	X		X
Trifolium incarnatum L.	X		X
Trifolium isthmocarpum Brot.	X	X	X
Trifolium michelianum Savi	X	X	X
Trifolium pratense L.	X		X
Trifolium repens L.	X		X
Trifolium resupinatum L.	X		X
Trifolium squarrosum L.	X	X	X
Trifolium subterraneum L.	X	X	X
Trifolium vesiculosum Savi	X	X	X
Trigonella foenum-graecum L.	X	X	X

1	2	3	4
Trisetum flavescens (L.) P. Beauv.	X		X*
Triticum aestivum L. subsp. *aestivum*	X		X
Triticum aestivum L. subsp. *spelta* (L.) Thell.	X		X
Triticum durum Desf.	X		X
Vicia benghalensis L.	X	X	X
Vicia ervilia (L.) Willd.	X	X	X
Vicia faba L. (partim)	X		X
Vicia narbonensis L.	X	X	X
Vicia pannonica Crantz	X	X	X
Vicia sativa L.	X		X
Vicia villosa Roth	X		X
x-Festulolium Asch. & Graebn.	X		X*
x-Triticosecale Wittm. ex A. Camus	X		X
Zea mays L. **(**partim**)**	X		X

1	2	3	4
Práta			
Solanum tuberosum L.	X		X
Plandaí glasraí			
Allium cepa L.			
Allium fistulosum L.			
Allium porrum L.			
Allium sativum L.			
Allium schoenoprasum L.			
Anthriscus cerefolium (L.) Hoffm.			
Apium graveolens L.			
Asparagus officinalis L.			
Beta vulgaris L. (partim)			
Brassica napus L. (partim)			
Brassica oleracea L. (partim)			
Brassica rapa L. (partim)			
Capsicum annuum L.			

1	2	3	4
Cichorium endivia L.			
Cichorium intybus L. (partim)			
Citrullus lanatus (Thunb.) Matsum. et Nakai			
Cucumis melo L.			
Cucumis sativus L.			
Cucurbita maxima Duchesne			
Cucurbita moschata Duchesne			
Cucurbita pepo L.			
Cynara cardunculus L.			
Daucus carota L.			
Foeniculum vulgare Mill.			
Glycine max (L.) Merr. (partim)			
Lactuca sativa L.			
Petroselinum crispum (Mill.) Nyman ex A. W. Hill			
Phaseolus coccineus L.			
Phaseolus vulgaris L.			

1	2	3	4
Pisum sativum L. **(**partim**)**			
Raphanus sativus L. **(**partim**)**			
Rheum rhabarbarum L.			
Scorzonera hispanica L.			
Solanum lycopersicum L.			
Solanum melongena L.			
Spinacia oleracea L.			
Valerianella locusta (L.) Laterr.			
Vicia faba L. **(**partim**)**			
Zea mays L. **(**partim**)**			
Plandaí torthaí			
Actinidia Lindl.			
Castanea sativa Mill.			
Citrus L.			
Corylus avellana L.			

1	2	3	4
Cydonia oblonga Mill.			
Ficus carica L.			
Fragaria L.			
Juglans regia L.			
Malus Mill.			
Olea europaea L.			
Pistacia L.			
Prunus armeniaca L.			
Prunus avium (L.) L.			
Prunus cerasus L.			
Prunus domestica L.			
Prunus dulcis (Mill.) D.A. Webb			
Prunus persica (L.) Batsch			
Prunus salicina Lindl**.**			

1	2	3	4
Pyrus L.			
Ribes L.			
Rubus L.			
Vaccinium L.			
Fíniúin			
Vitis L.			X

IARSCRÍBHINN II

Ceanglais maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe agus ábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a tháirgeadh agus a mhargú mar a thagraítear in airteagal 8

CUID A

Ceanglais maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe de phlandaí talmhaíochta agus ghlasraí, agus fíorshíol prátaí a tháirgeadh agus a mhargú

1. Ceanglais maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe de phlandaí talmhaíochta agus glasraí, agus fíorshíol prátaí, a tháirgeadh

A. Síolú nó plandú:

(a) Cinnfidh an t-údarás inniúil nó an t-oibritheoir gairmiúil cineál agus sainaitheantas na síolta arna gcur, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, máthairphlandaí arna bplandú, agus déanfar iad a thaifeadadh chun a inrianaitheacht a áirithiú.

(b) Ní ceadmhach an churaíocht a bheidh déanta roimhe ar an ngort a bheith neamhréireach do tháirgeadh shíolta an speicis agus do chatagóir an bhairr, agus beidh an gort sách saor ó phlandaí, a d'fhéadfadh a bheith ann fós ó churaíocht a rinneadh roimhe (plandaí deonacha).

(c) Déanfar na síolta nó na máthairphlandaí, i gcás inarb infheidhme, a chur nó a phlandú ar bhealach ina mbeidh achar leordhóthanach idir iad agus foinsí pailine den ghéineas céanna nó den speiceas céanna agus ó chineálacha éagsúla, arna chinneadh de réir na saintréithe luibheolaíocha, chun cosaint ar aon phailniú coimhthíoch neamh-inmhianaithe, lena n-áirítear trasphailniú le barra eile, a áirithiú.

(d) I gcás inarb iomchuí, déanfar táirgeadh na síolta ar leithligh ó shaothrú na síolta a bhaineann leis na géinis nó leis na speicis chéanna atá beartaithe chun bia nó beatha a tháirgeadh, chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais nach infheidhme ach amháin maidir leis na síolta lena mbaineann.

(e) Féadfar plandaí a dhíorthaítear ón iomadú *in vitro* a úsáid freisin chun síolta a tháirgeadh.

B. Saothrú sna goirt:

(a) Beidh sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil leordhóthanach ag an mbarr goirt.

Áiritheofar nach mbeidh plandaí de speicis eile, cineálacha eile, nó seach-tíopaí sa ghort. I gcás nach mbeidh sé sin indéanta, de dheasca shaintréithe an speicis lena mbaineann, beidh siad ann ag an leibhéal is ísle is féidir.

I gcás ina bhfuil seach-tíopaí nó speicis plandaí eile ann le linn chéim an tsaothraithe, bainfear iad nó cuirfear cóireáil iomchuí i bhfeidhm.

(b) Déanfar na plandaí a chóireáil nó a eisiamh mar fhoinse AAP i gcás ina bhfuil torthaí dearfacha tástála nó comharthaí amhairc go bhfuil lotnaidí orthu, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 nó i gcás ina bhfuil máchailí orthu.

(c) Déanfar cigireacht oifigiúil ar na barra uile sa ghort nó beidh siad faoi mhaoirseacht oifigiúil ag a gcéimeanna fáis ábhartha, de réir na minicíochta ábhartha agus leis na modhanna ábhartha i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann chun a fhíorú go gcomhlíonann siad na ceanglais faoi seach. Mura mbeidh sé indéanta plandaí neamhchomhlíontacha a bhaint nó a dheighilt le linn na céime fáis, diúltófar don ghort iomlán nó cuid de le haghaidh táirgeadh síolta, nó, i gcás inar féidir, úsáidfear é chun síolta a bhaineann le catagóir nó glúin níos ísle a tháirgeadh, ach amháin más féidir na síolta neamh-inmhianaithe a dheighilt go meicniúil tráth níos déanaí.

C. Buaint agus iarbhuaint:

(a) Buanfar na síolta ar bhealach lena n-áiritheofar a sainaitheantas, a n-íonacht agus a n-inrianaitheacht.

(b) Tógfar sampla síl go hoifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil ó gach luchtóg. Méid an tsampla agus an dlús, trealamh agus modh samplála, beidh siad iomchuí i gcás na speiceas lena mbaineann agus cuirfear san áireamh leo aon chaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme.

(c) Beidh an sampla síl faoi réir na tástála saotharlainne oifigiúla nó na tástála saotharlainne faoi mhaoirseacht oifigiúil, chun comhlíonadh na gceanglas cáilíochta a áirithiú i gcás na speiceas lena mbaineann. Déanfar an tástáil saotharlainne i gcomhréir leis na modhanna, trealamh agus damhnaí fáis is iomchuí i gcás na speiceas lena mbaineann, agus cuirfear san áireamh léi aon chaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme.

2. Ceanglais maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe de phlandaí talmhaíochta agus glasraí, agus fíorshíol prátaí a mhargú

Comhlíonfaidh na síolta na ceanglais cháilíochta seo a leanas, ag brath ar shaintréithe gach géinis nó speicis agus ar an gcatagóir lena mbaineann:

(a) beidh ráta péactha leordhóthanach acu a dhearbhófar trí atástáil tar éis tréimhse iomchuí do na speicis faoi seach;

(b) ní bheidh níos mó ná uaschion ceadaithe síl acu a mheasfar a bheith in ann péacadh ag céim níos déanaí (síolta crua);

(c) beidh íonacht anailíseach leordhóthanach acu agus, i gcás inarb infheidhme, ní beidh níos mó ná an t-uasmhéid ceadaithe ithreach nó ábhair choimhthíoch iontu;

(d) beidh cion taise iomchuí acu;

(e) ní bheidh níos mó ná uaschion ceadaithe síolta de ghéinis nó de speicis eile iontu;

(f) beidh siad saor, geall leis, ó mháchailí suntasacha agus ó dhamáiste suntasach.

CUID B

Ceanglais maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe de phlandaí torthaí agus d'fhíniúnacha a tháirgeadh agus a mhargú

1. Ceanglais maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe de phlandaí torthaí agus d'fhíniúnacha a tháirgeadh

A. Síolú nó plandú:

(a) Is é an t-údarás inniúil nó an t-oibreoir gairmiúil a chinnfidh cineál agus sainaitheantas an ábhair, na máthairphlandaí nó na síolta arna bplandú nó arna gcur, agus déanfar iad a thaifeadadh chun a n-inrianaitheacht a áirithiú.

(b) Déanfar an t-ábhar, na máthairphlandaí nó na síolta agus, i gcás inarb iomchuí, na plandaí pailneora a phlandú nó a chur ar bhealach ina mbeidh achar leordhóthanach idir iad agus plandaí eile den ghéineas céanna nó den speiceas céanna, agus cineálacha éagsúla, arna chinneadh de réir na saintréithe luibheolaíocha, chun cosaint ar aon phailniú coimhthíoch neamh-inmhianaithe, lena n-áirítear trasphailniú le barra eile, a áirithiú.

(c) I gcás inarb iomchuí, déanfar táirgeadh na síolta ar leithligh ó shaothrú na bplandaí a bhaineann leis na géinis nó leis na speicis chéanna atá ceaptha chun bia nó beatha a tháirgeadh, chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais nach infheidhme ach amháin maidir leis na síolta lena mbaineann.

(d) Féadfar plandaí a dhíorthaítear ón iomadú *in vitro* a úsáid freisin chun síolta a tháirgeadh.

B. Saothrú sna goirt:

(a) Déanfar diúscairt ar sheach-tíopaí agus ar mháthairphlandaí agus ar phlandaí pailneora atá míchumtha nó damáistithe ag na céimeanna saothraithe uile chun a áirithiú go gcomhfhreagraíonn na plandaí saothraithe do shainaitheantas an chineáil, nó i gcás plandaí nach mbaineann le cineál, chun a áirithiú go gcomhfhreagraíonn siad do shainaitheantas an speicis lena mbaineann siad, go bhfuil a n-íonacht leordhóthanach agus go bhfuil a dtáirgeadh éifeachtúil.

(b) Déanfar máthairphlandaí agus plandaí pailneora a chóireáil nó a eisiamh mar fhoinse AAP i gcás ina bhfuil torthaí dearfacha tástála nó comharthaí amhairc go bhfuil lotnaidí orthu, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 nó i gcás ina bhfuil máchailí orthu.

(c) Déanfar máthairphlandaí agus plandaí pailneoirí a eisiamh mar fhoinse síolta i gcás ina bhfuil máchailí suntasacha ann ar dócha go ndéanfaidís dochar do cháilíocht na síolta sin.

(d) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, déanfar máthairphlandaí agus plandaí pailneoirí a shaothrú, ar bhealach ina mbeifear in ann síolta a tháirgeadh agus a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an tuairisc oifigiúil nó an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil ar a gcineál. I gcás nach mbainfidh máthairphlandaí agus plandaí pailneora le cineál, bainfidh fíorú na comhlíontachta leis na speicis lena mbaineann na máthairphlandaí agus na plandaí pailneora sin.

(e) Déanfar cigireacht oifigiúil ar mháthairphlandaí agus plandaí pailneora nó beidh siad faoi mhaoirseacht oifigiúil ag a gcéimeanna fáis ábhartha, de réir na minicíochta ábhartha agus leis na modhanna ábhartha i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann chun a fhíorú go gcomhlíonann siad na ceanglais faoi seach.

C. Buaint agus iarbhuaint:

(a) Buanfar na síolta ar bhealach lena n-áiritheofar a sainaitheantas, a n-íonacht agus a n-inrianaitheacht.

(b) Tógfar sampla síl go hoifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil ó gach luchtóg. Sa sampla síl a bheidh le tarraingt ó luchtóg beidh an t-íosmhéid iomchuí chun a chinneadh go comhlíontar na ceanglais cháilíochta i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann. Méid an tsampla agus an dlús, trealamh agus modh samplála, beidh siad iomchuí i gcás na géineas nó na speiceas lena mbaineann agus cuirfear san áireamh leo aon chaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme.

(c) Déanfar an tástáil i gcomhréir leis na modhanna, trealamh agus damhnaí fáis is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann, chun a áirithiú gur comhlíonadh na ceanglais cháilíochta.

2. Ceanglais maidir le síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe de phlandaí torthaí agus d'fhíniúnacha a mhargú

Comhlíonfaidh na síolta na ceanglais cháilíochta seo a leanas, ag brath ar shaintréithe gach géinis nó speicis agus ar an gcatagóir lena mbaineann:

(a) beidh ráta péactha leordhóthanach acu;

(b) beidh siad saor, geall leis, ó mháchailí suntasacha agus ó dhamáiste suntasach;

(c) beidh íonacht anailíseach leordhóthanach acu agus, i gcás inarb infheidhme, ní bheidh níos mó ná uasmhéid ceadaithe ithreach nó ábhair choimhthíoch iontu;

(d) beidh cion taise iomchuí acu;

(e) ní beidh níos mó ná uaschion ceadaithe síolta de ghéinis nó de speicis eile iontu.

CUID C

Ceanglais maidir le hábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe de phlandaí talmhaíochta, glasraí agus torthaí agus d'fhíniúnacha a tháirgeadh agus a mhargú, lena n-áirítear clóin roghnaithe agus ábhar polaclónach

1. Ceanglais maidir le hábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe de phlandaí talmhaíochta, glasraí agus torthaí agus d'fhíniúnacha a tháirgeadh, lena n-áirítear clóin roghnaithe agus ábhar polaclónach

A. Síolú nó plandú:

(a) Is é an t-údarás inniúil nó an t-oibreoir gairmiúil a chinnfidh cineál agus sainaitheantas an ábhair, na máthairphlandaí nó na síolta arna bplandú nó arna gcur, agus déanfar iad a thaifeadadh chun a n-inrianaitheacht a áirithiú.

(b) Déanfar an t-ábhar, na máthairphlandaí nó na síolta, i gcás inarb infheidhme, a phlandú nó a chur ar bhealach lena n-áiritheofar a n-inmharthanacht agus a gcáilíocht le linn an phróisis táirgthe.

(c) I gcás inarb iomchuí, déanfar saothrú an ábhair ar leithligh ó shaothrú ábhair a bhaineann leis na géinis nó leis na speicis chéanna atá ceaptha chun críoch bia nó beatha.

(d) Féadfar plandaí a dhíorthaítear ón iomadú *in vitro* a úsáid freisin chun ábhar a tháirgeadh.

B. Saothrú sna goirt:

(a) Beidh sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil leordhóthanach ag an mbarr goirt.

(b) Déanfar diúscairt ar sheach-tíopaí agus ar mháthairphlandaí agus ábhar damáistithe nó míchumtha ag na céimeanna saothraithe uile.

(c) Déanfar máthairphlandaí agus ábhar a chóireáil nó a eisiamh mar fhoinse AAP i gcás ina bhfuil torthaí dearfacha tástála nó comharthaí amhairc go bhfuil lotnaidí orthu, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 nó i gcás ina bhfuil máchailí orthu.

(d) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, déanfar máthairphlandaí agus ábhar a shaothrú, i ngach céim den fhorbairt, ar bhealach ina mbeifear in ann ábhar a tháirgeadh agus a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an tuairisc oifigiúil nó an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil ar a gcineál, a gclón roghnaithe nó ar a n-ábhar polaclónach. I gcás nach mbainfidh máthairphlandaí agus ábhar le cineál, bainfidh fíorú leis na speicis lena mbaineann na máthairphlandaí agus an t-ábhar sin.

(e) Déanfar cigireacht oifigiúil ar mháthairphlandaí agus ábhar nó beidh siad faoi mhaoirseacht oifigiúil ag a gcéimeanna fáis ábhartha, de réir na minicíochta ábhartha agus leis na modhanna ábhartha i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann chun a fhíorú go gcomhlíonann siad na ceanglais faoi seach.

C. Buaint agus iarbhuaint:

(a) Buanfar an t-ábhar ar bhealach lena n-áiritheofar a chéannacht, a íonacht agus a inrianaitheacht.

(b) Sa sampla a bheidh le tarraingt go hoifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil ó luchtóg beidh an t-íosmhéid iomchuí chun a chinneadh go comhlíontar na ceanglais cháilíochta i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann. Dlús, trealamh agus modh na samplála, beidh siad iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann agus cuirfear san áireamh aon chaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme.

(c) Déanfar an tástáil oifigiúil nó an tástáil faoi mhaoirseacht oifigiúil i gcomhréir leis na modhanna, trealamh agus damhnaí fáis is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann agus cuirfear san áireamh aon chaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme, chun a áirithiú gur comhlíonadh na ceanglais cháilíochta.

2. Ceanglais maidir le hábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe de phlandaí talmhaíochta, glasraí agus torthaí agus d'fhíniúnacha a mhargú, lena n-áirítear clóin roghnaithe agus ábhar polaclónach

Comhlíonfaidh an t-ábhar na ceanglais seo a leanas, ag brath ar shaintréithe gach géinis nó speicis agus ar an gcatagóir lena mbaineann:

(a) beidh spreacadh leordhóthanach agus, i gcás inarb infheidhme, grádú sonrach aige;

(b) beidh sé saor, geall leis, ó mháchailí suntasacha agus ó dhamáiste suntasach.

Déanfar comhdhéanamh an ábhair pholaclónaigh roimh phacáistíocht chríochnaitheach an ábhair sin agus áireofar leis na codanna comhionanna den ábhar ó na géinitíopaí uile lena gcomhdhéantar an t-ábhar polaclónach.

CUID D

Ceanglais maidir le prátaí síl réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe agus ábhar eile de phrátaí a tháirgeadh agus a mhargú

1. Ceanglais maidir le prátaí síl réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe agus ábhar eile de phrátaí a tháirgeadh

A. Síolú nó plandú:

(a) Is é an t-údarás inniúil nó an t-oibreoir gairmiúil a chinnfidh cineál agus sainaitheantas an ábhair, na máthairphlandaí nó na síolta arna bplandú nó arna gcur, agus déanfar iad a thaifeadadh chun a n-inrianaitheacht a áirithiú.

(b) Déanfar an t-ábhar, na máthairphlandaí nó na síolta, i gcás inarb infheidhme, a phlandú nó a chur ar bhealach lena n-áiritheofar a n-inmharthanacht agus a gcáilíocht le linn an phróisis táirgthe.

(c) I gcás inarb iomchuí, déanfar táirgeadh prátaí síl ar leithligh ó shaothrú prátaí atá beartaithe chun críocha bia nó beatha a tháirgeadh.

(d) Féadfar plandaí a dhíorthaítear ón iomadú *in vitro* a úsáid freisin chun prátaí síl nó ábhar eile de phrátaí a tháirgeadh.

B. Saothrú sna goirt:

(a) Beidh sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil leordhóthanach ag an mbarr goirt.

(b) Déanfar diúscairt ar sheach-tíopaí agus ar phlandaí nó tiúbair dhamáistithe nó mhíchumtha ag na céimeanna saothraithe uile.

(c) Déanfar máthairphlandaí agus ábhar a chóireáil nó a eisiamh mar fhoinse AAP i gcás ina bhfuil torthaí dearfacha tástála nó comharthaí amhairc go bhfuil lotnaidí orthu, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 nó i gcás ina bhfuil máchailí orthu.

(d) Le linn na gcéimeanna saothraithe uile, déanfar máthairphlandaí agus ábhar a shaothrú, ar bhealach ina mbeifear in ann ábhar a tháirgeadh agus a fhágfaidh go bhféadfar iad a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann siad an tuairisc oifigiúil nó an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil ar a gcineál.

(e) Déanfar cigireacht oifigiúil ar mháthairphlandaí agus ábhar nó beidh siad faoi mhaoirseacht oifigiúil ag a gcéimeanna fáis ábhartha, de réir na minicíochta ábhartha agus leis na modhanna ábhartha chun a fhíorú go gcomhlíonann siad na ceanglais faoi seach.

C. Buaint agus iarbhuaint:

(a) Buanfar na prátaí síl ar bhealach lena n-áiritheofar a sainaitheantas agus a n-inrianaitheacht.

(b) Tógfar sampla tiúbar go hoifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil ó gach luchtóg. Méid an tsampla agus an dlús, trealamh agus modh samplála, beidh siad iomchuí chun comhlíonadh na gceanglas cáilíochta a chinneadh agus cuirfear san áireamh leo aon chaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme. Féadfar an sampla a thógáil ón ngort freisin.

(c) Déanfar tástáil oifigiúil saotharlainne, nó tástáil saotharlainne faoi mhaoirseacht oifigiúil, agus amharc-chigireacht ar na samplaí tiúbair chun comhlíonadh na gceanglas cáilíochta a áirithiú. Déanfar an tástáil saotharlainne i gcomhréir leis na modhanna, trealamh agus damhnaí fáis is iomchuí i gcás na bprátaí agus cuirfear san áireamh léi aon chaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme.

2. Ceanglais maidir le prátaí síl síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe agus ábhar eile de phrátaí a mhargú

Comhlíonfaidh na prátaí síl agus ábhar eile de phrátaí, ag brath ar an gcatagóir lena mbaineann, na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh spreacadh leordhóthanach, toise shainithe agus grádú sonrach acu;

(b) beidh siad saor, geall leis, ó mháchailí suntasacha agus ó dhamáiste suntasach.

CUID E

Ceanglais maidir le hábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a tháirgeadh agus a mhargú arb ábhar é a tháirgtear leis an iomadú *in vitro*

1. Ceanglais ghinearálta maidir le hábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a tháirgeadh, arb ábhar é a tháirgtear leis an iomadú *in vitro*

A. Saothrán fíocháin *in vitro*

Is é an t-údarás inniúil nó an t-oibreoir gairmiúil a chinnfidh cineál agus sainaitheantas an ábhair *in vitro* nó *in vivo*, de réir mar is infheidhme, agus déanfar an méid sin a thaifeadadh chun a inrianaitheacht a áirithiú.

B. An táirgeadh *in vitro*

(a) An t-ábhar de thionscnamh an ábhair dá dtagraítear faoi phointe A, táirgfear leis an iomadú *in vitro* é.

(b) Beidh an líon timthriallta iomadaithe *in vitro* a dhéanfar i ndiaidh a chéile srianta, de réir mar is iomchuí, i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann.

(c) Déanfar an t-ábhar a shaothrú, i ngach céim den fhorbairt, ar bhealach ina mbeifear in ann é a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann sé an tuairisc oifigiúil nó an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil ar a gcineál. I gcás nach féidir an tuairisc oifigiúil ná an tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil a úsáid mar gheall ar chéim fáis ar leith an phlanda, féadfar teicnící bithcheimiceacha agus bith-mhóilíneacha nó modhanna teicniúla eile a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 8(4), pointe (i), nó sampla d'ábhar a cuireadh *in vivo* a úsáid. I gcás nach mbainfidh ábhar le cineál, bainfidh fíorú na comhlíontachta leis na speicis lena mbaineann an t-ábhar sin.

(d) Déanfar cigireacht oifigiúil ar an ábhar nó déanfar cigireacht faoi mhaoirseacht oifigiúil air de réir na minicíochta ábhartha agus leis na modhanna ábhartha i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann chun a fhíorú go gcomhlíonann sé na ceanglais faoi seach.

(e) Sa sampla a bheidh le tarraingt go hoifigiúil nó faoi mhaoirseacht oifigiúil ó luchtóg beidh an t-íosmhéid iomchuí chun a chinneadh go comhlíontar na ceanglais cháilíochta i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann. Dlús, trealamh agus modh na samplála, beidh siad iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann agus cuirfear san áireamh aon chaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme.

(f) Déanfar an tástáil oifigiúil nó an tástáil faoi mhaoirseacht oifigiúil i gcomhréir leis na modhanna, trealamh agus damhnaí fáis is iomchuí i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann agus cuirfear san áireamh aon chaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme.

2. Ceanglais maidir le hábhar réamhbhunúsach, bunúsach agus deimhnithe a mhargú arb ábhar é a tháirgtear leis an iomadú *in vitro*

Comhlíonfaidh an t-ábhar *in vitro* na ceanglais seo a leanas, ag brath ar shaintréithe gach géinis nó speicis agus ar an gcatagóir lena mbaineann:

(a) bainfidh sé leis an gcineál, agus i gcás nach mbainfidh ábhar le cineál, leis an speiceas lena mbaineann;

(b) beidh spreacadh leordhóthanach, toise shainithe agus, i gcás inarb infheidhme, grádú sonrach aige;

(c) beidh sé saor, geall leis, ó mháchailí suntasach agus ó dhamáiste suntasach.

IARSCRÍBHINN III

Ceanglais maidir le síolta caighdeánacha agus ábhar caighdeánach a tháirgeadh agus a mhargú mar a thagraítear in airteagal 9

CUID A

Ceanglais maidir le síolta caighdeánacha de phlandaí talmhaíochta agus glasraí, agus fíorshíol prátaí a tháirgeadh agus a mhargú

1. Ceanglais maidir le síolta caighdeánacha de phlandaí talmhaíochta agus glasraí, agus fíorshíol prátaí a tháirgeadh

A. Síolú nó plandú:

(a) Déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil cineál agus sainaitheantas na síolta arna gcur, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, máthairphlandaí arna bplandú, a chinneadh agus a thaifeadadh chun a n-inrianaitheacht a áirithiú.

(b) Ní ceadmhach an churaíocht a bheidh déanta roimhe ar an ngort a bheith neamhréireach do tháirgeadh shíolta an speicis agus do chineál an bhairr, agus beidh an gort sách saor ó phlandaí a d'fhéadfadh a bheith ann fós ó churaíocht a rinneadh roimhe (plandaí deonacha).

(c) Déanfar na síolta nó na máthairphlandaí, i gcás inarb infheidhme, a chur nó a phlandú ar bhealach ina mbeidh achar leordhóthanach idir iad agus foinsí pailine den ghéineas céanna nó den speiceas céanna agus cineálacha éagsúla, arna chinneadh de réir na saintréithe luibheolaíocha, chun cosaint ar aon phailniú coimhthíoch neamh-inmhianaithe, lena n-áirítear trasphailniú le barra eile, a áirithiú.

(d) I gcás inarb iomchuí, déanfar táirgeadh na síolta ar leithligh ó shaothrú na síolta a bhaineann leis na géinis nó leis na speicis chéanna atá ceaptha chun bia nó beatha a tháirgeadh, chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais nach infheidhme ach amháin maidir leis na síolta lena mbaineann.

(e) Féadfar plandaí a dhíorthaítear ón iomadú *in vitro* a úsáid freisin chun síolta a tháirgeadh.

B. Saothrú sna goirt:

(a) Beidh sainaitheantas cineáil agus íonacht cineáil leordhóthanach ag an mbarr goirt.

Áiritheofar nach mbeidh plandaí de speicis eile, de chineálacha eile, nó de sheachtíopaí sa ghort. I gcás nach mbeidh sé sin indéanta de bharr shaintréithe an speicis lena mbaineann, beidh siad ann ag an leibhéal is ísle is féidir.

I gcás ina bhfuil seach-tíopaí nó speicis plandaí eile ann le linn chéim an tsaothraithe, bainfear iad nó cuirfear cóireáil iomchuí i bhfeidhm.

(b) Déanfar na plandaí a chóireáil nó a eisiamh mar fhoinse AAP i gcás ina bhfuil torthaí dearfacha tástála nó comharthaí amhairc go bhfuil lotnaidí orthu, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 nó i gcás ina bhfuil máchailí orthu.

(c) Déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil na barra uile sa ghort a sheiceáil ag a gcéimeanna fáis ábhartha agus de réir na minicíochta ábhartha i gcás na ngéineas nó na speiceas lena mbaineann chun a fhíorú go gcomhlíonann siad na ceanglais faoi seach.

C. Buaint agus iarbhuaint:

(a) Buanfar na síolta ar bhealach lena n-áiritheofar a sainaitheantas, a n-íonacht agus a n-inrianaitheacht.

(b) Tógfaidh an t-oibreoir gairmiúil sampla síl ó gach luchtóg agus déanfar tástáil air chun comhlíonadh na gceanglas cáilíochta le haghaidh na speiceas lena mbaineann a áirithiú. Méid an tsampla agus an dlús, trealamh agus modh samplála, beidh siad iomchuí i gcás na speiceas lena mbaineann agus cuirfear san áireamh leo aon chaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme.

2. Ceanglais maidir le síolta caighdeánacha de phlandaí talmhaíochta agus glasraí, agus fíorshíol prátaí, a mhargú

Comhlíonfaidh na síolta na ceanglais cháilíochta seo a leanas, ag brath ar shaintréithe gach géinis nó speicis lena mbaineann:

(a) beidh ráta péactha leordhóthanach acu a dhearbhófar trí atástáil tar éis tréimhse iomchuí do na speicis faoi seach;

(b) ní bheidh níos mó ná uaschion ceadaithe síl acu a mheasfar a bheith in ann péacadh ag céim níos déanaí (síolta crua);

(c) beidh íonacht anailíseach leordhóthanach acu, agus, i gcás inarb infheidhme, ní bheidh níos mó ná uasmhéid ceadaithe ithreach nó ábhair choimhthíoch iontu;

(d) beidh cion taise iomchuí acu;

(e) ní bheidh níos mó ná uaschion ceadaithe síolta de ghéinis nó de speicis eile iontu;

(f) beidh siad saor, geall leis, ó mháchailí suntasacha agus ó dhamáiste suntasach.

CUID B

Ceanglais maidir le síolta caighdeánacha de phlandaí torthaí agus d'fhíniúnacha a tháirgeadh agus a mhargú

1. Ceanglais maidir le síolta caighdeánacha de phlandaí torthaí agus d'fhíniúnacha a tháirgeadh

A. Síolú nó plandú:

(a) Déanfaidh an t-oibreoir gairmiúil cineál agus sainaitheantas an ábhair, na máthairphlandaí nó na síolta arna gcur a chinneadh agus a thaifeadadh chun a n-inrianaitheacht a áirithiú.

(b) Déanfar an t-ábhar, na máthairphlandaí nó na síolta agus, i gcás inarb iomchuí, na plandaí pailneora a phlandú nó a chur ar bhealach ina mbeidh achar leordhóthanach idir iad agus plandaí eile den ghéineas céanna nó den speiceas céanna agus cineálacha éagsúla, arna chinneadh de réir na saintréithe luibheolaíocha, chun cosaint ar aon phailniú coimhthíoch neamh-inmhianaithe, lena n-áirítear trasphailniú le barra eile, a áirithiú.

